



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Feabhra 2018
(OR. en)

5846/18

**Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0332 (COD)**

**ENV 59
SAN 50
CONSOM 24
CODEC 134**

TOGRA

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	1 Feabhra 2018
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2017) 753 final
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine (athmhúnlú)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2017) 753 final.

Faoi iamh: COM(2017) 753 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.2.2018
COM(2017) 753 final

2017/0332 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
maidir le cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine (athmhúnlú)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2017) 448 final} - {SWD(2017) 449 final} - {SWD(2017) 451 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Formhór na ndaoine atá ina gcónaí san Aontas Eorpach, tá rochtain an-mhaith acu ar uisce óil ar ardcháilíocht, go háirithe i gcomparáid le réigiúin eile ar fud an domhain. Is amhlaidh an cás i ngeall ar an traidisiún fada a bhaineann le huisce óil a bhainistiú ina lán Ballstát, ach is amhlaidh sin freisin a bhuíochas mór do reachtaíocht chomhshaoil agus maoiniúchán an Aontais Eorpaigh¹. Ó bhí na 1980í ann, chuir an tAontas rialacha i bhfeidhm lena gceanglaítear dianseiceálacha ar shábháilteacht an uisce. Is é an bhrí atá leis sin go ndéantar fuíolluisce uirbeach a bhailiú agus a chóireáil, go ndéantar astaíochtaí tionsclaíocha a bhainistiú go sábháilte, go gceadaítear úsáid ceimiceán faoi choinníollacha diana agus go gcuirtear cur chuige iomlánaíoch i bhfeidhm chun comhlachtaí uisce a bhainistiú thar theorainneacha. Leanadh ar aghaidh de bheith ag cur feabhas ar bhainistiú uisce nuair nach rabhthas ábalta infheistíochtaí móra tosaigh, nó tosaíochtaí a bhí in iomaíocht le chéile, a chur i bhfeidhm laistigh de na hamlínte a comhaontaíodh agus tá an Coimisiún agus na Ballstáit ag déanamh iarracht chomhpháirteach anois le chéile chun na rialacha a chur chun feidhme a luaithe is féidir².

Tá píosa amháin reachtaíochta, Treoir 98/83/CE ón gComhairle maidir le cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine³, nach mór béim ar leith a leagan uirthi ós rud é gurb é is cuspóir di go sonrath daoine a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha a bhaineann le huisce éillithe a ól trína áirithiú go bhfuil sé glan folláin. Tríd is tríd, chuir na Ballstáit an Treoir chun feidhme go measartha maith, ach tá paraiméadair á n-úsáid a cinneadh níos mó ná 20 bliain ó shin chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an uisce ag an bpointe tomhaltais. Ní mór scrúdú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an Treoir ag déileáil go héifeachtach leis an mbrú atá ann cheana nó leis an mbrú a thiofadh chun cinn agus an bhfuil sé á áirithiú leis an Treoir go bhféadfaidh daoine atá ina gcónaí, nó ar cuairt, i mBallstáit an Aontais Eorpaigh leanúint de bheith ag úsáid uisce óil ar ardcháilíocht ar feadh na mblianta fada amach romhainn.

Is follasach, dá bhrí sin, gur rithábhachtach lena lán Eorpach an t-uisce óil. Ba é an t-uisce óil fócas an chéad tionscnaimh riamh ó na saoránaigh, is é sin 'Right2Water'⁴, lenar bailíodh níos mó ná 1.8 milliún síniú agus ba é rud é ar thug an Coimisiún freagra dearfach air. Cuireadh an tionscadal faoi bhráid an Choimisiúin i Nollaig 2013, agus moladh go háirithe '*EU institutions and Member States be obliged to ensure that all inhabitants enjoy the right to water and sanitation*' [go mbeadh oibleagáid ar institiúidí agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh

¹ Ó thaobh seirbhísí uisce de, ba mhór an cuidiú iad na cistí ón mbeartas comhtháthaithe chun riar ar na bunriachtanais sin a bhí ag roinnt Ballstát. Sa tréimhse 2014-2020, déanfar EUR 14.8 billiún a infheistiú in earnáil an uisce mar gheall ar an mbeartas comhtháthaithe san Aontas Eorpach. I measc na dtorthaí eile a bhfuil súil leo, cuirfear soláthar uisce feabhsaithe ar fáil do níos mó ná 12 mhilliún duine.

² Mar a léiríodh sa timthriall is déanaí den Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme an Bheartais Comhshaoil agus atá ar fáil ag: http://ec.europa.eu/environment/eir/index_en.htm

³ Treoir 98/83/CE ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine (IO L 330, 5.12.1998, lch. 32).

⁴ Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh Right2Water: <http://www.right2water.eu/>.

a áirithiú go mbainfidh gach saoránach leas as an gceart chun uisce agus sláintíochta] agus ‘the EU increase its efforts to achieve universal access to water and sanitation’ [go gcuirfeadh an tAontas Eorpach lena chuid iarrachtaí chun rochtain uilíoch ar uisce agus sláintíocht a bhaint amach]. Sa fhreagra uaidh⁵, d’iarr an Coimisiún ar na Ballstáit gach ar féidir leo a dhéanamh chun a áirithiú go mbeadh rochtain ag gach duine ar sholáthar íosta uisce. Tá sé sin i gcomhréir go hiomlán le Clár Oibre 2030, go háirithe le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 6 agus an sprioc ghaolmhar chun ‘achieve universal and equitable access to safe and affordable drinking water for all’ [rochtain uilíoch chothrom ar uisce óil sábháilte atá ar phraghas réasúnta a bhaint amach do chách], a glacadh in 2015⁶. Thug an Coimisiún gealltanas chomh maith go ndéanadh sé athbhreithniú ar an Treoir a cuireadh isteach dá thoradh sin sa Chlár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála de chuid an Choimisiúin (REFIT)⁷. Is obair a leanann as an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh 'Right2Water' atá sa togra seo, dá bhrí sin.

Tá an t-athbhreithniú mar chuid den phlean chun aistriú go geilleagar ciorclach⁸. Is cuidiú do na Ballstáit é an togra athbhreithnithe chun uisce óil a bhainistiú ar bhonn tíosach inbhuanaithe, rud a chuirfidh le húsáid fuinnimh agus caillteanas uisce neamhriachtanach a laghdú dá bhrí sin. Is cuidiú é chun líon na mbuidéal plaisteach a úsáidimid a laghdú freisin trí mhuintín daoine as uisce ón sconná (uisce buacaire) a fheabhsú.

Chuir an Coimisiún tús leis an bpróiseas sin trí mheastóireacht a dhéanamh ar an Treoir ar dtús, i gcomhréir leis na prionsabail maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁹. Foilsíodh torthaí na meastóireachta an 1 Nollaig 2016¹⁰ agus chuidigh siad láidreachtaí agus laigí na Treorach a shainnithint. Dhearbhagh siad gur tábhachtach an uirlis í an Treoir chun ardcháilíocht an uisce arna thomhailt san Aontas Eorpach a chinntiú mar gurb é is bunchuspóir don Treoir é a fhorfheidhmiú go ndéanfar faireachán ar uisce óil agus a áirithiú go n-athbhunóidh na Ballstáit leibhéil riachtanacha na cáilíochta uisce i gcás fadhbanna.

Sa mheastóireacht, sainnithníodh ceithre réimse, áfach, a d’fhéadfaí a fheabhsú tuilleadh:

- liosta na bparaiméadar;
- an cur chuige rioscabhunaithe a úsáid;
- Trédhearcacht ar shaincheisteanna a bhaineann le huisce agus rochtain a bheith ag tomhaltóirí ar eolas atá cothrom le dáta; agus
- ábhair a bhíonn i dteagmháil le huisce óil.

Sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra, breathnaíodh ar an tsaincheist a ardaíodh sa tionscadal ó na saoránaigh agus sna comhairliúcháin, is é sin nach bhfuil rochtain ar bith ag

⁵ COM(2014)177 final.

⁶ Rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015 “Transforming our world: [I mbun athraithe:] the 2030 Agenda for Sustainable Development” [Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe].

⁷ Clár Oibre an Choimisiúin 2015 (COM(2014) 910 final).

⁸ COM(2015) 614 final.

⁹ https://ec.europa.eu/info/better-regulation-guidelines-and-toolbox_ga

¹⁰ Doiciméad Inmheánach Oibre faoi Mheastóireacht de chuid REFIT a rinneadh ar an Treoir maidir le hUisce Óil 98/83/CE SWD(2016) 428 final.

sciár den phobal, mar shampla ag grúpaí leochaileacha imeallaithe amhail na Romaigh go háirithe, ar uisce óil. Ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe tionchair, tugtar freagraí comhréireacha ar na saincheisteanna sin sa togra reachtach seo.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is athmhúnlú ar Threoir 98/83/CE a leasaíodh in 2003, 2009 agus 2015 é an togra seo. Ar mhaithe le soiléireacht, meastar gur iomchuí é athmhúnlú a dhéanamh ar an Treoir. Tá sé i gcomhréir leis an ngealltanas a tugadh i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016¹¹ úsáid a bhaint as teicníc reachtach an athmhúnlaithe chun modhnú a dhéanamh ar reachtaíocht atá ann cheana.

Ar an iomlán, tá an togra comhsheasmhach leis an reachtaíocht seanbhunaithe atá ag an Aontas i réimse an uisce, go háirithe an Chreat-Treoir Uisce¹², an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí¹³, an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh¹⁴ agus an Treoir maidir le Níotráití¹⁵. Go sonrach, comhlánaíonn an togra Airteagal 6, Airteagal 7 agus Airteagal 8 den Chreat-Treoir Uisce a bhaineann leis na ceanglais maidir le dobharlaigh a shainaithint agus faireachán a dhéanamh ar na dobharlaigh sin a úsáidtear chun uisce óil a astarraingt agus maidir le limistéir faoi chosaint ina bhfuil na dobharlaigh sin a ainmniú. Ina theannta sin, comhlánaíonn sé Airteagal 11 den Treoir sin, lena gceanglaítear ar na Ballstáit cláir beart a bhunú agus bearta ina measc sin arb é is aidhm dóibh na limistéir ina n-astarraingítear uisce óil a chosaint.

Meastar gur ‘bia’ faoi Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia¹⁶ é an t-uisce tar éis an phointe comhlíontachta. Mar sin de, moltar go ndéanfaí na forálacha maidir le ‘uisce a chuirtear i mbuidéil nó i gcoimeádáin agus atá beartaithe a dhíol’ a eisiáimh ó raon feidhme Threoir 98/83/CE, mar go dtiocfaidh aon uisce óil atá i mbuidéil faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 tar éis an phointe comhlíontachta.

Maidir le catagóirí sonracha uisce a chuirtear i mbuidéil, díolmhaítear uiscí mianraí nádúrtha ó raon feidhme na Treorach seo i gcomhréir le Treoir 2009/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa

¹¹ An Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

¹² Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

¹³ Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (IO L 164, 25.6.2008, lch. 56).

¹⁴ Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40).

¹⁵ Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1).

¹⁶ Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

agus ón gComhairle¹⁷. I gcomhréir leis an tríú fómhír d'Airteagal 9(4) de Threoir 2009/54/CE, áfach, ba cheart d'fhíorúiscí forálacha na Treorach seo a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ba cheart fíorúiscí a fhágáil faoi raon feidhme na Treorach seo.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

An t-athbhreithniú a rinneadh ar Threoir 98/83/CE, áiríodh i gClár Oibre an Choimisiúin 2017 é mar thionscnamh nua¹⁸ a chuideoidh le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach. Tá eilimintí sa togra a thacaíonn le huisce óil a bhainistiú ar bhonn tíosach inbhuanaithe agus laghdófar an tomhaltas uisce i mbuidéil dá bharr. Tá sé sin comhsheasmhach le hiarrachtaí an Aontais Eorpaigh chun astaíochtaí gás ceaptha teasa agus bruscar muirí a laghdú¹⁹ agus leis an Straitéis Eorpach maidir le hábhar plaisteach²⁰.

Cuireann an togra seo leis an iarracht freisin chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus chun beartais a cheapadh atá chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir, i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Rialáil Níos Fearr²¹. Dá dtabharfaí na caighdeáin cothrom le dáta agus dá mbainfí úsáid as cur chuige níos iomlánaíche i leith bainistiú rioscaí, ba mhór an cuidiú iad sin earnáil uisce an Aontais Eorpaigh a choinneáil iomaíoch freisin agus an nuálaíocht a spreagadh. Is é is aidhm don togra próisis faireacháin agus tuairiscithe a shimpliú, agus fócas á chur ar uathobriú, gan a oiread céanna tuarascálacha a chur amach agus sonraí a bheith níos ábhartha. Tá sé sin i gcomhréir le cur chuige an Aontais Eorpaigh maidir le Rialáil Níos Fearr agus leis an tSeiceáil Oiriúnachta don Tuairisciú agus don Fhaireachán²². Beidh forálacha, lena bhfeabhsófar an rochtain a bheidh ag saoránaigh ar fhaisnéis faoina gcuid uisce óil, i gcomhréir le Straitéis an Choimisiúin maidir leis an Margadh Digiteach²³.

Beidh an togra ina chuidiú freisin cuspóir tosaíochta 3 den 7^ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol go dtí 2020 a bhaint amach: *'To safeguard the Union's citizens from environment-related pressures and risks to health and well-being'* [Saoránaigh an Aontais a chosaint ar an mbrú a thagann ón gcomhshaol agus ar rioscaí a bhaineann le sláinte agus leas an duine]²⁴. Baineann sé le cuspóir tosaíochta 4 freisin lena gceanglaítear go mbeidh rochtain

¹⁷ Treoir 2009/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le huisce mianraí a shaothrú agus a mhargú (Athmhúnlú) (IO L 164, 26.6.2009, lch. 45).

¹⁸ Clár Oibre an Choimisiúin 2017 (COM(2016) 710 final).

¹⁹ Ár nAigéin, Ár bhFarraigí agus Ár gCóstaí: http://ec.europa.eu/environment/marine/good-environmental-status/descriptor-10/index_en.htm

²⁰ Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2018)28 final an 16.01.2018 *'A European Strategy for Plastics in a Circular Economy'* [Straitéis Eorpach maidir le hÁbhar Plaisteach i nGeilleagar Ciorclach]

²¹ Teachtaireacht ón gCoimisiún *'Better Regulation: Delivering better results for a stronger Union'* [Rialáil Níos Fearr: Torthaí níos fearr a bhaint amach le haghaidh Aontas níos láidre], COM(2016)615 final.

²² Seiceáil Oiriúnachta don Tuairisciú agus don Fhaireachán maidir le reachtaíocht chomhshaoil: http://ec.europa.eu/environment/legal/reporting/fc_overview_en.htm agus COM(2017) 312 final: http://ec.europa.eu/environment/legal/reporting/pdf/action_plan_env_issues.pdf.

²³ Straitéis maidir leis an Margadh Digiteach: <https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/policies/shaping-digital-single-market>

²⁴ Cinneadh Uimh. 1386/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 ar Chlár Ginearálta Gníomhaíochta don Chomhshaol de chuid an Aontais go dtí 2020 *"Living well, within the limits of our planet"* (IO L 354, 28.12.2013, lch. 171).

ag an bpoibál ar eolas soiléir faoin gcomhshaol ar bhonn náisiúnta. Chun na críche sin, tá crostagairtí sa togra agus ráthaítear go mbeidh an togra comhsheasmhach le ceanglais Threoir 2003/4/CE²⁵ agus le Treoir INSPIRE²⁶.

Má scriostar na rialacha maidir le hábhair a bhíonn i dteagmháil le huisce óil (Airteagal 10 de Threoir 98/83/CE), áiríteofar go mbeidh an Treoir níos comhsheasmhaí leis an reachtaíocht maidir leis an margadh inmheánach agus, go háirithe, leis an Rialachán um Tháirgí Foirgníochta²⁷. Ba é an tátal a baineadh as an measúnú tionchair go bhfágann an t-airteagal atá ann faoi láthair, a bhfuil aitheantas frithpháirteach idir na Ballstáit le tuiscint as agus atá ina neamhchinnteacht dhlíthiúil, gur féidir leis a bheith ina bhac leis an margadh inmheánach. Moltar cuid de na hoibleagáidí a bhíodh in Airteagal 10 de Threoir 98/83/CE roimhe seo a chur in airteagal nua maidir le measúnú riosca a dhéanamh ar an gcóras dáileacháin baile agus gur ceart, ag an am céanna, sainordú maidir le caighdeánú a eisiúint faoin Rialachán um Tháirgí Foirgníochta chun go leagfar amach na ceanglais is infheidhme maidir le hábhair agus táirgí foirgníochta a bhíonn i dteagmháil le huisce óil. Ní fhéadfar deireadh a chur le bacainní teicniúla ar tháirgí foirgníochta ach amháin trí shonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe a bhunú chun feidhmíocht táirgí foirgníochta a mheasúnú, agus is gá, dá bhrí sin, na sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe a bhunú agus a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* de bhun Rialachán (AE) Uimh. 305/2011.

Tugtar aghaidh ar ghnéithe slándála faoi bheartais eile de chuid an Aontais, go háirithe Treoir (AE) 2016/1148 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann slándála do líonraí agus do chórais faisnéise ar fud an Aontais²⁸ ('Treoir NIS'). I mí Dheireadh Fómhair 2017, ghlac an Coimisiún Plean Gníomhaíochta chun dlús a chur leis an ullmhacht, an teacht aniar agus an comhordú ar leibhéal an Aontais in éadan ionsaithe a mbaineann ábhair cheimiceacha, bhitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléacha (CBRN) leo.

Ar deireadh, tá an togra ag freagairt don tionscnamh ó na saoránaigh trína chur de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag grúpaí leochaileacha agus imeallaithe ar uisce. Beidh sé ina chuidiú freisin chun beartas an Aontais Eorpaigh maidir le lánpháirtiú na Romach a chur chun feidhme faoi chuimsiú Chreat AE do Straitéisí Náisiúnta maidir le Lánpháirtiú na Romach²⁹ agus an Mholta ón gComhairle maidir le bearta éifeachtacha chun Romaigh a lánpháirtiú sna Ballstáit³⁰.

²⁵ Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

²⁶ Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

²⁷ Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle (IO L 88, 4.4.2011, lch. 5).

²⁸ Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann slándála do líonraí agus do chórais faisnéise ar fud na Aontais (IO L 194, 19.7.2016, lch. 1).

²⁹ COM(2011) 173 final.

³⁰ Moladh (2013/C 378/01) ón gComhairle an 9 Nollaig 2013 maidir le bearta éifeachtacha chun Romaigh a lánpháirtiú sna Ballstáit (IO C 378, 24.12.2013, lch. 1).

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (sean-Airteagal 130s den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh). Is ionann an bunús dlí sin agus bunús dlí na Treorach atá á hathmhúnlú.

• Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)

Tá inniúlacht chomhroinnte ag an Aontas Eorpach leis na Ballstáit chun an comhshaol agus an tsláinte a rialáil in earnáil an uisce. Is é an bhrí atá leis sin nach bhféadfaidh an tAontas Eorpach reachtaíocht a thabhairt isteach ach amháin a mhéid a cheadaítear dó leis na Conarthaí, agus ní mór dó prionsabail an riachtanais, na coimhdeachta agus na comhréireachta a urramú.

Déanfar cuspóirí na Treorach, is é sin le rá sláinte an duine a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha a ghabhann le héilliú aon uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine, a bhaint amach trí íoschaighdeáin cháilíochta a shocrú ar leibhéal an Aontais agus íoscheanglais a shocrú maidir le faireachán, tuairisciú, rochtain ar uisce, trédhearcacht agus gníomhaíocht feabhais i gcás nach gcomhlíonfar na caighdeáin sin. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cén gníomh nithiúil (mar shampla, cineál beart feabhais, cláir faireacháin iarbhír) atá siad ag iarraidh a dhéanamh.

Rinneadh athbhreithniú ar an Treoir ar dtús mar gheall ar an tionscnamh ó na saoránaigh ‘Right2Water’ a fuair tacaíocht ó níos mó ná 1.8 milliún sínitheoir. Sa fhreagra a thug Parlaimint na hEorpa ar an tionscnamh sin³¹ agus ar ghealltanais an Aontais Eorpaigh seasamh le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe³², d’iarr sí beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun an rochtain ar uisce óil a áirithiú. Leagtar rialacha ginearálta amach ar leibhéal an Aontais mar sin sa togra seo, faoi chuimsiú shainordú chumhachtaí an Aontais Eorpaigh, agus prionsabal na coimhdeachta á urramú ina iomláine, ach beidh lamháil discréide ag na Ballstáit maidir lena chinneadh cén chaoi a bhféadfar an oibleagáid a chur i bhfeidhm chun an rochtain ar uisce óil sábháilte a fheabhsú.

Ar deireadh, dearbhaíodh freisin sa mheastóireacht REFIT go bhfuil fiúntas breise leis an reachtaíocht maidir le huisce óil ar leibhéal an Aontais ó tharla go bhféadfadh sí, le himeacht aimsire, a bheith ina cuidiú mór chun cáilíocht an uisce a chomhchuibhiú ar fud na hEorpa. Léirítear é sin, mar shampla, sna Ballstáit, go háirithe sna Ballstáit bheaga, nach mbíonn na hacmhainní ná an saineolas ar leith i gcónaí acu, nuair a bhíonn súil acu leis go leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag leagan síos na bparaiméadar micreabhithéolaíoch agus ceimiceach is gá agus na luachanna ábhartha le haghaidh uisce óil. D’áitigh a lán páirtithe leasmhara freisin gurb iad bearta an Aontais Eorpaigh is fearr chun dul i ngleic leis na guaiseacha sláinte atá ag teacht chun cinn san uisce.

³¹ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Meán Fómhair 2015 maidir leis an obair a leanfaidh as an tionscnamh ó na saoránaigh ‘Right2Water’.

³² *The Sustainable Development Goals* [Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe], An Coimisiún Eorpach (2017): https://ec.europa.eu/europeaid/policies/sustainable-development-goals_en

De bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta a leagtar amach sa Treoir, is fearr a bhainfear amach a cuspóirí ar leibhéal an Aontais ná ar leibhéal an Bhallstáit.

- **Comhréireacht**

Tá níos mó sonraí faoi chomhréireacht agus cost-éifeachtacht na roghanna atá sa togra reachtach seo tugtha sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis. Ar an iomlán, léiríodh ann gurb iad seo a leanas na bearta is oiriúnaí agus is cost-éifeachtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh ar leibhéal an Aontais le linn athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir:

- (a) an liosta paraiméadar sa Treoir a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis na fionnachtana eolaíochta is déanaí agus an cur chuige rioscabhunaithe a thabhairt isteach i leith mórsholáthraithe agus mionsoláthraithe uisce;
- (b) rialacha a fheabhsú maidir le trédhearcacht agus leis an rochtain ag tomhaltóirí ar eolas atá cothrom le dáta;
- (c) tuairisciú a fheabhsú agus a shimpliú;
- (d) bacainní a bhaint a chuireann cosc ar shaorthrádáil ábhar a bhíonn i dteagmháil le huisce óil;
- (e) an rochtain ar uisce óil sábháilte a fheabhsú.

- **An rogha ionstraime**

Déantar Treoir 98/83/CE a leasú go suntasach leis an togra seo agus cuirtear a lán forálacha nua inti. Ar mhaithe le soiléireacht, moltar úsáid a bhaint as modh an athmhúnlaith. Ós rud é gur Treoir í an ionstraim atá á hathmhúnú, fágtar, ar mhaithe le comhsheasmhacht sa reachtaíocht agus chun trasú an ghnímh a éascú do na Ballstáit, gur le haghaidh Treorach an togra seo freisin.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Rinne an Coimisiún meastóireacht ar fheidhmíocht Threoir 98/83/CE os coinne cúig chritéar:

- éifeachtacht;
- éifeachtúlacht;
- comhleanúnachas;
- ábharthacht; agus
- breisluach don Aontas Eorpach.

Cuireadh an mheastóireacht i gcrích díreach roimh an measúnú tionchair a dhéanamh, agus na réimsí deacrachta a sainaitníodh sa mheastóireacht, léirítear i sainmhínithe na bhfadhbanna, agus sna roghanna beartais, sa mheasúnú tionchair iad.

Ba é an tátal a baineadh as an meastóireacht go bhfuil an Treoir *éifeachtach* maidir lena cuspóirí a bhaint amach agus gur cuidiú í sláinte an duine a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha a ghabhann le héilliú aon uisce trína áirithiú go mbeidh ardleibhéal comhlíontachta ag na luachanna paraiméadracha. Ina ainneoin sin, tá tábhacht na rátaí comhlíontachta rud beag teoranta ós rud é gur rátaí comhlíontachta iad a dhéantar a thomhas ar bhonn paraiméadar atá as dáta go pointe áirithe. Fuarthas amach freisin go bhfágтар an iomarca solúbthachta ag na Ballstáit maidir lena chinneadh cad é an rud ‘beartha riachtanacha’ in Airteagal 10 den Treoir (ábhair a bhíonn i dteagmháil le huisce óil). Mar thoradh air sin, bhíodh tástálacha agus rialuithe breise á gcur i gcrích nuair a bhíodh táirge á chur ar mhargadh Ballstáit eile, rud a d'fhág go raibh an fhoráil mí-éifeachtach.

San anailís a rinneadh ar *éifeachtúlacht* measadh go raibh an costas iomlán chun uisce óil a sholáthar san Aontas Eorpach in 2014 cothrom le thart ar EUR 46.5 billiún. Is féidir EUR 8.3 billiún den mhéid sin a chur i leith chur chun feidhme na Treorach. Ós rud é nárbh fhéidir na buntáistí sláinte mar thoradh ar an Treoir seo a chainníochtú³³, tugadh le fios sa mheastóireacht gur mó go mór na buntáistí inchurtha iomlána ná na costais inchurtha iomlána. Níor aimsíodh aon fhorálacha a d'fhágfadh go mbeadh costais riaracháin iomarcacha ann maidir le faireachán, soláthar faisnéise agus tuairisciú. Tugadh le fios gurb í an tsolúbthacht faoi Airteagal 10 de Threoir 98/83/CE (mar a míníodh thuas), agus í sin amháin, atá ina hualach mór nach gá ar earnáil na tionsclaíochta.

Tá tábhacht ar leith le *comhleanúnachas* Threoir 98/83/CE agus na Creat-Treorach Uisce mar gur cuid Bhunriachtanach de na pleananna agus na bearta faoin gCreat-Treoir Uisce é acmhainní uisce óil a chosaint. Is é an phríomhchúis nach bhfuil aon tagairt i dTreoir 98/83/CE do chosaint acmhainní uisce a úsáidtear chun uisce óil a astarraingt gur tháinig an Treoir sin amach roimh an gCreat-Treoir Uisce. Ní mór an lúb ar lár sin a cheartú chun a áirithiú go gcuirfean an prionsabal gurb é údar an truailithe a íocfaidh as, agus prionsabal an réamhchúraim, i bhfeidhm araon. Dá bhrí sin, beidh an Treoir ina cuidiú chun feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas idir an dá Threoir tríd an gcur chuige rioscabhunaithe a chur i bhfeidhm ón áit a n-astarraingítear an t-uisce go dtí an áit a scaoiltear an t-uisce ón sconn, agus feabhas a chur ar mhalartú faisnéise agus teachtaireachtaí idir údarais na mBallstát agus soláthraithe uisce chun a áirithiú go mbeidh timthriall rialúcháin iomlán i bhfeidhm maidir le huisce.

Maidir le *hábharthacht*, fuarthas amach ón meastóireacht nach bhfuil na luachanna paraiméadracha a leagtar amach i dTreoir 98/83/CE oiriúnach níos mó mar nach bhfuil siad ag teacht leis an dul chun cinn eolaíoch, le measúnuithe riosca níos fearr, le hiompar athraithe na dtomhaltóirí ná le brúnna nua ón gcomhshaol.

Is é an *breisluach* a fhaigheann an tAontas Eorpach as Treoir 98/83/CE go n-áirithíonn sí an leibhéal céanna cosanta ar fud an Aontais Eorpaigh maidir le sláinte an duine a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha a ghabhann le héilliú aon uisce. Mar fhianaise starógach, chonacthas níos lú teagmhas tromchúiseach maidir le huisce óil san Aontas Eorpach ná mar a chonacthas

³³ Sa Mheasúnú Tionchair, fuarthas amach gur féidir athróga ionadacha a úsáid le haghaidh cainníochtú.

i réigiúin eile an domhain, ach ní féidir a léiriú gur de thoradh Treoir 98/83/CE a bheith ann a bhí sin amhlaidh.

Sainaithníodh na réimsí seo a leanas sa mheastóireacht mar réimsí atá le feabhsú:

- liosta na bparaiméadar;
 - easpa cur chuige rioscabhunaithe;
 - easpa trédhearcachta agus easpa rochtana ag tomhaltóirí ar eolas atá cothrom le dáta; agus
 - ábhair a bhíonn i dteagmháil le huisce óil.
- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Reachtóireacht Níos Fearr³⁴, rinneadh roinnt gníomhaíochtaí comhairliúcháin.

- Comhairliúchán poiblí oscailte ar bhonn ceistneoir ar líne

Tar éis an tionscnaimh ó na saoránaigh maidir leis an gceart ar uisce (Right2Water)³⁵, chuir an Coimisiún comhairliúchán poiblí oscailte maidir le cáilíocht uisce óil i gerích, idir Meitheamh agus Meán Fómhair 2014, i ngach teanga. Fuair an comhairliúchán 5 908 freagra agus 138 dtuairim agus bpáipéar seasaimh ó na príomhpháirtithe leasmhara. Ina theannta sin, i Meán Fómhair 2014 agus i nDeireadh Fómhair 2015, thionól an Coimisiún cruinnithe le páirtithe leasmhara chun an trédhearcacht agus an tagarmharcáil a phlé.

- Comhairliúcháin phoiblí spriocdhírthe

Reáchtáil an Coimisiún trí chomhdháil phoiblí spriocdhírthe chun dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara: i mBealtaine 2015 don mheastóireacht REFIT, i Nollaig 2015 don mheasúnú tionchair, agus i Meán Fómhair 2016 don athbhreithniú a rinneadh ar chaighdeán an uisce óil. Chuathas i gcion ar raon leathan de pháirtithe leasmhara, mar shampla údaráis náisiúnta agus réigiúnacha, ionadaithe earnáil na tionsclaíochta, comhlachais ghnó agus cuideachtaí, agus saineolaithe. Tháinig líon mór tuairimí chun solais sna comhdhálacha agus bhí an Coimisiún in ann labhairt go díreach leis na páirtithe leasmhara. Eisíodh doiciméid oibre nó ceistneoirí sonracha do na comhdhálacha go léir, agus cuireadh gach cur i láthair agus na miontuairiscí go léir, mar aon le liosta na rannpháirtithe, ar fáil go poiblí³⁶.

³⁴ Go sonrach, sásanna 10 agus 50 maidir leis an gcomhairliúchán poiblí ar an idirlíon a mhair 12 sheachtain agus le cineálacha cur chuige agus uirlisí comhlántacha chun a chur i gcion ar na páirtithe leasmhara go léir páirt a ghlacadh ann agus díriú ar bhearnaí faisnéise a d'fhéadfadh a bheith ann, rud a rinneadh sna comhairliúcháin ina dhiaidh sin a díriodh ar na páirtithe leasmhara.

³⁵ Tionscnamh ó na Saoránaigh Right2Water: <http://www.right2water.eu/>.

³⁶ Cruinniú an 23 Meán Fómhair 2016: <https://circabc.europa.eu/w/browse/c8a02539-ab12-48b6-9367-38e40cafd6cb>; Cruinniú an 26 Bealtaine 2015: <https://circabc.europa.eu/w/browse/ca2f82a5-20ab-4106-9c44-7b67a911ac2f>; agus Cruinniú an 8 Nollaig 2015: <https://circabc.europa.eu/w/browse/3fccab4b-812d-46be-8efe-1f866cf556c5>.

- **Sásra aiseolais REFIT**

Tar éis an 'Measúnú Tionchair Tosaigh' a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin maidir le Rialáil Níos Fearr an 28 Feabhra 2017, tugadh am go dtí an 28 Márta 2017 do pháirtithe leasmhara aiseolas a thabhairt faoin doiciméad sin.

- **Comhairliúcháin bhreise**

Ar roinnt ócáidí eile, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoin athbhreithniú agus d'iarr sé orthu trácht a dhéanamh, mar shampla in Eanáir 2016 ag Seimineár Paramount maidir le huisce óil a chosaint agus a raibh freastal maith air, nó i gcaibidlí le linn cruinnithe éagsúla de ghrúpaí saineolaithe. Chun a áirithiú go raibh an próiseas chomh trédhearcach agus ab fhéidir, cuireadh na doiciméid go léir a bhain le hábhar agus a úsáideadh chun an t-athbhreithniú a dhéanamh, mar an staidéar tacaíochta a ghabh leis an measúnú tionchair, ar fáil go poiblí³⁷.

Is léir go raibh a lán tacaíochta ann leis an liosta paraiméadar a thabhairt cothrom le dáta agus a athbhreithniú. Sa chomhairliúchán poiblí, bhí formhór mór i bhfabhar an liosta, lena n-áirítear comhdhúile réabtha iontálach, substaintí arna n-úsáid i dtáirgí tomhaltais agus i gcógais, ach níor aontaigh a lán saineolaithe teicniúla leis sin. Bhí formhór na bpáirtithe leasmhara i bhfabhar cur chuige rioscabhunaithe a chur chun feidhme ar fud an Aontais Eorpaigh. Dá ainneoin sin, bhí siad ag iarraidh a áirithiú go mbeadh na Ballstáit solúbtha go leor maidir leis sin. Thug raon de pháirtithe leasmhara a n-aird go leanúnach ar an ngá atá le comhchuíbhiú maidir le hábhair agus táirgí a bhíonn i dteagmháil le huisce óil.

Tháinig teachtaireacht láidir chun cinn ón gcomhairliúchán poiblí, go háirithe ó shaoránaigh, go rabhthas ag iarraidh go mbeadh níos mó faisnéise cothrom le dáta le fáil ar líne maidir le cáilíocht an uisce óil. Bíonn inní ar thomhaltóirí faoin uisce ón sconná nuair a bhíonn siad thar lear san Aontas Eorpach agus, cé go bhfuil na rátaí comhlíontachta ard, bíonn an-drogall orthu é a ól. Cuireadh tuairimí éagsúla in iúl i dtaobh ar cheart rialacha maidir le rochtain ar uisce a chur sa Treoir. Na páirtithe leasmhara a bhí ina choinne sin, chuir siad an argóint chun tosaigh go mbeadh rochtain ar uisce lasmuigh de raon feidhme na Treorach agus gur cheart dul i ngleic leis sin faoi reachtaíocht AE eile, nó in áit eile.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an togra reachtach agus an measúnú tionchair bunaithe ar chorpas mór ábhair agus staidéir, dá dtagraítear sa Doiciméad Inmheánach Oibre maidir leis an Measúnú Tionchair.

I Nollaig 2015, seoladh tionscadal comhair le hOifig Réigiúnach na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) don Eoraip chun tacú le hathbhreithniú a dhéanamh ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/83/CE (liosta de pharaiméadair atá le cur san áireamh sa Treoir). Tugadh an tionscadal i gcrích i samhradh 2017³⁸. Tá níos mó sonraí faoi mholtaí an tionscadail sin, agus faoin gcaoi ar baineadh úsáid astu i dtogra seo an Choimisiúin, i Roinn 5 'Eilimintí Eile'.

³⁷ <https://circabc.europa.eu/w/browse/4fea449b-0b66-4f0f-b934-0177cae4d7e2>

³⁸ http://ec.europa.eu/environment/water/water-drink/review_en.html

Páirtithe seachtracha a coimisiúnaíodh chun athbhreithniú na Treorach a mheasúnú, chuir siad roinnt staidéir i gcrích. Áirítear ar na staidéir sin:

- *a Material Guidance for Users and Plumbers*[Treoracha faoi Ábhair le haghaidh Úsáideoirí agus Pluiméirí]³⁹
- *the Study Report on Products and Materials in contact with Drinking Water*⁴⁰ [An Tuarascáil Staidéir maidir le Táirgí agus Ábhair a bhíonn i dteagmháil le hUisce Óil] agus
- *the Impact Assessment Study* [An Staidéar maidir leis an Measúnú Tionchair]⁴¹.

Sa Staidéar maidir leis an Measúnú Tionchair a rinne páirtithe seachtracha neamhspleácha, baineadh úsáid as uirlis samhaltaithe chun roghanna beartais agus pacáistí beartais tosaíochta a mheasúnú.

• **Measúnú tionchair**

Tá an togra bunaithe ar mheasúnú tionchair ar chuir an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála de chuid an Choimisiúin tuairim dhearfach in iúl ina thaobh ar chuntair áirithe⁴² an 23 Meitheamh 2017. Tugadh aghaidh ar na saincheisteanna a d'ardaigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála sa leagan athbhreithnithe den Doiciméad Inmheánach Oibre maidir leis an Measúnú Tionchair agus déantar cur síos i gcaibidil ar leith ar na hathruithe a rinne an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tar éis dó a thuairim a thabhairt. Bunaithe ar an meastóireacht, ar na comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara agus ar an tionscnamh ó na saoránaigh 'Right2Water', ceapadh líon áirithe roghanna beartais chun dul i ngleic le gach ceann de na réimsí deacrachta a sainaithníodh. Sa mheasúnú tionchair, scrúdaíodh na roghanna chun a chinneadh cé chomh fada agus a d'fhéadfaidís cuidiú leis an Treoir a cuspóir uileghabhálach a bhaint amach agus sláinte tomhaltóirí a chosaint, mar aon leis na himpleachtaí airgeadais, agus an tionchar ar an gcomhshaol, a bheadh ag na roghanna éagsúla go dtí 2050. Tá na torthaí ar fáil sa Staidéar ar an Measúnú Tionchair agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre maidir leis an Measúnú Tionchair.

Is iad atá sna cúig rogha beartais:

- roghanna chun liosta paraiméadar na Treorach a chur in oiriúint do na caighdeáin is nua tríd an liosta a fhadú nó a ghiorrú;
- an cur chuige rioscabhunaithe a ghlacadh le haghaidh mórsholáthraithe agus mionsoláthraithe uisce ;
- caighdeáin a chomhchuíbhiú maidir le hábhair a bhíonn i dteagmháil le huisce óil;
- feabhas a chur ar an rochtain ag tomhaltóirí ar fhaisnéis atá cothrom le dáta agus faireachán níos fearr a dhéanamh ar chur chun feidhme; agus
- roghanna chun rochtain ar uisce a thabhairt.

³⁹ <http://publications.europa.eu/s/c6vG>.

⁴⁰ [https://circabc.europa.eu/d/a/workspace/SpacesStore/0b93e708-5e20-4c35-8fbd-8554a87e7cb5/09 %20-%201.1 %20Study%20Report%20-%20Products-Materials%20in%20contact%20with%20Drinking%20Water.pdf](https://circabc.europa.eu/d/a/workspace/SpacesStore/0b93e708-5e20-4c35-8fbd-8554a87e7cb5/09%20-%201.1%20Study%20Report%20-%20Products-Materials%20in%20contact%20with%20Drinking%20Water.pdf).

⁴¹ <http://publications.europa.eu/s/c6vH>.

⁴² http://ec.europa.eu/environment/water/water-drink/review_en.html

Mar gheall ar na hanailísí agus an rangú a rinneadh ar na roghanna ina dhiaidh sin, rinneadh amach gur teaghlaim de na roghanna éagsúla é an bealach is fearr le dul i ngleic, go fadtéarmach, leis na réimsí deacrachta go léir a sainaitníodh sa mheastóireacht. Le teaghlaim de na roghanna, áiritheofar an méid seo a leanas:

- uisce óil ar ardcháilíocht do gach duine san Aontas Eorpach. Tabharfar cosaint do dhaoine freisin ar na guaiseacha do shláinte an duine atá ag teacht chun cinn ach liosta na bparaiméadar atá bunaithe ar mholtaí EDS a thabhairt cothrom le dáta agus a fheabhsú.
- cur chuige níos nua-aimseartha i leith faireachán a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an gcur chuige rioscabhunaithe do mhórsholáthraithe agus do mhionsoláthraithe uisce;
- na forálacha maidir le tuairisciú a nuachóiriú, agus a shimpliú dá réir sin;
- faisnéis atá cothrom le dáta agus ábhartha a chur ar fáil do thomhaltóirí;
- an rochtain ar uisce a fheabhsú, agus rochtain ar uisce a thabhairt do ghrúpaí leochaileacha agus imeallaithe.

Rangaíodh na roghanna agus ceapadh trí phacáiste beartais. Ba iad na pacáistí tosaíochta iad dhá cheann acu (pacáiste 2 agus pacáiste 3) ó thaobh na sláinte agus an chomhshaoil de. Tá údar maith leis an méadú beag ar chostais an dá phacáiste agus is mó na buntáistí sláinte ná an méadú beag sin. Tá freagraí sa dá phacáiste beartais i dtaca leis na ceithre réimse atá le feabhsú agus a sainaitníodh sa mheastóireacht. Le pacáiste beartais 3, cuirtear feabhas suntasach freisin ar chás shaoránaigh sin an Aontais nach bhfuil nasctha le córas dáileacháin uisce ó tharla go dtugtar aghaidh – i rogha ar leith – ar cheist na rochtana ar uisce a sainaitníodh sa tionscnamh ó na saoránaigh ‘Right2Water’ agus i Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 6. Cumhdófar leis an rogha ar leith seo sraith beart chun an rochtain ar uisce a fheabhsú, agus is dócha go ndearnadh rómheastachán ar na costais bhunaithe bhreise a bhaineann leis an rogha sin ó tharla go bhfuiltear – in éagmais sonraí atá níos cruinne – ag déanamh talamh slán de go gcuirfí córais chóireála ar leithligh ar fáil do na saoránaigh nach bhfuil nasctha le córas dáileacháin uisce.

Dá bhrí sin, rinneadh an cinneadh gur cheart don togra reachtach seo na buntáistí atá le pacáiste beartais 3 a choinneáil trí oibleagáid ghinearálta a thabhairt isteach chun an rochtain ar uisce a fheabhsú do gach duine agus rochtain a áirithiú do ghrúpaí leochaileacha agus imeallaithe, agus an rogha a fhágáil ag na Ballstáit maidir leis an mbealach is fearr a chinneadh leis an rochtain ar uisce a fheabhsú agus cásanna áitiúla ar leith á gcur san áireamh acu. Glactar leis gur saoire i bhfad na bearta sonracha sin a chur chun feidhme ná córais mhalartacha a chur ar fáil don leathchuid de na saoránaigh nach bhfuil nasctha le córas dáileacháin uisce (mar a ghactar leis i bpacáiste beartais 3).

Tá sé sin i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta mar go mbeidh lamháil mhór discréide ag na Ballstáit maidir le cén chaoi a n-áiritheofar rochtain níos fearr ar uisce cé go leagtar amach an prionsabal ginearálta ar leibhéal an Aontais.

Go praiticiúil, is é an bhrí atá leis sin go mbeidh costais agus tionchair an togra idir EUR 5.9 billiún (pacáiste beartais 2) agus EUR 7.3 billiún (pacáiste beartais 3). Is iad na hoibreoírí uisce is mó a sheasfaidh na costais sin. Bheadh méadú beag le seasamh ag

tomhaltóirí ar a gcostais teaghlaigh. Níl an baol leis sin, áfach, nach mbeadh daoine in ann íoc as uisce óil agus d'fhéadfaí é sin a chúiteamh trí dhaoine a bheith ag ól uisce ón sconná in ionad uisce i mbuidéil.

Measadh nach mbeadh ach costas fánach nó laghdaithe i gceist leis na costais riaracháin a bheadh ar na húdaráis náisiúnta a sheasamh. Mar shampla, mar gheall ar na ceanglais shimplithe maidir le tuairisciú, bheadh titim EUR 0.35 milliún ar na costais oibriúcháin bhliantúla.

Bheadh tionchar dearfach ar an gcomhshaol ag an dá phacáiste beartais mar go nglactar leis go laghdófaí an tomhaltas uisce i mbuidéil de réir mar a thiocfadh fás ar an muinín a bheadh ag tomhaltóirí as an uisce ón sconná. Spreagfaí é sin a thuilleadh trí rochtain níos fearr ar fhaisnéis atá cothrom le dáta a thabhairt do gach tomhaltóir. Thairis sin, dá gcuirfí de cheangal ar mhórsholáthraithe agus ar mhionsoláthraithe uisce úsáid a bhaint as an gcur chuige rioscabhunaithe, laghdófaí an gá a bheadh le cóireáil, agus bheadh coigilteas fuinnimh ann agus scaoilfí níos lú ceimiceán isteach sa chomhshaol dá bharr sin. Mar gheall ar an gcur chuige rioscabhunaithe, chuirfí feabhas ar chóireáil an truailithe ag an bhfoinse agus chuirfí an prionsabal i bhfeidhm gurb é údar an truailithe a íocfaidh as.

Dá gcuirfí de cheangal ar na Ballstáit feabhsú agus leibhéal áirithe rochtana ar uisce a chur ar fáil, ba dhearfach an chéim chun tosaigh é na spriocanna atá i Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 6 a bhaint amach. Bheadh fo-éifeacht dhearfach aige sin freisin maidir le poist a chruthú.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Maidir leis na roghanna go léir a scrúdaíodh sa mheasúnú tionchair, bheadh tionchar beag acu ar an ualach riaracháin nó laghdóidh siad é dáiríre, go háirithe mar gurb iad na hoibreoírí uisce, ní na húdaráis náisiúnta, a sheasfaidh formhór na gcostas. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus nósanna imeachta a shimpliú, cuireann an togra seo leis an measúnú tionchair trí oibleagáidí náisiúnta maidir le tuairisciú chuig an gCoimisiún a laghdú go suntasach. In ionad a chur de cheangal ar na Ballstáit tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ní bheidh orthu tacair shonraí ina mbeidh a dtorthaí faireacháin a bhunú ach amháin nuair a rachaidh siad thar na paraiméadair sa Treoir seo. Beidh orthu faisnéis bhreise a chur ar fáil freisin amhail measúnuithe riosca. Táthar ag súil le EUR 0.35 milliún a spáráil in aghaidh na bliana.

Chun prionsabal na comhréireachta a urramú, beidh níos mó ama ag na mionsoláthraithe uisce ná na mórsholáthraithe agus na hollsoláthraithe uisce an cur chuige rioscabhunaithe a chur chun feidhme. Chun nach gcuirfear mionsoláthraithe uisce faoi ualach rómhór, ní bheidh orthu faisnéis ar líne atá cothrom le dáta a thabhairt chomh rialta céanna le mórsholáthraithe agus ollsoláthraithe.

Ar deireadh, de bharr na bhforálacha atá beartaithe maidir le faisnéis do thomhaltóirí agus trédhearcacht, tá an togra 'réidh don idirlíon' trína chur de cheangal ar sholáthraithe uisce úsáid chuimsitheach a bhaint as modhanna digiteacha chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi cháilíocht agus faoi ghuaiseacha maidir le huisce óil.

- **Cearta bunúsacha**

Mar a luadh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an tionscnamh ó na saoránaigh ‘*Tá an ceart ag cách ar uisce agus ar shláintíocht!* [*Tá uisce ann ar mhaithe leis an phobal, ní haon tráchtarra é!* ⁴³, is é rud go bhfuil rochtain ar uisce óil sábháilte agus sláintíocht dlúthnasctha leis an gceart chun beatha agus dínit an duine, mar a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh⁴⁴, agus leis an ngá atá le caighdeán maireachtála ceart. Leag an Coimisiún béim ar an tábhacht atá leis an ngné a bhaineann le cearta an duine maidir leis an rochtain ar uisce óil sábháilte agus thug sé gealltanais go n-áiritheodh sé go bhfanfadh an ghné sin i gcoilár a chuid Beartas.

Le deich mbliana anuas, aithníodh sa dlí idirnáisiúnta gur ceart iad uisce óil sábháilte agus sláintíocht, go príomha ar leibhéal na Náisiún Aontaithe⁴⁵. Aithnítear i Rún 64/292 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ‘*the right to safe and clean drinking water and sanitation as a human right that is essential for the full enjoyment of life and all human rights*’ [an ceart chun uisce glan sábháilte agus sláintíocht mar cheart daonna atá bunriachtanach chun tairbhe iomlán a bhaint as an mbeatha agus na cearta daonna go léir]. Ar a bharr sin, sa doiciméad deiridh ó Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe 2012 (Rio+20), rinne Ceannairí Stáit agus Rialtais agus ionadaithe ardleibhéil a dtiomantais a athdhearbhú ‘*regarding the human right to safe drinking water and sanitation, to be progressively realised for [their] populations with full respect for national sovereignty*’⁴⁶ [maidir le ceart daonna chun uisce óil sábháilte agus sláintíocht atá le baint amach de réir a chéile ar mhaithe lena bpobail agus an cheannasacht náisiúnta á hurramú go hiomlán]. Athdhearbhaíodh na tiomantais sin in 2015 nuair a thug Ceannairí Stáit gealltanais go gcuirfidís Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 6, agus an sprioc ghaolmhar, i bhfeidhm faoi 2030 chun ‘*achieve universal and equitable access to safe and affordable drinking water for all*’ [rochtain uilíoch chothrom ar uisce óil sábháilte atá ar phraghas réasúnta a bhaint amach do chách].

Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, d'fhógair Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa ‘*that access to water must be recognised as a fundamental human right because it is essential to life on earth and is a resource that must be shared by humankind*’⁴⁷[gur cheart rochtain ar uisce a aithint mar bhuncheart daonna mar go bhfuil sé bunriachtanach don saol agus gur acmhainn é nach mór don chine daonna a chomhroinnt]. Rinne an tAontas Eorpach a athdhearbhú freisin ‘*all States bear human rights obligations regarding access to safe drinking water, which must be available, physically accessible, affordable and acceptable*’⁴⁸ [go bhfuil oibleagáidí maidir le cearta daonna ar gach Stát a bhaineann le rochtain ar uisce óil

⁴³ COM(2014)177.

⁴⁴ IO C 326, 26.10.2012, lch. 391.

⁴⁵ Rún 64/292 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 3 Lúnasa 2010 agus Rún 7/22 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 28 Márta 2008 agus Rún 15/9 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 6 Deireadh Fómhair 2010.

⁴⁶ <http://www.un.org/en/sustainablefuture/>.

⁴⁷ Rún 1693/2009 ó Thionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa.

⁴⁸ Dearbhú ón Ardionadaí, Catherine Ashton, thar ceann an Aontais Eorpaigh chun Lá Domhanda an Uisce a chomórath (Doic. 7810/10), an 22 Márta 2010.

sábháilte, nach mór a bheith ar fáil agus inrochtana go hiarbhír agus ar phraghas réasúnta agus inghlactha].

Chuir an Coimisiún an méid sin go léir san áireamh nuair a bhí sé ag obair ar a fhreagra chuig an tionscnamh ó na saoránaigh ‘Right2Water’ agus maidir leis an togra reachtach seo.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl impleachtaí buiséadacha don Choimisiún Eorpach ag baint leis an togra seo. Táthar ag súil leis gur féidir é a chur chun feidhme i gcomhréir leis na leithdháiltí don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus nach bhfuil gá le hacmhainní breise.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Beifear ag súil le mórsholáthraithe uisce an cur chuige rioscabhunaithe a chur chun feidhme laistigh de thrí bliana agus tabharfar sé bliana do na mionsoláthraithe uisce.

Déanfar athbhreithniú ar na hIarscríbhinní go tráthrialta i bhfianaise an dul chun cinn eolaíoch agus theicniúil. Chun go bhféadfar dhá thimthriall iomlána 6 bliana a chur ar fáil, déanfar meastóireacht ar an Treoir 12 bhliain tar éis a trasuite.

Moladh líon táscairí chun a áirithiú go mbainfidh an Treoir a cuspóir amach sláinte an duine a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha a bhaineann le huisce éillithe a ól agus feabhas a chur ar réimsí eile ina bhfuarthas nach raibh an Treoir ag feidhmiú chomh héifeachtach céanna. Bainfear úsáid astu sin chun meastóireachtaí a dhéanamh amach anseo agus forbrófar iad i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus cuirfear torthaí ón tSeiceáil Oiriúnachta⁴⁹ don tuairisciú agus don fhaireachán maidir le reachtaíocht chomhshaoil san áireamh. Is iad seo a leanas na táscairí:

- an líon ‘teagmhas’ (i.e. cásanna ina bhféadfadh sláinte an duine a bheith i mbaol) agus cásanna ina ndeachthas thar na huasteorainneacha san Aontas Eorpach. Sa chóras nua tuairiscithe, iarrfar ar na Ballstáit tuairisciú ar na teagmhais sin ar bhonn níos éifeachtaí agus ar na réitigh a chuirfear i gcrích;
- an líon daoine san Aontas Eorpach a bhfuil rochtain acu ar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine;
- tionchair fhadtéarmacha ar an tsláinte mar gheall ar cháilíocht an uisce óil — ní mór staidéir eipidéimeolaíocha bhreise a dhéanamh i gcomhar le saineagraíocht amhail EDS;
- na ceanglais maidir le trédhearcacht agus íosmhéid faisnéise atá ar fáil ar líne, mar shampla na rátaí sceite sna córais soláthair uisce. Dá bhrí sin, is féidir anailís

⁴⁹ Seiceáil Oiriúnachta don Tuairisciú agus don Fhaireachán maidir le reachtaíocht chomhshaoil: http://ec.europa.eu/environment/legal/reporting/fc_overview_en.htm agus COM(2017) 312 final: http://ec.europa.eu/environment/legal/reporting/pdf/action_plan_env_issues.pdf.

chórasach a dhéanamh ar an méid a chuirfear chun feidhme agus ar an méid a ghnóthófar.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

I bhfianaise raon feidhme an togra agus toisc gur athmhúnlú é ar threoir atá ann cheana (Treoir 98/83/CE) agus atá trasuite ina hiomláine ag na Ballstáit uile, níl údar maith le doiciméid mhíniúcháin faoin trasuí a éileamh nó níl sé comhréireach é sin a dhéanamh.

- **Míniúchán mionsonraithe ar an gcaoi ar cuireadh san áireamh moltaí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) a bhaineann le paraiméadair agus luachanna paraiméadracha don togra**

Tá na luachanna paraiméadracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/83/CE bunaithe den chuid is mó ar Threoirlínte ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte maidir le huisce óil. Tugtar na Treoirlínte sin cothrom le dáta go tráthrialta agus rinneadh iad a leasú go deireanach go luath in 2017 leis an gcéad aguisín a ghabhann leis an gceathrú heagrán⁵⁰.

Nuair a glacadh an Treoir in 1998, bhí difríochtaí ann cheana féin idir na Treoirlínte ó EDS agus Treoir 98/83/CE, difríochtaí i dtaobh na paraiméadar féin, agus leibhéil na bparaiméadar sin, a leagan amach. Mar shampla:

- ní áirítear ar na Treoirlínte ó EDS caighdeáin maidir le grúpa na lotnaidicídí ach, os a choinne sin, áirítear na lotnaidicídí go léir agus a dtáirgí díghrádúcháin sa Treoir;
- Baineann na treoirluachanna ó EDS le riosca 10^{-5} ailse saoil ach, os a choinne sin, rinne an tAontas Eorpach rogha bheartais le haghaidh cur chuige níos réamhchúraim trí luach riosca 10^{-6} a roghnú mar luach inghlactha.

I Nollaig 2015, thug an Coimisiún agus Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip an ‘Tionscadal Comhair maidir le Paraiméadair Uisce Óil’ i gcrích ar foilsíodh a thuarascáil deiridh in 2018⁵¹ (dá ngairtear ‘an tuarascáil ó EDS’ anseo feasta). Ba é an cuspóir a bhí ag an tionscadal comhairle atá ábhartha do bheartais agus atá bunaithe ar an eolaíocht a chur ar fáil chun go ndéanfar athbhreithniú ar bhonn eolais mhaith ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir.

Tá ardleibhéal comhaontaithe idir na moltaí ó EDS atá sa tuarascáil ó EDS agus an togra seo. Go sonrath, dearbhaítear sna moltaí an gá atá le liosta de pharaiméadair roghnaithe a rialáil as measc na gcéadta paraiméadar lena mbaineann treoirluachanna EDS. Ghlac an Coimisiún formhór mór na bparaiméadar agus na luachanna paraiméadracha a moladh air féin, ach maidir le beagán paraiméadar, mhol sé cur chuige difriúil. Tugtar an réasúnaíocht sa roinn seo maidir le cad chuige nach leanann an Coimisiún na moltaí ó EDS i mbeagán cásanna.

⁵⁰ Foilsíodh an ceathrú heagrán de na Treoirlínte in 2011 agus foilsíodh an chéad aguisín a ghabhann leis an gceathrú heagrán sin go luath in 2017.

⁵¹ http://ec.europa.eu/environment/water/water-drink/review_en.html

1. Paraiméadair a mhol EDS a bhaint as Iarscríbhinn I

Mar gheall ar a laghad a bhíonn siad in uisce óil, mar gheall ar theagmhais truailliúcháin de ghnáth, moladh sa tuarascáil ó EDS gur cheart cúig pharaiméadar a bhaint as an Treoir:

- **beinséin,**
- **ciainíd,**
- **1,2-déchlóireatán,**
- **mearcair,, agus**
- **hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha (PAHanna).**

Mhínigh EDS go raibh údar maith leis na paraiméadair sin a bhaint agus go bhféadfadh na Ballstáit féin faireachán a dhéanamh orthu go fóill mar ba ghá ar bhonn threoirluach EDS. Mhol páirtithe leasmhara, agus go háirithe údarais na mBallstát, go láidir gan iad a bhaint ar chúiseanna sláinte agus mar gheall ar an ngá freisin atá le luach ceangailteach a shocrú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. **Dá bhrí sin, rinneadh an cinneadh iad a choinneáil in Iarscríbhinn I.** Mar gheall ar an gcur chuige rioscabhunaithe, áfach, a leagtar amach sa Treoir, is féidir le soláthraithe uisce paraiméadar a bhaint den liosta de na substaintí a ndéanfar faireachán orthu faoi dhálaí áirithe; tá sé de cheart ag soláthraithe uisce mar sin gan faireachán a dhéanamh ar na paraiméadair sin mura mbaineann siad le hábhar i gcrios soláthair. Agus ar ndóigh, tá na hionaid chóireála atá de dhíth chun na huasteorainneacha a chomhlíonadh tógtha cheana féin.

2. Luachanna paraiméadracha a mhol EDS a ardú

Mhol EDS gur cheart an luach a thabhairt cothrom le dáta maidir le **hantamón (suas ó 5 go 20 µg/l), bórón (suas ó 1 go 2.4 mg/l) agus seiléiniam (suas ó 10 go 40 µg/l)** i bhfianaise na dtreoirluachanna sláintebhunaithe is déanaí a cuireadh ar fáil mar a foilsíodh sa chéad aguisín a ghabhann leis an gceathrú heagrán de na Treoirínte ó EDS. Ós rud é go bhfuil na luachanna reatha i bhfeidhm, áfach, le roinnt mhaith blianta, glactar leis nach mbeidh aon chostais bhreise ann mar go bhfuil na teicnící cóireála i bhfeidhm cheana féin chun na huasteorainneacha a chomhlíonadh. Ar scor ar bith, mar gheall ar an gcur chuige rioscabhunaithe, is féidir le soláthraithe uisce paraiméadar a bhaint den liosta de na substaintí a ndéanfar faireachán orthu faoi dhálaí áirithe. **Dá bhrí sin, coinníodh luachanna bunaidh atá níos déine in Iarscríbhinn I** a ghabhann leis an Treoir.

Go sonrach maidir le **bórón**, tugadh roinnt maoluithe do Bhallstáit ina bhfuil réigiúin ina bhfaightear carraigeacha ardleibhéal bórón áit a mbíonn bórón go nádúrtha sa screamhuisce. D'iarr Parlaimint na hEorpa freisin an luach maidir le bórón a athbhreithniú (iarrataí E-9146/2016, P-0848/2016, E-10 109/2014). Bíodh is nach bhfuil aon tuairim oifigiúil ann a tugadh le déanaí, mhol an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia⁵² san am atá thart nár

⁵² *Opinion of 22 June 2005 the Scientific Panel on Contaminants in the Food Chain on a request of the Commission related to concentration limits for boron and fluoride in natural mineral waters* [Tuairim a thug an Painéal Eolaithe maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra an 22 Meitheamh 2005 ar iarraidh ón gCoimisiún maidir le teorainneacha túchana do bhórón agus fluairíd in uisce mianraí nádúrtha] http://www.efsa.europa.eu/sites/default/files/scientific_output/files/main_documents/237.pdf

cheart níos mó ná 1.5 mg de bhórón a bheith in uisce mianraí nádúrtha chun gach aoisghrúpa a chosaint.

3. Paraiméadair nua a mhol EDS a chur isteach

3.1 Clóráit agus clóirít

Moladh sa tuarascáil ó EDS **clóráit (ClO₃) agus clóirít (ClO₂)** a chur san áireamh mar pharaiméadair nua agus luach 0.7 mg/l a shocrú don dá cheann acu. Go príomha, is seachtháirgí dífhabhtúcháin iad an dá shubstaint a bhaineann úsáid as fochlóirít. D'aithin EDS go bhféadfadh go raibh an luach sin ró-ard, agus dúirt, más indéanta luachanna níos ísle a chomhlíonadh, gurbh iomchuí na luachanna ísle sin. Sainaithníodh cúis amháin leis an bhfadhb, is é sin le rá go ngintear clóráit i dtuaslagáin fochlóiríte nach bhfuil úr agus a dhéantar a stóráil ar feadh tréimhsí fada, go háirithe ag teochtaí teo.

Rinneadh amach i dtuairim ar leith a thug an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia uaidh in 2015⁵³ gur mar gheall ar thiúchan 0.7 mg/kg de chlóráit in uisce óil (an luach a mhol EDS) a d'fhéadfadh naíonáin agus lapadáin a bheith rónochta i leith clóráite. Chomh maith leis sin, rinne an tÚdarás amach gur féidir le clóráit ionsú iaidín a chosc cé go bhfuil níos mó sonraí faoi shláinte an duine de dhíth faoi chosc ionsúite iaidín ag clóráit. Thagair an Ghníomhaireacht Eorpach Caighdeán Bia freisin do Chomhchoiste Saineolaíche FAO/EDS maidir le Breiseáin i mBia (JECFA) a rinne meastóireacht ar chlóráit agus a dhíorthaigh luach sláintebhunaithe 0.01 mg/kg de mheáchan coirp ina luach tagartha tocsaineolaíoch chun riosca ainsealach a mheasúnú, rud a thabharfadh luach 0.24 mg/l don uisce óil.

Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go bhfuil údar maith leis **an luach a shocrú do chlóráit agus clóirít ar an leibhéal níos déine 0.25 mg/l atá thart ar 3 oiread níos ísle ná mar a mhol EDS.**

3.2 Comhdhúile sárfluairínithe

Moladh sa tuarascáil ó EDS luachanna paraiméadracha a ghlacadh do dhá shubstaint shárfluairínithe leithleacha: ba cheart d'**aigéad sulfónach sárfluaroctáin (PFOS) luach 0.4 µg/l** a bheith aige agus ba cheart d'**aigéad sárfluaroctánóch (PFOA) luach 4 µg/l** a bheith aige.

Ar dtús, ba iad PFOS agus PFOA na comhdhúile sárfluairínithe is coitianta. Tá siad le fáil sa screamhuisce go príomha de dheasca éilliú ithreach ó chúr comhraic dóiteáin a dhianscaoileann na comhdhúile sin agus roinnt substaintí sárfluairínithe eile. Ina ainneoin sin, féadann siad teacht chun cinn freisin mar thoradh ar an truailliú ó fhoinsé thionsclaíochta, agus eascairt as táirgí ina bhfuil ábhar uisce-éarthach nó gréisc-obach amhail sáspain Teflon-bhrataithe, páipéar gréiscdhíonach, greillí píotsaí, nó trealamh spóirt allamuigh atá uiscédhíonach agus salachar-éarthach.

⁵³ <https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/4135>

Is substaintí iad PFOS agus PFOA atá marthanach, bithcharnach agus tocsaineach. Ar dtús, áiríodh PFOS ar an liosta substaintí srianta in Iarscríbhinn XVII de Rialachán REACH⁵⁴, ach rialaítear é anois mar thruailleán orgánach marthanach faoi Rialachán (AE) Uimh. 850/2004⁵⁵. Cuireadh PFOA, a shalainn agus a shubstaintí PFOA-ghaolmhara isteach ar an liosta substaintí srianta in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán REACH an 14 Meitheamh 2017⁵⁶ mar go raibh an Coimisiún den tuairim dá ndéanfaí iad a mhonarú, a úsáid nó a dhíol go mbeadh riosca do-ghlactha do shláinte an duine agus don timpeallacht dá bharr.

Cuireadh aigéad sárfluaraiheacsán-1-sulfónach agus a shalainn (PFHxS) leis an liosta de shubstaintí iarrthóirí le Rialachán REACH a bhfuil inní an-mhór ag baint leo an 7 Iúil 2017 mar ‘substaint an-mharthanach agus an bhithcharnach’ faoi Airteagal 57(e) de Rialachán REACH.

Mar sin féin, tá raon níos leithne de shubstaintí a bhfuil slabhraí d'fhaid éagsúla acu agus ar féidir aigéid charbocsaileacha shárfluarailcile (lena n-áirítear PFOA), aigéid shulfónacha shárfluaralcáin (lena n-áirítear PFOS), aigéid shuilfineach shárfluaralcáin, alcóil fluaraiteiliméire agus sulfónaimídí sárfluaralcáin a áireamh iontu. Is iad PFOA agus PFOS na substaintí is coitianta, ach ó tharla gur cuireadh substaintí sárfluarailcile agus polafluorailcile (PFASanna) atá cosúil leo, agus a mbíonn slabhraí níos giorra acu go minic, ina n-ionad, is cosúil nach bhfuil PFOA agus PFOS ionadach a thuilleadh ar an ngrúpa sin de cheimiceáin mharthanacha antrapaigineacha⁵⁷.

Níl aon chur chuige reachtach i bhfeidhm faoi láthair lena rialaítear grúpa iomlán na substaintí sin, agus níl aon liosta cuimsitheach de na substaintí go léir ar fáil. Rinneadh diantaighde ar PFASanna sa tSualainn⁵⁸ Tá teorainneacha molta ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bia sa tSualainn le haghaidh uisce óil atá bunaithe ar láithreach 11 PFASanna (PFBS, PFHxS, PFOS, 6:2 FTSA, PFBA, PFPeA, PFHxA, PFHpA, PFOA, PFNA agus PFDA). Má tharlaíonn suim an 11 PFAS sin i dtiúchana is mó ná 0.09 µg/l, molann an Gníomhaireacht bearta a dhéanamh a luaithe is féidir chun an truailliú a laghdú. Tá leibhéil chomhairleacha sláinte 0.07 µg/l de PFOA/PFOS ag na Stáit Aontaithe. Tá PFOS dar luach 0.00065 µg/l ar áireamh

⁵⁴ Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1), dá ngairtear ‘Rialachán REACH’ anseo feasta.

⁵⁵ Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le thruailleán orgánacha mharthanacha agus lena leasaítear Treoir 79/117/CEE, (IO L 158, 30.4.2004, lch. 7).

⁵⁶ Rialachán (AE) 2017/1000 an 13 Meitheamh 2017 lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) i ndáil le haigéad sárfluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus substaintí PFOA-ghaolmhara (IO L 150, 14.6.2017, lch. 14).

⁵⁷ Léirítear sa sampla ón tSualainn gur tháinig laghdú ar PFOS san uisce: <http://www.sciencedirect.com/science/article/pii/S0013935117308976>

⁵⁸ <http://www.kemi.se/en/global/rapporter/2015/report-7-15-occurrence-and-use-of-highly-fluorinated-substances-and-alternatives.pdf>

sa liosta substaintí tosaíochta a leagtar amach faoi Threoir 2008/105/CE⁵⁹. Léirítear leis sin gur féidir luachanna paraiméadracha níos ísle ná na luachanna a mhol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte a bhaint amach. Ó tharla nach bhfuil na substaintí sin le fáil sa timpeallacht, moltar cur chuige réamhchúraim a leanfaidh an cur chuige i leith lotnaidicídí i dTreoir 98/83/CE. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún imeacht ó mholadh EDS 4 µg/l (PFOA) agus 0.4 µg/l (PFOS) le haghaidh an dá shubstaint leithleach agus an grúpa iomlán a rialáil ina ionad sin.

Is é is cuspóir don togra grúpa PFASanna mar atá sainmhínithe ag OECD⁶⁰ a rialáil, agus luachanna **0.1 µg/l le haghaidh PFAS aonair agus 0.5 µg/l le haghaidh iomlán na PFASanna**, mar a dhéantar i leith lotnaidicídí. Ó tharla gur airde na luachanna sin ná na luachanna dá dtagraítear sa tSualainn nó sna Stáit Aontaithe, ba chóir go mbeadh sé indéanta iad a bhaint amach.

4. Ceimiceáin réabtha iontálach

Níor mhol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte treoirluachanna le haghaidh ceimiceáin réabtha iontálach (EDCanna) ach mhol sí - ó tharla go bhfuil an beathra uisceach i bhfad níos íogaire mar gheall ar éifeachtaí EDCanna éastraigineacha ná mar atá mamaigh, lena n-áirítear daoine - go mbeadh sé indéanta luachanna tagarmhairc réamhchúramacha a úsáid atá gar do na caighdeáin cáilíochta comhshaoil atá ann anois nó a d'fhéadfadh a bheith ann san am atá amach romhainn chun an beathra uisceach a chosaint. Mhol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte na trí EDC, agus na trí luach tagarmhairc, ionadacha seo a leanas:

- **béite éastraidé-ól:** 0.001 µg/l;
- **naoinilfeanól:** 0.3 µg/l; agus
- **bisfeanól-A:** 0.01 µg/l.

Cé gur chuir an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte in iúl nach bhfuil aon fhianaise ann i láthair na huairé gur riosca don tsláinte an t-uisce óil ar mionfhoinsé nochta é, agus gurbh éadócha an riosca sin, rinneadh an cinneadh na paraiméadair sin a áireamh sa Treoir ar bhonn phrionsabal an réamhchúraim.

Molann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gan an raon iomlán de EDCanna a áireamh ar liosta na bparaiméadar faoi Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir mar go measann sí go mbeidh sé deacair agus costasach i láthair na huairé faireachán gnáthrialta a dhéanamh ar raon iomlán na gceimiceán sin agus nach mbeidh sé éifeachtach chun éilliú uisce óil a sheachaint.

Roghnaíodh na trí shubstaint mar thagarmharcanna mar go bhfuil a fhios go bhfuil siad le fáil i bhfoinsí uisce dromchla ar a raibh tionchar ag eisiltigh mhúnlaigh a rinneadh a chóireáil agus ag eisiltigh eile. Is éastraigin nádúrtha é béite éastraidé-ól. De réir thuairim an Choiste

⁵⁹ Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 348, 24.12.2008, lch. 84).

⁶⁰ https://www.oecd.org/env/ehs/risk-management/PFC_FINAL-Web.pdf

Eolaíoch um Chineálacha Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil⁶¹ (SCHER) agus de réir na sainchomhad lena mbaineann, sainithnítear na hairíonna réabtha iontálach mar an príomhshásra gníomhaíochta as a ndíorthófar an caighdeán cáilíochta comhshaoil le haghaidh an cheimiceáin sin. Thug SCHER tacaíocht don chaighdeán cáilíochta comhshaoil a shocrú ag 0.4 ng/l atá gar don luach paraiméadrach 1 ng/l a mholtar don uisce óil.

Baintear úsáid fhorleathan as bisfeanól-A chun roinnt plaisteach agus roisíní eapocsacha a mhonarú. Aicmítear i láthair na huairé mar thocsaineach maidir le hatáirgeadh, catagóir 1B faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008⁶². Tar éis moltaí a fháil ó údarais na Fraince, cuireadh srian le húsáid bhisfeanóil-A i bpáipéar teirmeach ar dtús san Aontas Eorpach (Nollaig 2016), ansin cuireadh bisfeanól-A le liosta substaintí iarrthóirí REACH a bhfuil inní mhór ag baint leo, rud a bhí bunaithe ar a aicmiú comhchuibhithe mar *reprotox* 1B (Eanáir 2017) agus a bhí bunaithe freisin ina dhiaidh sin ar a airíonna réabtha iontálach (Meitheamh 2017).

Is bloc tógála d'eatocsaláití ailcilfeanóil a úsáidtear i ngníomhaithe dromchlacha é naoinilfeanól cé go bhfuil cosc orthu anois san Aontas Eorpach. Tá naoinilfeanól faoi réir srianta (Iarscríbhinn XVII REACH) agus áiríodh é ar liosta substaintí iarrthóirí REACH a bhfuil inní mhór ag baint leo bunaithe ar a airíonna réabtha iontálach (Meitheamh 2013), agus ar liosta substaintí tosaíochta a leagtar amach i dTreoir 2008/105/CE.

Dá bhrí sin, moltar na luachanna a leanúint a mholann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte do na trí EDC sin. Ó tharla nach geuirtear 'luachanna tagarmhairc' ar fáil de réir chur chuige na Treorach, agus nach sonraítear cuspóir na bparaiméadar agus na luachanna, moltar iad a chur isteach i liosta na bparaiméadar faoi Iarscríbhinn I. Ina theannta sin, tá na ceimiceáin sin go measartha dothuaslachta in uisce agus baintear amach iad ar bhealach éifeachtach le gnáthmhodhanna cóireála asúcháin (e.g. scagachán bruaigh, téachtadh, ózónú, carbón lena ngníomhachtaítear gráinní). Dá bhrí sin, measfar na ceimiceáin mar aon pharaiméadar ceimiceach eile faoin Treoir, rud a chiallaíonn, mar atá thuasluaite, go mbeidh an deis ag soláthraithe uisce na paraiméadair sin a bhaint den liosta de na substaintí ar a ndéanfar faireachán faoi dhálaí áirithe más é tátal an mheasúnaithe riosca é nach bhfuil siad ábhartha.

Measann an Coimisiún go bhfuil údar maith leis na trí cheimiceán réabtha iontálach a áireamh faoin Treoir ar bhonn phrionsabal an réamhchúraim. Tugann na páirtithe leasmhara a dtacaíocht dó sin. Má chuirtear na ceimiceáin sin isteach, beidh sé ina chuidiú freisin sláinte an duine a chosaint mar chuid den liosta paraiméadar fadaithe atá múnlaith ar rogha 1.2 sa mheasúnú tionchair.

⁶¹ https://ec.europa.eu/health/scientific_committees/environmental_risks/docs/scher_o_131.pdf

⁶² Rialachán (CE) Uimh 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

5. Cróimiam agus luaidhe

Sa tuarascáil ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, moltar an luach paraiméadrach reatha a choinneáil ag **10 µg/l le haghaidh na luaidhe agus 50 µg/l le haghaidh suim iomlán cróimiam**.

Luann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go bhfuil an luaidhe ar an mbeagán substaintí a bhfuil a fhios fúithi go bhféadfaidh sí tionchar díreach a imirt ar an tsláinte trí uisce óil, agus gur cheart don tíuchan, dá bhrí sin, a bheith chomh híseal agus is féidir go praiticiúil. Chun na críche sin, molann an Coimisiún dá bhrí sin an luach a ísliú **go 5 µg/l 10 mbliana** ó theacht i bhfeidhm na Treorach. Le linn na hidirthrémhse 10 mbliana sin, coinneofar an luach reatha 10 µg/l.

Luann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go bhfuil an luach le haghaidh cróimiam á athbhreithniú fós. Agus an plé á dhéanamh go leanúnach lena lán tocsaineolaithe, moltar luach níos ísle le haghaidh cróimiam a thabhairt isteach, agus go háirithe le haghaidh Chróimiam VI atá níos tocsainí. Dá bhrí sin, cuirfidh an Coimisiún an cur chuige céanna le haghaidh na luaidhe i bhfeidhm ar an gcróimiam. Molann sé an luach a laghdú faoi 50 % go **25 µg/l i ndiaidh idirthrémhse 10 mbliana ó theacht i bhfeidhm na Treorach**.

Foráiltear leis an togra freisin go ndéanfar athbhreithniú rialta ar Iarscríbhinn I (ina socraítear na luachanna paraiméadracha sin) agus go mbeidh an deis ann Iarscríbhinn a leasú i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch. Dá bhrí sin, tá an deis ann luachanna níos déine a shocrú le haghaidh an dá pharaiméadar sin roimh dheireadh na hidirthrémhse 10 mbliana dá mba rud é go mbeadh gá leis de bharr forbairtí eolaíocha feasta.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Airteagal 1 — Cuspóir

Níl aon athrú ar an Airteagal seo.

Airteagal 2 — Sainmhínithe

Déantar na sainmhínithe atá ann cheana a shoiléiriú beagán agus cuirtear isteach sainmhínithe nua ('soláthraithe uisce', 'áitribh thosaíochta', agus 'grúpaí leochaileacha agus imeallaithe'), i gcomhréir le forálacha nua an Athmhúnlaithé.

Mhol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) sainmhíniú ar áitribh thosaíochta a chur isteach, d'fhonn é a éascú na forálacha nua maidir leis an measúnú riosca ar an gcóras dáileacháin baile a chur i bhfeidhm.

Airteagal 3 — Díolúintí

Níl aon athrú ar na forálacha seo. Ní dhéantar ach na tagairtí don Treoir a thabhairt cothrom le dáta.

Airteagal 4 — Oibleagáidí ginearálta

Is beag athrú ar an Airteagal seo. Baineann na hathruithe le modhnuithe foirmiúla nó le friotal níos soiléire.

Airteagal 5 — Caighdeáin cháilíochta

Is beag athrú ar an Airteagal seo. Baineann na hathruithe le modhnuithe foirmiúla nó le friotal níos soiléire.

Airteagal 6 — Pointe comhlíontachta

Sciostar mír 2 agus mír 3 agus cuirtear an chuid is mó den ábhar sin isteach faoi na forálacha nua maidir leis an measúnú riosca ar an gcóras dáileacháin baile (Airteagal 10 nua).

Airteagal 7 — Cur chuige rioscabhunaithe i leith sábháilteacht uisce (nua)

San Airteagal seo déantar cur síos ginearálta ar an gcur chuige rioscabhunaithe, tugtar réamheolas faoi Airteagail nua 8, 9 agus 10 agus faoi oibleagáidí ginearálta a bhaineann leis na measúnuithe riosca (nuashonruithe agus athbhreithnithe rialta agus amlínte maidir leis na measúnuithe riosca a tharraingt suas).

Airteagal 8 — Measúnú ar ghuaiseacha maidir le dobharlaigh a úsáidtear chun uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a astarraingt (nua)

Tugtar isteach leis an Airteagal nua seo oibleagáidí a bhaineann le measúnuithe ar ghuaiseacha a dhéanamh, go háirithe:

- Pointí astarraingthe a shainaitint,
- Guaiseacha agus foinsí truailliúcháin a shainaitint,
- Faireachán ar pharaiméadair a bhaineann leis na guaiseacha agus na foinsí truailliúcháin a aithnítear. Ní dhéanfar faireachán ach ar pharaiméadair nó ar thruailleáin ábhartha. Féadfaidh sé go n-áireofar paraiméadair nach mór a chomhlíonadh ag an mbuacaire i gcomhréir leis an Treoir seo, nó thruailleáin nó substaintí a bhfuil faireachán á dhéanamh orthu cheana féin i ndobharlaigh i gcomhréir leis an gCreat-Treoir Uisce, nó micreaphlaistigh. Tá imní áirithe ann i dtaobh micreaphlaisteach de bharr na n-éifeachtaí diúltacha a bhíonn acu ar thimpeallachtaí mara agus fionnuisce, ar an mbeathra uisceach, ar an mbithéagsúlacht, agus fiú ar shláinte an duine, b'fhéidir, mar go bhfágann an méid beag atá iontu gur éasca d'orgánaigh iad a iontógáil agus a bhithcharnadh, nó go mbíonn éifeachtaí tocsaineacha ag an meascán mór de cheimiceáin atá sna cáithníní sin.

I bhfianaise na nguaiseacha a aithneofar agus an fhaireacháin a dhéanfar orthu, féadfaidh na Ballstáit na bearta seo a leanas a dhéanamh:

- Soláthraithe uisce a dhíolmhú ón gceanglas cóireáil bhreise agus/nó faireachán a dhéanamh nó an ceanglas sin a chur orthu,
- Bearta coisctheacha a thabhairt isteach chun an limistéar astarraingthe a chosaint,
- Bearta maolaitheacha a thabhairt isteach chun dul i ngleic leis an bhfoinse truailliúcháin, lena n-áirítear taighde chun tuiscint a fháil ar an tionchar a bhíonn,

mar shampla ag micreaphlaistigh, ar éiceachórais uisceacha agus ar shláinte an duine, agus teacht ar réitigh chun na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú.

Airteagal 9 — Measúnú riosca ar an soláthar (nua)

Tugtar isteach leis an Airteagal seo oibleagáidí a bhaineann leis an measúnú riosca ar an soláthar a bhíonn ar an soláthraí uisce a dhéanamh. Ní forálacha nua atá iontu mar gur tugadh isteach na hoibleagáidí sin cheana féin in 2015 tráth a leasaíodh Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir. Cuirtear cuid d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 98/83/CE faoi Airteagal 9, dá bhrí sin. Ní fhágtar i gCuid C d'Iarscríbhinn II anois ach na sonraíochtaí teicniúla maidir leis an gcaoi le minicíocht faireacháin na bparaiméadar a chur in oiriúint do mheasúnú riosca ar an soláthar.

Airteagal 10 — Measúnú riosca ar an gcóras dáileacháin baile (nua)

Tugtar isteach leis an Airteagal nua seo oibleagáidí a bhaineann le measúnuithe a dhéanamh ar an gcóras dáileacháin baile, go háirithe:

- Measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis an gcóras dáileacháin baile, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le táirgí agus ábhair a bhíonn i dteagmháil le huisce óil,
- Faireachán a dhéanamh ar na paraiméadair seo a leanas: luaidhe agus *Legionella*. Tá sé tugtha le fios ag EDS gurb é *Legionella* an phataigin is mó as na pataiginí uisce-iompartha uile san Aontas a chruthaíonn baol don tsláinte. Ina theannta sin, tá sé molta freisin ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú seiceálacha rialta agus bearta rialaithe cuí a dhéanamh ar chórais uisce de dhéantús an duine d'fhonn cásanna de ghalar na Léigiúnach a sheachaint in ionaid lóistín turasóirí, ospidéal, ionaid fhadtéarmacha cúraim sláinte nó in ionaid eile ina bhféadfadh líon mór daoine a bheith neamhchosanta ar bhaol níos airde⁶³.

I bhfianaise thorthaí an mheasúnaithe riosca agus an fhaireacháin, féadfaidh na Ballstáit bearta a dhéanamh, mar shampla oiliúint a chur ar phluiméirí, faisnéis agus comhairle d'úinéirí tí, teicnící cuí cóireála i gcomhar leis na soláthraithe uisce, etc. Ina theannta sin, téann an tAirteagal seo i ngleic, i bpáirt, le gnéithe a bhí i sean-Airteagal 10 (táirgí a bhíonn i dteagmháil le huisce óil) agus áirithítear leis go bhfuil an Treoir seo i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ar dá réir a bhunófar caighdeáin maidir le táirgí foirgníochta a bhíonn i dteagmháil le huisce óil.

Airteagal 11 — Faireachán (sean-Airteagal 7)

Is gá cláir faireacháin a bhunú. Cuimseofar sna cláir sin oibleagáidí éagsúla faireacháin is gá a chomhlíonadh faoin Treoir seo. Is faoi na Ballstáit a bheidh sé a chinneadh ar cheart do na húdaráis náisiúnta cláir faireacháin a bhunú nó an dualgas sin a tharmligean, mar shampla, chuig na soláthraithe uisce. Is dócha, áfach, gur soláthraithe uisce, den chuid is mó, a dhéanfaidh formhór an fhaireacháin sin, rud a áiritheoidh cáilíocht an uisce ag an mbuacaire. Ós rud é go dtugtar isteach oibleagáidí nua faireacháin maidir le measúnuithe ar ghuaiseacha

⁶³ Tuarascáil Faireachais dar teideal *Legionnaires' disease in Europe 2015* arna foilsiú ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú an 14 Meitheamh 2017 <https://ecdc.europa.eu/sites/portal/files/documents/Legionnaires-disease-europe-2015.pdf>

(Airteagal 8) agus le measúnuithe riosca ar an gcóras dáileacháin baile (Airteagal 10), is gá an tAirteagal seo, agus an gaol atá aige le hIarscríbhinn II, a shoiléiriú.

Níl aon athrú ar mhíreanna 1, 5 agus 6.

Leasaítear mír 2 chun tagairt a dhéanamh don fhaireachán a dhéanfar faoi Airteagail nua 8 agus 9 (measúnuithe ar ghuaiseacha agus measúnuithe riosca ar an gcóras dáileacháin baile) agus don fhaireachán 'rialta' ar na paraiméadair a liostaítear i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn I, i gcomhréir le hIarscríbhinn II. Sa chás deireanach sin, féadfaidh an soláthraí uisce an faireachán a choigeartú bunaithe ar mheasúnú riosca ar an soláthar.

Scriostar seanmhír 4 (deis treoirlínte faireacháin a ghlacadh), mar go meastar nach bhfuil gá léi. Coinnítear an deis a bhí ann Iarscríbhinn II (a bhaineann le sonraíochtaí faireacháin) a leasú, áfach, faoi Airteagal 18(2) (trí ghníomhartha tarmligthe).

Airteagal 12 — Gníomhaíochtaí feabhais agus srianta úsáide (sean-Airteagal 8)

Níl aon athrú ar mhír 1.

Leasaítear mír 2 chun tagairt a dhéanamh don liosta nua de na paraiméadair a úsáidfear sa mheasúnú riosca ar an gcóras dáileacháin baile, dá bhforáiltear i gCuid C d'Iarscríbhinn I.

Leasaítear mír 3 chun a shoiléiriú go nglacfar leis gur baol do shláinte an duine a bheidh ann i gcónaí má sháraítear na luachanna a shocraítear i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn I. Meastar go bhfuil gá leis an soiléiriú sin i bhfianaise roinnt nósanna imeachta um shárú atá ar siúl faoi láthair faoi Threoir 98/83/CE.

Cuirtear isteach mír nua 4 chun na hoibleagáidí a bhaineann le faisnéis a thabhairt don tomhaltóir a shoiléiriú i gcás ina sáraítear luachanna paraiméadracha agus/nó i gcás baol mór a bheith ann do shláinte an duine. Bhí an chuid is mó de na hoibleagáidí sin ann cheana faoi Threoir 98/83/CE ach measadh go raibh gá iad a shoiléiriú agus iad a chur le chéile faoi mhír amháin le gurb éasca iad a chur chun feidhme, agus, freisin, i bhfianaise roinnt nósanna imeachta um shárú atá ar siúl faoi láthair faoi Threoir 98/83/CE.

Níl aon athrú ar mhír 5.

Scriostar seanmhír 6, mar go measadh nach bhfuil gá léi.

Scriostar seanmhír 7 toisc an tseanchuid de Chuid C d'Iarscríbhinn I, 'paraiméadair tháscacha', a bheith scríosta freisin.

Déantar na hoibleagáidí faoi sheanmhír 8 a chuimsiú faoi mhír nua 4.

Sean-Airteagal 9 — Díolúintí

Scriostar sean-Airteagal 9. Níl údar cuí leis, a thuilleadh, próiseas casta a bheith ann chun trí dhíolúine de thrí bliana a thabhairt. Tugadh isteach an próiseas sin a chéadair sa Treoir le go bhféadfadh na Ballstáit cloí leis na luachanna paraiméadracha a socraíodh as an nua i 1998. Tá an córas sin simplithe anois, ach níl aon athrú ar an loighic a bhí ann i dTreoir 98/83/CE: i gcás ina sáróidh Ballstát luach paraiméadrach, ba cheart Airteagal 11 maidir le gníomhaíochtaí feabhais a chur i bhfeidhm (toirmeasc nó srian ar an uisce, faisnéis do thomhaltóirí, comhairle sláinte, etc.). Níor cheart gá a bheith ann an luach paraiméadrach níos airde, atá ag sárú an luacha a socraíodh sa Treoir, a ghlacadh go foirmiúil le Cinneadh.

Sean-Airteagal 10 — Cóireáil, trealamh agus ábhair a dhearbhu ó thaobh na cáilíochta de (scriosta)

Scriostar sean-Airteagal 10: meastar nach gá an tAirteagal seo a thuilleadh faoi Threoir 98/83/CE agus is páirt-ionadú air é Airteagal 10 nua maidir leis an measúnú riosca ar an gcóras dáileacháin baile. Ina ionad sin, déanfar an comhchuíbhíú is gá faoin reachtaíocht (an margadh inmheánach) maidir le sainorduithe um chaighdeánú a eisiúint faoin Rialachán um Tháirgí Foirgníochta. Ní thiofadh aon athrú ar an gcás, áfach, go dtí go gcuirfear na sainorduithe sin um chaighdeánú i ngníomh agus go bhfoilseofar na caighdeáin chomhchuíbhíthe san Iris Oifigiúil.

Airteagal 13 — Rochtain ar an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine (nua)

Seo Airteagal nua, a iarradh sa tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ‘Right2Water’, agus sa fhreagra a thug an Coimisiún ar an tionscnamh sin. Tá dhá phríomhcheanglas á bhforáil san Airteagal sin:

- Ar an gcéad dul síos, ceanglas a chur ar na Ballstáit feabhas a chur ar an rochtain ar an uisce óil, agus úsáid an uisce sin a chur chun cinn, trí bhearta éagsúla agus áirítear roinnt de na bearta sin san Airteagal (sciar na ndaoine gan rochtain ar uisce óil a mheas, iad a chur ar an eolas faoi na roghanna chun nascadh le seirbhís uisce, úsáid uisce buacaire a chur chun cinn i bhfoirgnimh phoiblí agus i mbialanna, a áirithiú go mbeidh trealamh ar fáil i bhformhór na gcathracha chun rochtain saor in aisce a fháil ar uisce buacaire, etc.),
- Ar an dara dul síos, ceanglas a chur ar na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh teacht ag grúpaí leochaileacha agus imeallaithe ar uisce óil. Mura mbeidh teacht ar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine ag na grúpaí sin, ní mór do na Ballstáit iad a chur ar an eolas gan mhoill faoi cháilíocht an uisce sin atá ar fáil dóibh agus comhairle chuí a chur orthu maidir leis na himpleachtaí atá ag an uisce sin don tsláinte.

Ba cheart go gcabhródh sin leis an tiomantas a tugadh faoi Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 6 de chuid na Náisiún Aontaithe agus an sprioc ghaolmhar chun ‘*achieve universal and equitable access to safe and affordable drinking water for all*’ [rochtain uilíoch chothrom ar uisce óil sábháilte atá ar phraghas réasúnta a bhaint amach do chách]". Bíonn trí ghné i gceist, go hiondúil, maidir le rochtain chothrom ar uisce. Orthu sin tá: difríochtaí ar bhonn tíreolaíoch idir na seirbhísí atá ar fáil (e.g. bonneagar easpach), deacrachtaí a bhíonn ag grúpaí leochaileacha agus imeallacha (e.g. dídeanaithe, pobail fáin, daoine gan dídean agus cultúir mhionlaigh, e.g. Romaigh, Sintígh, an Lucht Siúil, *Kalé*, *Gens de voyage*, etc., bídis aistreach nó neamhaistreach) agus iad ag iarraidh teacht ar sheirbhísí uisce, agus inacmhainneacht airgeadais. Maidir leis an inacmhainneacht, ní mór do gach beartas praghsála uisce san Aontas an prionsabal gnóthaithe costas, agus an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, a chur san áireamh. Agus tarairfí uisce difriúla á socrú ag na Ballstáit, beidh cead acu féachaint don éagsúlacht i ndálaí eacnamaíocha agus sóisialta an phobail. Ní fhágann an prionsabal gnóthaithe costas, dá bhrí sin, go bhfuil cosc ar na Ballstáit tarairfí sóisialta a ghlacadh nó bearta a dhéanamh chun pobail atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch a chosaint, sa bhreis ar na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 13 nua na Treorach seo.

Airteagal 14 — Faisnéis don phobal (nua)

Is páirt-ionadú ar shean-Airteagal 13 de Threoir 98/83/CE é an tAirteagal seo. Tá níos mó sonraí tugtha sna forálacha maidir le rochtain ar fhaisnéis, toisc go bhfuil súil go mbeidh muinín níos fearr ag tomhaltóirí as an uisce óil, lena n-áirítear cáilíocht, táirgeadh agus bainistiú an uisce sin, má bhíonn breis trédhearcachta ann. Tá dhá cheanglas i gceist:

- Ar an gcéad dul síos, a áirithiú go mbeidh fáil ar líne ag an bpobal ar an bhfaisnéis a shonraítear faoi Iarscríbhinn IV. Ba cheart baint a bheith ag an bhfaisnéis sin a mbeidh fáil ag an tomhaltóir uirthi le limistéar leasa an tomhaltóra.
- Ar an dara dul síos, sa bhreis air sin, faisnéis shonrach ar leith a chur ar fáil do na tomhaltóirí (ar an sonrasc, cuir i gcás), amhail an méid uisce arna thomhailt, mionsonraí na taraife agus struchtúr costais na taraife.

Airteagal 15 — Faisnéis maidir leis an bhfaireachán a chur chun feidhme (nua)

Is páirt-ionadú ar shean-Airteagal 13 de Threoir 98/83/CE é an tAirteagal seo. Déantar na forálacha a bhaineann leis an tuairisciú a shimpliú thar mar a bhí na seanfhorálacha agus cuirtear córas nua i bhfeidhm nach bhfuil aon tuairisciú iarbhír i gceist leis. Fágfaidh an méid sin go mbeidh an córas níos éifeachtaí trí aga moille fada a sheachaint idir dáta tagartha na sonraí arna dtuairisciú agus dáta iarbhír an tuairiscithe.

Foráiltear leis an Airteagal sin nach mór do na Ballstáit tacar sonraí a chur i bhfeidhm nach mbaileoidh ach sonraí a bhaineann le huisce óil faoin Treoir seo: teagmhais, sáruithe ar na luachanna a shocraítear san Iarscríbhinn, an measúnú ar ghuaiseacha, an measúnú ar an gcóras dáileacháin baile agus bearta a dhéantar chun rochtain a áirithiú ar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine.

Ba cheart na tacair sonraí a bhunú i gcomhréir le Treoir INSPIRE. Foráiltear go dtabharfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil tacaíocht chuige sin, agus beidh uirthi na sonraí a rochtain go rialta agus forléargais ar chur chun feidhme na Treorach san Aontas a chur ar fáil don Choimisiún, agus bainfead leas as na forléargais sin, freisin, chun meastóireachtaí a dhéanamh ar an Treoir amach anseo (Airteagal 17).

Airteagal 16 — Rochtain ar an gceartas (nua)

Airteagal nua an tAirteagal seo atá i gcomhréir le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha agus cuirtear chun feidhme ann Coinbhinsiún Aarhus maidir leis an rochtain ar an gceartas. Ba cheart deis a bheith ag na saoránaigh agus ag eagraíochtaí neamhrialtais athbhreithniú a dhéanamh, de réir an dlí, ar na cinntí a dhéanfaidh na Ballstáit faoin Treoir seo.

Airteagal 17 — Meastóireacht (nua)

Leagtar síos san Airteagal nua seo an creat a úsáidfear chun meastóireachtaí a dhéanamh ar an Treoir seo (de réir chiall na dTreoirínte ón gCoimisiún maidir le Rialáil Níos Fearr). Foráiltear leis go ndéanfar an chéad mheastóireacht 12 bhliain tar éis an Treoir a bheith i bhfeidhm, le go bhfaighfead sonraí, ar a laghad, i dtaobh dhá thimthriall den mheasúnú riosca ar an soláthar.

Airteagal 18 — Athbhreithniú ar na hIarscríbhinní (sean-Airteagal 11)

Cuirtear an tAirteagal seo in ionad Airteagal 11 de Threoir 98/83/CE. Bhí foráil in Airteagal 11 maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar Iarscríbhinní I, II agus III den Treoir de réir an tsean-nóis imeachta rialúcháin lena ngabann grinnscrúdú. Tá sé beartaithe gníomhartha tarmligthe a chur in ionad an nós imeachta sin (chun na hIarscríbhinní uile a leasú), rud atá ag teacht, freisin, leis an ngealltanais a thug na hInstitiúidí sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 ‘ardtosaíocht a thabhairt d’ailíniú pras ar na gníomhartha bunúsacha uile atá fós ag tagairt don nós imeachta rialúcháin lena ngabann grinnscrúdú’.

Níl aon athrú ar an athbhreithniú rialta a dhéanfar ar Iarscríbhinn I le go mbeidh sé i gcomhréir leis an dul chun cinn eolaíoch is déanaí.

Airteagal 19 — An tarmligeán a fheidhmiú (nua)

Airteagal nua caighdeánach atá san Airteagal seo lena nglacfar na gníomhartha tarmligthe.

Airteagal 20 — An nós imeachta coiste (sean-Airteagal 12)

Airteagal nua caighdeánach atá san Airteagal seo lena nglacfar na gníomhartha cur chun feidhme.

Sean-Airteagal 13 — Faisnéis agus tuairisciú (scriosta)

Scriostar an tAirteagal seo agus cuirtear Airteagal nua 15 ina ionad, den chuid is mó.

Sean-Airteagal 14 — Amscála don chomhlíonadh (scriosta)

Scriostar an tAirteagal seo ós rud é gurbh é a foráil leis go mbeadh tréimhse bhreise (5 bliana) ag na Ballstáit i 1998 chun Treoir 98/83/CE a chur chun feidhme (go dtí 2003). Tá an tAirteagal seo imithe i léig anois agus ba cheart é a scriosadh dá bhrí sin.

Sean-Airteagal 15 — Imthosca eisceachtúla (scriosta)

Leis an Airteagal seo as Treoir 98/83/CE, tugadh an deis do na Ballstáit tréimhse bhreise a iarraidh (suas le 6 bliana) ar an gCoimisiún (sa bhreis ar na 5 bliana a fhoráiltear le sean-Airteagal 14) maidir le Treoir 98/83/CE a chomhlíonadh. Tá an tAirteagal seo imithe i léig anois agus ba cheart é a scriosadh dá bhrí sin.

Sean-Airteagail 16 (Aisghairm), 17 (Trasuí) agus 18 (Teacht i bhfeidhm)

Scriostar na trí Airteagal sin agus cuirtear téacs caighdeánaithe nua ina n-ionad, téacs a bhaineann le haisghairm, trasuí agus teacht i bhfeidhm i dTreoracha Athmhúnlaithé (féach Airteagail nua 22, 23, 24).

Airteagal 21 — Pionóis (nua)

Tugtar isteach Airteagal nua caighdeánach maidir le pionóis.

Airteagal 22 — Trasuí

Is de réir an teimpléid chaighdeánaigh an tAirteagal seo.

Airteagal 23 — Aisghairm

Is de réir an teimpléid chaighdeánaigh an tAirteagal seo.

Airteagal 24 — Teacht i bhfeidhm

Is de réir an teimpléid chaighdeánaigh an tAirteagal seo. Foráiltear 20 lá maidir le teacht i bhfeidhm na Treorach tar éis í a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

Airteagal 25 — Seolaithe (sean-Airteagal 19)

Níl aon athrú ar an Airteagal seo.

Iarscríbhinn I

Cuid A

Luachanna paraiméadracha le haghaidh paraiméadair mhicribhitheolaíocha atá i gceist i gCuid A d'Iarscríbhinn I. Ar mholadh na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS), cuirtear paraiméadair nua leis an liosta, eadhon spóir de *Clostridium Perfringens* agus baictéir dhrólannacha, moirtiúlacht (a bhogtar ón tseanchuid de Chuid C ‘Paraiméadair tháscacha’) agus baictéarafagaigh shómatacha dhrólannacha.

Cuid B

Luachanna paraiméadracha le haghaidh paraiméadair cheimiceacha atá i gceist i gCuid B d'Iarscríbhinn I. Ar mholadh EDS nó ar bhonn phrionsabal an réamhchúraim, cuirtear roinnt paraiméadar nua (agus na luachanna paraiméadracha comhfhreagracha) leis an liosta, eadhon: Bisfeanól-A, clóráit, clóirit, béite éastraidé-ól, aigéid halaicéiteacha, micricistín, naoinilfeanól, PFASanna (ceann ar cheann agus an t-iomlán), úráiniam.

Cuid C

Paraiméadair tháscacha a bhíodh i gceist i gCuid C d'Iarscríbhinn I de Threoir 98/83/CE. Scriostar paraiméadair tháscacha in Iarscríbhinn I (ach amháin cúpla paraiméadar a bhogtar faoi Chuid A, amhail moirtiúlacht) agus cuirtear iad faoi Iarscríbhinn VI maidir le faisnéis do thomhaltóirí. Is é an tuiscint atá leis an gcinneadh sin nach dtugann paraiméadair tháscacha aon fhaisnéis atá ábhartha maidir leis an tsláinte ach go dtugann siad faisnéis a mbeadh spéis ag an tomhaltóir inti (mar shampla blas, dath, aniaín, caitiain, etc.).

Is é atá i gCuid C nua d'Iarscríbhinn I na paraiméadair is cóir a mheas faoin measúnú riosca ar an gcóras dáileacháin baile (dá bhforáiltear in Airteagal nua 10), eadhon luaidhe agus *Legionella*.

Iarscríbhinn II

Cuid A — Cuspóirí ginearálta agus cláir faireacháin maidir leis an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine

Is é atá i gCuid A d'Iarscríbhinn II ceanglais ghinearálta a bhaineann leis na cláir faireacháin, agus is beag athrú atá á dhéanamh uirthi, ach amháin go gcuirtear tagairt nua isteach don rialú oibriúcháin, agus do pharaiméadar gaolmhar na moirtiúlachta. Is ar mholadh EDS a chuirtear isteach an paraiméadar sin mar go dtugann an rialú oibriúcháin faisnéis go tapa, ar bhonn laethúil, lena áirithiú go bhfuil an chóireáil ag feidhmiú i gceart.

Cuid B — Minicíochtaí

Minicíocht an fhaireacháin atá i gceist i gCuid B d'Iarscríbhinn II. Sonraítear dhá chatagóir paraiméadair:

- (2) croípharaiméadair (*E.coli*, spóir de *Clostridium perfringens* agus baictéarafagaigh shómatacha dhrólannacha) nach mór faireachán a dhéanamh orthu i gcónaí ag na minicíochtaí a shonraítear sa Tábla i gCuid B, agus nach bhfuil faoi réir measúnú riosca ar an soláthar; agus
- (3) na paraiméadair eile uile nach mór faireachán a dhéanamh orthu ag na minicíochtaí a shonraítear sa Tábla i gCuid B, go dtí go ndéanfar measúnú riosca ar an soláthar i gcomhréir le Cuid C den Iarscríbhinn chéanna.

Tá an Tábla i gCuid B maidir le minicíochtaí níos simplí anois agus scriostar Nóta 3 (thíos faoin tábla) mar nach bhfuil aon ghá leis.

Cuid C — Measúnú riosca ar an soláthar

Bogtar na chéad mhíreanna de Chuid C faoi Airteagal nua 9 maidir leis an measúnú riosca ar an soláthar. Is beag athrú ar na míreanna eile (sonraíochtaí maidir le himeacht ó mhinicíocht an fhaireacháin i gcás ina ndéantar measúnú riosca ar an soláthar) de Chuid C seo, a tugadh isteach i dTreoir 98/83/CE le leasú na bliana 2015, agus níl i gceist leis na modhnuithe beaga a rinneadh ach an friotal a chur i gcomhréir leis an bhfriotal atá sa chuid eile den Treoir.

Cuid D — Modhanna samplála agus pointí samplála

Is beag athrú ar an gCuid seo a tugadh isteach i dTreoir 98/83/CE le leasú na bliana 2015.

Iarscríbhinn III

Cuid A — Paraiméadair mhicribhitheolaíocha a sonraítear modhanna anailise ina leith

Scriostar an chéad dá mhír de Chuid A mar gurb é a bhí i gceist leo an deis Cuid A d'Iarscríbhinn III a leasú tríd an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú, agus tá foráil cheana faoi Airteagail 18 agus 19 maidir leis an deis Iarscríbhinn III a leasú trí ghníomhartha tarmligthe.

Tugtar liosta na modhanna maidir leis na paraiméadair mhicribhitheolaíocha cothrom le dáta chun na paraiméadair mhicribhitheolaíocha nua a áirítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I a léiriú.

Cuid B — Paraiméadair cheimiceacha a sonraítear saintréithe feidhmíochta ina leith

Tugadh an Chuid seo cothrom le dáta le leasú 2015 ar Threoir 98/83/CE. Cuireadh isteach dhá thábla, an tráth sin, agus i gceann amháin de na táblaí sin tugadh sonraíochtaí a bhí le húsáid go dtí deireadh 2019. Tá sé beartaithe an dara tábla sin ina bhfuil sonraíochtaí nach mbeidh bailí ach go dtí deireadh 2019 a scriosadh, agus an chéad tábla a choinneáil.

Tugtar an tábla le liosta na sonraíochtaí maidir leis na paraiméadair cheimiceacha cothrom le dáta, freisin, chun an liosta nua de pharaiméadair cheimiceacha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn I a léiriú.

Iarscríbhinn IV (nua)

Is Iarscríbhinn nua Iarscríbhinn IV ina liostaítear an fhaisnéis nach mór a bheith ar fáil ar shuíomh gréasáin chun faisnéis chuí a chur ar fháil don tomhaltóir. Ar chúiseanna comhréireachta, beidh ar ollsoláthraithe uisce míreanna breise faisnéise ar leith a chur ar fáil, lena n-áirítear faisnéis bhliantúil faoi fheidhmíocht fhoriomlán an chórais uisce maidir le héifeachtúlacht, agus rátaí sceite agus éifeachtúlacht fuinnimh san áireamh. Glactar leis, má chuirtear leis an bhfeasacht atá ag an bpobal ar an gceist seo, go bhféadfaí tionchar a imirt ar sholáthraithe uisce agus ar údaráis na mBallstát chun dul i ngleic le fadhb an chaillteanais uisce agus an sceite uisce.

Sean-Iarscríbhinní IV agus V

Is é a bhí in Iarscríbhinn IV na dátaí faoinar chóir sean-Treoir 80/778/CEE a thrasú sa dlí náisiúnta (agus i gcás Aontachas Ballstát nua). Is é a bhí in Iarscríbhinn V an sean-tábla comhghaoil idir Treoir 80/778/CEE agus Treoir 98/83/CE. Ní bhaineann na hIarscríbhinní sin le hábhar, a thuilleadh, agus scriostar iad.

Iarscríbhinn V (nua)

Is é atá in Iarscríbhinn V (nua) Iarscríbhinn chaighdeánach ina liostaítear an Treoir aisghairthe agus na leasuithe a rinneadh uirthi, mar aon leis na dátaí do thrasú agus do chur i bhfeidhm na Treorach.

Iarscríbhinn VI (nua)

Is é atá in Iarscríbhinn VI an tábla comhghaoil nua idir Treoir 98/83/CE agus an togra le haghaidh Treoir nua athmhúnlaithé.

↓ 1998/83 (oiriúnaithe)

2017/0332 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine (athmhúnlú)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ~~ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh~~ agus, go háirithe, Airteagal 192(1) ~~130(1)~~ de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁶⁴,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún⁶⁵,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

↓ nua

(1) Rinneadh Treoir 98/83/CE⁶⁶ ón gComhairle a leasú go suntasach roinnt uaireanta⁶⁷. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh uirthi, ba cheart í a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

↓ 1998/83 aithris 1 (oiriúnaithe)

~~Whereas it is necessary to adapt Council Directive 80/778/EEC of 15 July 1980 relating to the quality of water intended for human consumption⁶⁸ to scientific and technological progress; whereas experience gained from implementing that Directive shows that it is necessary to create an appropriately flexible and transparent legal framework for Member States to address failures to meet the standards; whereas, furthermore, that Directive should be re-examined in the light of the Treaty on European Union and in particular the principle of subsidiarity;~~

⁶⁴ IO C [...], [...], lch. [...].

⁶⁵ IO C [...], [...], lch. [...].

⁶⁶ Treoir 98/83/CE ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine (IO L 330, 5.12.1998, lch. 32).

⁶⁷ Féach Iarscríbhinn V.

⁶⁸ OJ L 229, 30.8.1980, p. 11. Directive as last amended by the 1994 Act of Accession.

↓ 1998/83 aithris 2 (oiriúnaithe)

~~Whereas in keeping with Article 3b of the Treaty, which provides that no Community action should go beyond what is necessary to achieve the objectives of the Treaty, it is necessary to revise Directive 80/778/EEC so as to focus on compliance with essential quality and health parameters, leaving Member States free to add other parameters if they see fit;~~

↓ 1998/83 aithris 3 (oiriúnaithe)

~~Whereas, in accordance with the principle of subsidiarity, Community action must support and supplement action by the competent authorities in the Member States;~~

↓ 1998/83 aithris 4

~~Whereas, in accordance with the principle of subsidiarity, the natural and socio-economic differences between the regions of the Union require that most decisions on monitoring, analysis, and the measures to be taken to redress failures be taken at a local, regional or national level insofar as those differences do not detract from the establishment of the framework of laws, regulations and administrative provisions laid down in this Directive;~~

↓ 1998/83 aithris 5

~~Whereas Community standards for essential and preventive health-related quality parameters in water intended for human consumption are necessary if minimum environmental quality goals to be achieved in connection with other Community measures are to be defined so that the sustainable use of water intended for human consumption may be safeguarded and promoted;~~

↓ 1998/83 aithris 6 (oiriúnaithe)

⇒ nua

(2) ⇒ Leagadh síos le Treoir 98/83/CE an creat dlíthiúil chun sláinte an duine a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha a ghabhann le héilliú aon uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine trína áirithiú go mbeadh an t-uisce glan folláin. Ba cheart an cuspóir céanna a bheith leis an Treoir seo. ⇐ ~~De bhri gur gá i bhfianaise a thábhachtaí do shláinte an duine atá cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine~~ ☒ Is gá, chuige sin, ☒ na caighdeán cáilíochta riachtanacha ⇐ híoscheanglais ⇐ nach mór don uisce atá ceaptha chun na críche sin a chomhlíonadh a leagan síos ar leibhéal ☒ an Aontais ☒ Comhphobail. ⇒ Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh lena áirithiú go mbeadh an t-uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine saor ó aon mhíocrogánaigh agus aon seadáin agus ó shubstaintí a d'fhéadfadh, i gcásanna áirithe, sláinte an duine a chur i mbaol, agus go gcomhlíonfadh sé na híoscheanglais sin. ⇐

↓ 1998/83 aithris 7 (oiriúnaithe)

~~(3) Whereas it is necessary to include water used in the food industry unless it can be established that the use of such water does not affect the wholesomeness of the finished product.~~

↓ 1998/83 aithris 8

~~Whereas to enable water supply undertakings to meet the quality standards for drinking water, appropriate water protection measures should be applied to ensure that surface and groundwater is kept clean; whereas the same goal can be achieved by appropriate water treatment measures to be applied before supply;~~

↓ 1998/83 aithris 9 (oiriúnaithe)

~~Whereas the coherence of European water policy presupposes that a suitable water framework Directive will be adopted in due course;~~

↓ 1998/83 aithris 10 (oiriúnaithe)

⇒ nua

- (3) Is gá uiscí mianraí nádúrtha agus uiscí ar táirgí íocshláinte iad a eisiaimh ó raon feidhme na Treorach seo toisc ~~go bhfuil rialacha speisialta leagtha síos maidir leis na cineálacha uisce sin~~ ⇒ go gcumhdaítear na huiscí sin le Treoir 2009/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁹ agus Treoir 2001/83/CÉ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷⁰. Tá baint, áfach, ag Treoir 2009/54/CE le huiscí mianraí nádúrtha agus le fíoruiscí, agus níor cheart ach an chéad chatagóir díobh a eisiaimh ó raon feidhme na Treorach seo. I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 9(4) de Threoir 2009/54/CE, ba cheart d'fhíoruiscí forálacha na Treorach seo a chomhlíonadh. I gcás uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine agus a chuirtear i mbuidéil nó i gcoimeádáin atá beartaithe a dhíol nó a úsáid chun bia a mhonarú, a ullmhú nó a chóireáil, ba cheart don uisce sin forálacha na Treorach seo a chomhlíonadh go dtí an pointe comhlíontachta (i.e. an buacaire), agus ba cheart glacadh leis, tar éis an phointe sin, gur bia é i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷¹. ⇐
-

↓ 1998/83 aithris 11

~~Whereas measures are required for all parameters directly relevant to health and for other parameters if a deterioration in quality has occurred; whereas, furthermore, such measures should be carefully coordinated with the implementation of Council Directive 91/414/EEC of 15 July 1991 concerning the placing of plant protection products on the market⁷² and Directive 98/8/EC of the European Parliament and of the Council of 16 February 1998 concerning the placing of bioicidal products on the market⁷³;~~

⁶⁹ Treoir 2009/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le huiscí mianraí nádúrtha a shaothrú agus a mhargú (Athmhúnlú) (IO L 164, 26.6.2009, lch. 45).

⁷⁰ Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

⁷¹ Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

⁷² IO L 230, 19.8.1991, lch. 1. Directive as last amended by Commission Directive 96/68/EC (OJ L 277, 30.10.1996, p. 25).

⁷³ IO L 123, 24.4.1998, lch. 1.

- (4) Tar éis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh maidir leis an gceart ar uisce (Right2Water)⁷⁴ a bheith tugtha i gcrích, seoladh comhairliúchán poiblí san Aontas agus rinneadh Meastóireacht REFIT (Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála) ar Threoir 98/83/CE⁷⁵. Léirigh na bearta sin gur ghá forálacha áirithe i dTreoir 98/83/CE a thabhairt cothrom le dáta. Aithníodh ceithre réimse a d'fhéadfaí a fheabhsú, eadhon an liosta de luachanna paraiméadracha cáilíochta, an spleáchas teoranta ar chur chuige rioscabhunaithe, na forálacha neamhbheachta maidir le faisnéis do thomhaltóirí, agus na difríochtaí idir córais formheasa le haghaidh ábhair a bhíonn i dteagmháil le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Ina theannta sin, aithníodh sa tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh maidir leis an gceart ar uisce gur fadhb mhór é nach bhfuil rochtain ag sciar den phobal, go háirithe grúpaí imeallaithe, ar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine, agus is tiomantas é sin freisin faoi Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 6 de Chlár Oibre na Náisiún Aontaithe 2030. Saincheist eile a aithníodh an easpa feasachta i gcoitinne i dtaobh sceitheadh uisce, rud a tharlaíonn nuair nach leor an méid a infheistítear i gcothabháil agus in athnuachan an bhonneagair uisce, agus a luaitear freisin sa Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbonneagar uisce⁷⁶.
- (5) Rinne an Oifig Réigiúnach don Eoraip de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) athbhreithniú mionsonraithe ar an liosta de na paraiméadair agus na luachanna paraiméadracha a leagtar síos i dTreoir 98/83/CE d'fhonn a shuíomh a bhfuil nó nach bhfuil gá an liosta sin a chur in oiriúint i bhfianaise dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch. I bhfianaise thorthaí an athbhreithnithe sin⁷⁷, ba cheart pataiginí eintreacha agus *Legionella* a rialú, sé pharaiméadar cheimiceacha nó sé ghrúpa de pharaiméadair cheimiceacha a chur leis an liosta, agus trí cheimiceán réabtha iontálach ionadaíoch a mheas le luachanna tagarmhairc réamhchúramacha. I gcás trí cinn de na paraiméadair nua, ba cheart luachanna paraiméadracha atá níos déine ná na luachanna sin atá molta ag EDS, ach is féidir a bhaint amach mar sin féin, a leagan síos i bhfianaise phrionsabal an réamhchúraim. I gcás luaidhe, chuir EDS in iúl gur cheart don tíuchan a bheith chomh híseal agus is féidir go praiticiúil, agus i gcás cróimiam, go bhfuil an luach fós á athbhreithniú ag EDS; dá brí sin, i gcás an dá pharaiméadar sin, ba cheart idirthréimhse deich mbliana a bheith i bhfeidhm maidir leo sula dtabharfaí isteach na luachanna níos déine.
- (6) Mhol EDS na trí luach paraiméadracha a dhéanamh níos solúbtha agus cúig pharaiméadar eile a bhaint den liosta. Meastar nár ghá, áfach, na hathruithe sin a dhéanamh mar go bhfágann an cur chuige rioscabhunaithe a tugadh isteach le Treoir

⁷⁴ COM(2014) 177 final

⁷⁵ SWD(2016) 428 final

⁷⁶ Tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa SR 12/2017: "*Implementing the Drinking Water Directive: water quality and access to it improved in Bulgaria, Hungary and Romania, but investment needs remains substantial*" [Cur Chun Feidhme na Treorach maidir le hUisce Óil: cáilíocht an uisce agus an rochtain ar uisce á bhfeabhsú sa Bhulgáir, san Ungáir agus sa Rómáin, ach tá gá le méid mór infheistíochta go fóill.]

⁷⁷ Tionscadail Comhair maidir le Paraiméadair Uisce Óil de chuid Oifig Réigiúnach EDS san Eoraip "*Support to the revision of Annex I Council Directive 98/83/EC on the quality of water intended for human consumption (Drinking Water Directive) Recommendation*", 11.09.2017.

(AE) 2015/1787 ón gCoimisiún⁷⁸ go gceadaítear do sholáthraithe uisce paraiméadar a ndéanfar faireachán air faoi dhálaí áirithe a bhaint den liosta. Tá teicnící cóireála i bhfeidhm cheana chun na luachanna paraiméadracha sin a bhaint amach.

↓ 1998/83 aithris 12

~~Whereas it is necessary to set individual parametric values for substances which are important throughout the Community at a level strict enough to ensure that this Directive's purpose can be achieved;~~

↓ 1998/83 aithris 13

~~Whereas the parametric values are based on the scientific knowledge available and the precautionary principle has also been taken into account; whereas those values have been selected to ensure that water intended for human consumption can be consumed safely on a life-long basis, and thus represent a high level of health protection;~~

↓ 1998/83 aithris 14

~~Whereas a balance should be struck to prevent both microbiological and chemical risks; whereas, to that end, and in the light of a future review of the parametric values, the establishment of parametric values applicable to water intended for human consumption should be based on public health considerations and on a method of assessing risk;~~

↓ 1998/83 aithris 15

~~Whereas there is at present insufficient evidence on which to base parametric values for endocrine disrupting chemicals at Community level, yet there is increasing concern regarding the potential impact on humans and wildlife of the effects of substances harmful to health;~~

↓ 1998/83 aithris 16

~~Whereas in particular the standards in Annex I are generally based on the World Health Organisation's 'Guidelines for drinking water quality', and the opinion of the Commission's Scientific Advisory Committee to examine the toxicity and ecotoxicity of chemical compounds;~~

↓ 1998/83 aithris 17 (oiriúnaithe)

(7) I gcás inar gá sin a dhéanamh chun sláinte an duine a chosaint laistigh dá gcríocha, ba cheart ceangal a bheith ar ~~De bhri nach mór do~~ na Ballstáit luachanna a shocrú le haghaidh paraiméadair bhreise ~~eile~~ nach bhfuil san áireamh in Iarscríbhinn I ~~i gcás inar gá déanamh amhlaidh chun sláinte an duine a chosaint laistigh dá gcríoch.~~

⁷⁸ Treoir (AE) 2015/1787 ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2015 lena leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 98/83/CE ón gComhairle maidir le cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine (IO L 260, 7.10.2015, lch. 6).

↓ 1998/83 aithris 18 (oiriúnaithe)

~~Whereas Member States may set values for other additional parameters not included in Annex I where that is deemed necessary for the purpose of ensuring the quality of the production, distribution and inspection of water intended for human consumption;~~

↓ 1998/83 aithris 19

~~Whereas, when Member States deem it necessary to adopt standards more stringent than those set out in Annex I, Parts A and B, or standards for additional parameters not included in Annex I but necessary to protect human health, they must notify the Commission of those standards;~~

↓ 1998/83 aithris 20

~~Whereas Member States are bound, when introducing or maintaining more stringent protection measures, to respect the principles and rules of the Treaty, as they are interpreted by the Court of Justice;~~

↓ nua

(8) Níor cuireadh eilimintí pleanála sábháilteachta coiscthí ná eilimintí rioscabhunaithe san áireamh ach go pointe áirithe i dTreoir 98/83/CE. Tugadh isteach na chéad eilimintí de chóras rioscabhunaithe cheana féin in 2015 le Treoir (AE) 2015/1787 lenar leasaíodh Treoir 98/83/CE le go bhféadfadh na Ballstáit imeacht ó na cláir faireacháin a bhí bunaithe acu, ar choinníoll go ndéanfaí measúnuithe riosca inchreidte a d'fhéadfaí a bhunú ar na Treoirlínte ó EDT maidir le Cáilíocht Uisce Óil⁷⁹. Tá na Treoirlínte sin lena leagtar síos cur chuige an "Phlean Sábháilteachta Uisce", mar a thugtar air, agus caighdeán EN 415975-2 a bhaineann le slándáil an tsoláthair uisce óil, ina bprionsabail a aithnítear go hidirnáisiúnta ar dá réir a bhunaítear táirgeadh, dáileadh, faireachán agus anailisiú na bparaiméadar maidir leis an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Ba cheart iad a choinneáil sa Treoir seo. Lena áirithiú nach bhfuil na prionsabail sin teoranta do ghnéithe faireacháin amháin, chun am agus acmhainní a dhíriú ar rioscaí a bhfuil tábhacht leo agus ar bhearta costéifeachtacha atá dírithe ar an bhfoinse, agus chun a sheachaint go ndéanfar anailísí agus iarrachtaí ar shaincheistanna neamhábharta agus nach gcuirfear acmhainní amú ar na saincheistanna sin, is iomchuí cur chuige cuimsitheach rioscabhunaithe a thabhairt isteach, feadh an tslabhra soláthair ina iomláine, ón limistéar astarraingthe go dtí dáileadh an uisce ón mbuacaire. Ba cheart an cur chuige sin a bheith comhdhéanta de thrí rud: ar an gcéad dul síos, go ndéanfaidh an Ballstát measúnú ar na guaiseacha a bhaineann leis an limistéar astarraingthe ("measúnú ar ghuaiseacha"), i gcomhréir leis na Treoirlínte ó EDS agus Lámhleabhar an Phlean Sábháilteachta Uisce⁸⁰; ar an dara dul síos, go mbeadh an deis ag an soláthraí uisce an faireachán a dhéanfar a chur in oiriúint do na príomhrioscaí atá ann ("measúnú riosca ar an soláthar"); agus, ar an tríú

⁷⁹ *Guidelines for drinking water quality*, an ceathrú heagrán, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2011 http://www.who.int/water_sanitation_health/publications/2011/dwq_guidelines/en/index.html

⁸⁰ Lámhleabhar an Phlean Sábháilteachta Uisce [*Water Safety Plan Manual: step-by-step risk management for drinking water suppliers*], an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2009, http://apps.who.int/iris/bitstream/10665/75141/1/9789241562638_eng.pdf

dul síos, go ndéanfadh an Ballstát measúnú ar na rioscaí a d'fhéadfadh teacht as na córais dáileacháin baile (e.g. *Legionella* nó luaidhe) ("measúnú riosca ar an gcóras dáileacháin baile"). Ba cheart na measúnuithe sin a athbhreithniú go rialta, *inter alia*, i bhfianaise bagairtí de dheasca eachtraí adhaimisire a bhaineann leis an aeráid, athruithe aitheanta ar ghníomhaíocht an duine sa limistéar astarraingthe nó teagmhas a bhaineann leis an bhfoinse. Áirithítear leis an gcur chuige rioscabhunaithe go mbeidh faisnéis á malartú ar bhonn leanúnach idir na húdaráis inniúla agus na soláthraithe uisce.

- (9) Ba cheart an measúnú ar ghuaiseacha a cheapadh sa chaoi agus go laghdódh sé an méid cóireála is gá a dhéanamh chun an t-uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a tháirgeadh, mar shampla laghdú ar na brúnna is cúis le truailliú na ndobharlach a úsáidtear chun uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a astarraingt. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit guaiseacha agus foinsí truailliúcháin a bhféadfadh baint a bheith acu leis na dobharlaigh sin a shainaithe agus faireachán a dhéanamh ar na truailléin sin atá aitheanta acu mar thruailleáin ábhartha, de dheasca na nguaiseacha a aithníodh mar shampla (e.g. micreaphlaistigh, níotráití, lotnaidicídí nó cógais a aithnítear faoi Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸¹), ós rud é go bhfuil siad i láthair ó nádúr sa limistéar astarraingthe (e.g. arsanaic), nó i bhfianaise faisnéise a fuarthas ó na soláthraithe uisce (e.g. méadú tobann ar pharaiméadar áirithe in amhuisce). Ba cheart na paraiméadair sin a úsáid mar chomharthaí lena dtionscnaítear beart ó na húdaráis inniúla an brú ar na dobharlaigh a laghdú, bearta coisctheacha, cuir i gcás, nó bearta maolaitheacha (lena n-áirítear taighde chun tuiscint a fháil ar an tionchar ar an tsláinte, más gá), chun na dobharlaigh sin a chosaint agus dul i ngleic leis an bhfoinse truailliúcháin, i gcomhar leis na soláthraithe uisce agus na páirtithe leasmhara.
- (10) Maidir leis an measúnú ar ghuaiseacha, cuireann Treoir 2000/60/CE de cheangal ar na Ballstáit dobharlaigh a shainaithe a úsáidtear chun uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a astarraingt, faireachán a dhéanamh orthu, agus na bearta is gá a dhéanamh lena sheachaint go dtiocfadh meath ar cháilíocht na ndobharlach sin d'fhonn an leibhéal íonghlanta is gá a laghdú chun uisce atá oiriúnach do thomhaltas an duine a tháirgeadh. Lena sheachaint go dtarlódh aon dúbailt sna dualgais, ba cheart do na Ballstáit, agus an measúnú ar ghuaiseacha á dhéanamh acu, leas a bhaint as an bhfaireachán a dhéantar faoi Airteagal 7 agus Airteagal 8 de Threoir 2000/60/CE agus Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin agus as na bearta atá acu ina gcláir beart de bhun Airteagal 11 de Threoir 2000/60/CE.

↓ 1998/83 aithris 21 (oiriúnaithe)
⇒ nua

- (11) Na luachanna paraiméadracha ☒ a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine ☒, is gá iad a chomhlíonadh ag an bpointe ina gcuirtear uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine ar fáil don úsáideoir cuí. ⇒ Is féidir, áfach, leis an gcóras dáileacháin baile difear a dhéanamh do cháilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Tá sé tugtha faoi deara ag EDS gur *Legionella* is cúis leis an ualach is mó ó thaobh na sláinte de, san Aontas, as na pataiginí uisce-iompartha uile. Tarchuirtear é i gcórais uisce the trí ionanálú, le linn

⁸¹ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

cithfholcadh cuir i gcás. Tá nasc soiléir idir é agus an córas dáileacháin baile, dá bhrí sin. Dá mba rud é go dtiocfadh costas atá i bhfad ró-ard as aon oibleagáid aontaobhach lena bhforchuirfí faireachán a dhéanamh ar gach áitreabh príobháideach agus poiblí i leith na pataigine sin, b'oiriúnaí measúnú riosca a dhéanamh ar an gcóras dáileacháin baile chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin. Ina theannta sin, ba cheart na rioscaí a d'fhéadfadh teacht as táirgí agus ábhair a bhíonn i dteagmháil le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a mheas, freisin, sa mheasúnú riosca ar an gcóras dáileacháin baile. Ba cheart a áireamh, dá bhrí sin, *inter alia*, sa mheasúnú riosca ar an gcóras dáileacháin baile faireachán a dhéanamh ar áitribh thosaíochta, measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a thagann as an gcóras dáileacháin baile agus táirgí gaolmhara agus ábhair ghaolmhara, agus feidhmíocht táirgí foirgníochta a bhíonn i dteagmháil le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a fhíorú ar bhonn an dearbhaithe feidhmíochta a ghabhann leo i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸². Is gá an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 31 agus Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸³ a thabhairt, freisin, in éineacht leis an dearbhú feidhmíochta. Ba cheart do na Ballstáit, ar bhonn an mheasúnaithe sin, gach beart is gá a dhéanamh lena áirithiú, *inter alia*, go bhfuil bearta rialaithe agus bainistithe iomchuí (e.g. i gcás ráigeanna) i bhfeidhm, i gcomhréir le treoracha EDS⁸⁴, agus nach gcuirfeadh an t-ascnamh sin as táirgí foirgníochta sláinte an duine i mbaol. Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, áfach, dá mba rud é go gciallódh na bearta sin go gcuirfí srianta ar shaorghluaiseacht táirgí agus ábhar san Aontas, níor mhór údar cuí a bheith leis na srianta sin agus iad a bheith comhréireach go docht, agus nárbh idirdhealú treallach iad ná srianadh faoi cheilt ar an trádáil idir Ballstáit. ⇐

↓ nua

- (12) I gcás fhorálacha Threoir 98/83/CE maidir leis an gcóireáil, an treamh agus na hábhair a dhearbhu ó thaobh na cáilíochta de, níor éirigh leo dul i ngleic leis na bacainní atá ar an margadh inmheánach a fhad a bhaineann le saorghluaiseacht táirgí foirgníochta a bhíonn i dteagmháil le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Tá formheasanna náisiúnta táirgí fós i bhfeidhm agus athraíonn na ceanglais ó Bhallstát go chéile. Fágann sin gur deacair agus gur costasach do mhonaróirí a dtáirgí a mhargú i ngach áit san Aontas. Ní fhéadfar deireadh éifeachtach a chur le bacainní teicniúla ach amháin trí shonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a bhíonn i dteagmháil le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a leagan síos de bhun Rialachán (AE) Uimh. 305/2011. Ceadaítear faoin Rialachán sin caighdeáin Eorpacha a cheapadh chun comhchuibhiú a dhéanamh ar na modhanna measúnaithe maidir le táirgí foirgníochta a bhíonn i dteagmháil le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine agus ar na tairseacha agus na haicmí atá le socrú maidir le leibhéal

⁸² Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle (IO L 88, 4.4.2011, lch. 5).

⁸³ Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

⁸⁴ "Legionella and the prevention of Legionellosis", an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2007, http://www.who.int/water_sanitation_health/emerging/legionella.pdf

feidhmíochta saintréithe ríthábhachtaí. Chuige sin, áirítear i gClár Oibre 2017 maidir le caighdeánú⁸⁵ iarraidh ar chaighdeánú lena gceanglaítear go sonrach obair caighdeánaithe a dhéanamh ar shláintíocht agus ar shábháilteacht táirgí agus ábhar a bhíonn i dteagmháil le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine faoi Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, agus eiseofar caighdeán faoi 2018. Áiritheoidh foilsíú an chaighdeáin chomhchuibhithe sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* go mbeidh córas cinnteoireachta cóimheasta ann chun táirgí foirgníochta sábháilte a bhíonn i dteagmháil le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a mhargú nó a chur ar fáil. Dá thoradh sin, ba cheart na forálacha sin a bhaineann le trealamh agus ábhar a bhíonn i dteagmháil le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a scríosadh, agus forálacha a bhaineann leis an measúnú riosca ar an gcóras dáileacháin baile a chur in ionad roinnt díobh agus iad a chomhlánú le caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha faoi Rialachán (AE) Uimh. 305/2011.

↓ 1998/83 aithris 22

~~Whereas the quality of water intended for human consumption can be influenced by the domestic distribution system; whereas, furthermore, it is recognised that neither the domestic distribution system nor its maintenance may be the responsibility of the Member States;~~

↓ 1998/83 aithris 23 (oiriúnaithe)

⇒ nua

- (13) Ba cheart do gach Ballstát ☒ a áirithiú go mbunófaí ☒ cláir faireacháin a bhunú chun a sheiceáil cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine ceanglais na Treorach seo. ~~whereas such monitoring programmes should be appropriate to local needs and should meet the minimum monitoring requirements laid down in this Directive;~~ ⇒ Is soláthraithe uisce, den chuid is mó, a dhéanfaidh formhór an fhaireacháin a dhéanfar chun críocha na Treorach seo. Ba cheart solúbthacht áirithe a thabhairt do sholáthraithe uisce maidir leis na paraiméadair a ndéanann siad faireachán orthu chun críocha an mheasúnaithe riosca ar an soláthar. Mura ndéanfaí paraiméadar áirithe a bhrath, ba cheart do sholáthraithe uisce a bheith in ann minicíocht an fhaireacháin a ísliú nó deireadh a chur leis an bhfaireachán ar an bparaiméadar sin trí chéile. Ba cheart an measúnú riosca ar an soláthar a chur i bhfeidhm maidir le formhór na bparaiméadar. Ba cheart faireachán a dhéanamh ar chroíliosta paraiméadar ar bhonn minicíocht íosta áirithe. Is é a leagtar síos leis an Treoir sin, den chuid is mó, forálacha maidir leis an minicíocht faireacháin chun críocha seiceálacha comhlíontachta agus ní leagtar síos léi ach forálacha teoranta maidir leis an bhfaireachán chun críocha oibriúcháin. Féadfaidh sé go mbeidh gá le faireachán breise a dhéanamh chun críocha oibriúcháin lena áirithiú go mbeidh an chóireáil uisce ag feidhmiú i gceart, faoi lánrogha na soláthraithe uisce. Ina leith sin, féadfaidh na soláthraithe uisce tagairt a dhéanamh do na Treoirínte ó EDS agus Lámhleabhar an Phlean Sábháilteachta Uisce. ⇐

↓ nua

- (14) Ba cheart an cur chuige rioscabhunaithe a bheith i bhfeidhm de réir a chéile ag gach soláthraí uisce, agus mionsoláthraithe uisce san áireamh, ós rud é gur léirigh an

⁸⁵ SWD(2016) 185 final

mheastóireacht a rinneadh ar Threoir 98/83/CE go raibh easnaimh ann sa chaoi a gcuirtear chun feidhme í maidir leis na mionsoláthraithe sin, arb é an costas a bhaineann le feidhmeanna faireacháin neamhriachtanacha is gá a dhéanamh is cúis leis uaireanta. Ba cheart aon ábhar inmí slándála atá ann a chur san áireamh agus an cur chuige rioscabhunaithe á chur i bhfeidhm.

↓ 1998/83 aithris 24

~~Whereas the methods used to analyse the quality of water intended for human consumption should be such as to ensure that the results obtained are reliable and comparable;~~

↓ 1998/83 aithris 25 (oiriúnaithe)
⇒ nua

- (15) I gcás nach gcomhlíontar na caighdeáin a fhorchuirtear leis an Treoir seo, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann imscrúdú a dhéanamh ⇒ láithreach ⇐ ar an gcúis leis an neamhchomhlíonadh agus a áirithiú go ndéanfaí an ghníomhaíocht feabhais is gá a luaithis is féidir chun an cháilíocht uisce a athbhunú. ☒ I gcásanna ina bhféadfaidh an soláthar uisce sláinte an duine a chur i mbaol, ba cheart soláthar an uisce sin a thoirmeasc nó srian a chur lena úsáid. ☒ ⇒ Ina theannta sin, is tábhachtach a shoiléiriú má tharlaíonn mainneachtain na híoscheanglais maidir leis na luachanna a bhaineann leis na paraiméadair mhicreabhitheolaíochá agus cheimiceacha a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit a mheas láithreach go bhféadfaidh an mhainneachtain sin a bheith ina baol do shláinte an duine. ⇐ ☒ I gcásanna ina mbeadh gá le gníomhaíocht feabhais chun cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a athbhunú, i gcomhréir le hAirteagal 191(2) den Chonradh, ba cheart díriú ar dtús ar ghníomhaíocht lena réiteofaí an fhadhb ag an bhfoinse. ☒

↓ 1998/83 aithris 26

~~Whereas it is important to prevent contaminated water causing a potential danger to human health; whereas the supply of such water should be prohibited or its use restricted;~~

↓ 1998/83 aithris 27

~~Whereas, in the event of non-compliance with a parameter that has an indicator function, the Member State concerned must consider whether that non-compliance poses any risk to human health; whereas it should take remedial action to restore the quality of the water where that is necessary to protect human health;~~

↓ 1998/83 aithris 28

~~Whereas, should such remedial action be necessary to restore the quality of water intended for human consumption, in accordance with Article 130r(2) of the Treaty, priority should be given to action which rectifies the problem at source;~~

- (16) Níor cheart na Ballstáit a údarú, ⇒ a thuilleadh, ⇐ ~~faoi choinníollacha áirithe,~~ maoluithe ar an Treoir seo a dheonú. ⇒ Baineadh leas as maoluithe, i dtosach báire, chun suas le naoi mbliana a thabhairt do na Ballstáit neamhchomhlíonadh a bhaineann le luach paraiméadrach a réiteach. Is léir go raibh an nós imeachta sin ina ualach ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún araon. Ina theannta sin, i gcásanna áirithe, d'fhág sé gur cuireadh moill ar ghníomhaíochtaí feabhais a dhéanamh, toisc gur glacadh leis gur idirthréimhse a bhí i ndeis an mhaolaithe. Dá bhrí sin, ba cheart an fhoráil maidir le maoluithe a scriosadh. Ar chúiseanna a bhaineann le cosaint shláinte an duine, dá mba rud é go sárófaí luachanna paraiméadracha, ba cheart na forálacha a bhaineann le gníomhaíochtaí feabhais a chur i bhfeidhm láithreach gan deis a thabhairt maolú ar an luach paraiméadrach a dheonú. Maidir le maoluithe a dheonaigh Ballstáit de bhun Airteagal 9 de Threoir 98/83/CE agus atá fós i bhfeidhm ar dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo, ba cheart dóibh leanúint de bheith i bhfeidhm, áfach, go dtí go dtiocfadh deireadh leis an maolú, ach níor cheart iad a athnuachan. ⇐ ~~whereas, furthermore, it is necessary to establish a proper framework for such derogations, provided that they must not constitute a potential danger to human health and provided that the supply of water intended for human consumption in the area concerned cannot otherwise be maintained by any other reasonable means;~~

- (17) Sa fhreagra a thug an Coimisiún ar an tionscnamh ó na saoránaigh 'Right2Water' in 2014⁸⁶, iarradh ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain ag gach saoránach ar sholáthar íosta uisce, i gcomhréir le moltaí EDS. Thug sé gealltanas freisin leanúint "*to improve access to safe drinking water [...] for the whole population through environmental policies*" [den fheabhas atáthar a chur ar uisce óil sábháilte [...] don daonra ar fad trí bheartais comhshaoil]⁸⁷. Tá sé sin i gcomhréir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 6 de chuid na Náisiún Aontaithe agus an sprioc ghaolmhar chun "*achieve universal and equitable access to safe and affordable drinking water for all*" [rochtain uilíoch chothrom ar uisce óil sábháilte atá ar phraghas réasúnta a bhaint amach do chách]]. Is é atá i gceist leis an rochtain chothrom go mbeidh réimse fairsing de ghnéithe ann amhail infhaighteacht (mar shampla, de bharr cúiseanna geografacha, bonneagar easpach nó an cás sonracha a bhaineann le sciar áirithe de na pobail), cáilíocht, inghlacthacht, nó inacmhainneacht airgeadais. Maidir le hinacmhainneacht uisce, is tábhachtach a mheabhrú go bhféadfaidh na Ballstáit, agus taraifí uisce á socrú acu i gcomhréir leis an bprionsabal gnóthaithe costas a leagtar amach i dTreoir 2000/60/CE, féachaint don éagsúlacht i ndálaí eacnamaíocha agus sóisialta an phobail agus, dá bhrí sin, taraifí sóisialta a ghlacadh nó bearta a dhéanamh chun pobail atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch a chosaint. Tugtar aghaidh, go háirithe, sa Treoir seo ar ghnéithe rochtana uisce a bhaineann le cáilíocht agus infhaighteacht. D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na gnéithe sin sa fhreagra ar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh agus chun rannchuidiú le cur chun feidhme Phrionsabal 20 de Cholún

⁸⁶ COM(2014)177 final

⁸⁷ COM(2014)177 final, lch. 12.

Eorpach na gCeart Sóisialta⁸⁸ ina luaitear "*achieve universal and equitable access to safe and affordable drinking water for all*" [rochtain uilíoch chothrom ar uisce óil sábháilte atá ar phraghas réasúnta a bhaint amach do chách], ba cheart ceangal a bheith ar na Ballstáit dul i ngleic le ceist na rochtana uisce ar an leibhéal náisiúnta ach roinnt roghanna a bheith acu, mar sin féin, maidir leis na bearta sonracha a bheidh le cur chun feidhme. Is féidir sin a dhéanamh trí bhíthin gníomhaíochtaí a bheidh dírithe, *inter alia*, ar an rochtain ar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a fheabhsú do chách, trí, mar shampla, scairdeáin uisce a bhfuil teacht gan bhac orthu sna cathracha, agus úsáid uisce a chur chun cinn trí dhaoine a spreagadh an t-uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a chur ar fáil in aise i bhfoirgnimh phoiblí agus i mbialanna.

- (18) Sa Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le "hobair a leanann as an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh Right2Water"⁸⁹, iarradh "*go dtabharfadh na Ballstáit aird speisialta ar na riachtanais atá ag grúpaí leochaileacha sa tsochaí*"⁹⁰. Sa Tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an gCreat AE do straitéisí náisiúnta maidir le lánpháirtíú na Romach⁹¹ agus sa Rún ón gComhairle maidir le bearta éifeachtacha chun Romaigh a lánpháirtíú sna Ballstáit⁹², luaitear cás sonrach cultúr mionlaigh, amhail Romaigh, Sintígh, an Lucht Siúil, *Kalé*, *Gens de voyage*, etc., is cuma aistreach nó neamhaistreach iad, agus go háirithe an easpa rochtana a bhíonn acu ar uisce óil. I bhfianaise an chomhthéacs ghinearálta sin, is iomchuí go dtabharfadh na Ballstáit aird faoi leith ar ghrúpaí leochaileacha agus imeallaithe trí na bearta riachtanacha a dhéanamh lena áirithiú go mbeidh rochtain ag na grúpaí sin ar uisce. Gan dochar don cheart atá ag na Ballstáit sainmhíniú a thabhairt ar na grúpaí sin, ba cheart a áireamh orthu ar a laghad dídeanaithe, pobail fáin, daoine gan dídean agus cultúir mionlaigh amhail Romaigh, Sintígh, an Lucht Siúil, *Kalé*, *Gens de voyage*, etc., is cuma aistreach nó neamhaistreach iad. Ar na bearta sin lena n-áirithítear rochtain, agus a bheidh na Ballstáit féin in ann a mheas, tá córais soláthair mhalartacha (gléasanna cóireála indibhidiúla), uisce a sholáthar as tancaeir (trucaílí agus sistéil) agus an bonneagar cúí a áirithiú do champaí.

↓ 1998/83 aithris 30

~~Whereas, since the preparation or distribution of water intended for human consumption may involve the use of certain substances or materials, rules are required to govern the use thereof in order to avoid possible harmful effects on human health;~~

↓ 1998/83 aithris 31

~~Whereas scientific and technical progress may necessitate rapid adaptation of the technical requirements laid down in Annexes II and III; whereas, furthermore, in order to facilitate application of the measures required for that purpose, provision should be made for a procedure under which the Commission can adopt such adaptations with the assistance of a committee composed of representatives of the Member States;~~

⁸⁸ Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (2017/C 428/09) an 17 Samhain 2017 (IO C 428, 13.12.2017, lch. 10).

⁸⁹ P8_TA(2015)0294

⁹⁰ P8_TA(2015)0294, mír 62.

⁹¹ COM(2014) 209 final

⁹² Rún (2013/C 378/01) ón gComhairle an 9 Nollaig 2013 maidir le bearta éifeachtacha chun Romaigh a lánpháirtíú sna Ballstáit (IO C 378, 24.12.2013, lch. 1).

↓ 1998/83 aithris 32

~~Whereas consumers should be adequately and appropriately informed of the quality of water intended for human consumption, of any derogations granted by the Member States and of any remedial action taken by the competent authorities; whereas, furthermore, consideration should be given both to the technical and statistical needs of the Commission, and to the rights of the individual to obtain adequate information concerning the quality of water intended for human consumption;~~

↓ 1998/83 aithris 33

~~Whereas, in exceptional circumstances and for geographically defined areas, it may be necessary to allow Member States a more extensive timescale for compliance with certain provisions of this Directive;~~

↓ 1998/83 aithris 34 (oiriúnaithe)

~~Whereas this Directive should not affect the obligations of the Member States as to the time limit for transposition into national law, or as to application, as shown in Annex IV;~~

↓ nua

(19) Ceanglaítear leis an seachtú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol go dtí 2020 dar teideal "*Living well, within the limits of our planet*"⁹³, go mbeidh teacht ag an bpobal ar fhaisnéis shoiléir faoin gcomhshaol ar an leibhéal náisiúnta. Ní raibh foráilte le Treoir 98/83/CE ach go mbeadh rochtain éighníomhach ann ar fhaisnéis, rud a chiallaíonn nach raibh ar na Ballstáit ach a áirithiú go raibh faisnéis le fáil. Ba cheart na forálacha sin a ionadú, dá bhrí sin, lena áirithiú go mbeadh sé éasca teacht ar fhaisnéis atá cothrom le dáta, ar shuíomh gréasáin, cuir i gcás, ar cheart a bheith gníomhach ag scaipeadh naisc leis. Ní torthaí as na cláir faireacháin amháin ba cheart a bheith san fhaisnéis atá cothrom le dáta, ach freisin faisnéis bhreise a d'fhéadfadh a bheith úsáideach don phobal, faisnéis faoi tháscairí (iarann, cruas, mianraí, etc.), cuir i gcás, a mbíonn tionchar acu go minic ar an dearcadh a bhíonn ag tomhaltóirí ar uisce buacaire. Chuige sin, ba cheart na paraiméadair tháscacha a luaitear i dTreoir 98/83/CE, paraiméadair nár tugadh aon fhaisnéis a bhaineann leis an tsláinte iontu, a ionadú agus faisnéis ar líne a chur ina n-áit. I gcás ollsoláthraithe uisce, ba cheart faisnéis bhreise faoi, *inter alia*, éifeachtúlacht fuinnimh, bainistiú, rialachas, struchtúr costais, agus an chóireáil a dhéantar, a chur ar fáil freisin ar líne. Glactar leis go gcuirfear leis an iontaoibh atá ag saoránaigh as an soláthar uisce a chuirtear ar fáil dóibh má bhíonn eolas níos fearr ag an tomhaltóir agus trédhearcacht níos mó ann. Táthar ag súil le go bhféadfaidh sin go mbainfear úsáid níos forleithne as uisce buacaire, rud a d'fhágfadh, dá réir sin, laghdú ar an mbruscar plaisteach agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus tionchar dearfach ar mhaolú an athraithe aeráide agus ar an gcomhshaol trí chéile.

⁹³ Cinneadh Uimh. 1386/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 ar Chlár Ginearálta Gníomhaíochta don Chomhshaol de chuid an Aontais go dtí 2020 dar teideal "*Living well, within the limits of our planet*" (IO L 354, 28.12.2013, lch. 171).

- (20) Ar na cúiseanna céanna agus d'fhonn tomhaltóirí a bheith níos mó ar an eolas faoi na himpleachtaí atá ag an tomhaltas uisce, ba cheart faisnéis (ar an sonrasc, cuir i gcás, nó i bhfeidhmchláir chliste) a chur ar fáil don tomhaltóir faoin méid uisce arna thomhailt, struchtúr costais na taraife arna muirearú ag an soláthraí uisce, lena n-áirítear costais athraitheacha agus sheasta, mar aon leis an bpraghas ar lítear uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine, le go bhféadfadh sé comparáid a dhéanamh le praghas an uisce i mbuidéil.
- (21) Tá na prionsabail is ceart a mheas agus taraifí uisce á socrú, eadhon an prionsabal gnóthaithe costas ar sheirbhísí uisce agus an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, leagtha amach i dTreoir 2000/60/CE. Ní áirítear i gcónaí, áfach, inbhuanaitheacht airgeadais na seirbhísí uisce, agus fágann sin, uaireanta, nach ndéantar ach tearcinfheistíocht i gcothabháil an bhonneagair uisce. De réir mar a thagann feabhas ar na teicnící faireacháin, is follasaí na rátaí sceite – ar de dheasca tearcinfheistíochta iad den chuid is mó – agus ba cheart don Aontas é a spreagadh cailteanas uisce a laghdú chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht an bhonneagair uisce. I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, ba cheart aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin trí bhreis trédhearcachta a bheith ann agus níos mó faisnéise a thabhairt do thomhaltóirí faoi na rátaí sceite agus éifeachtúlacht fuinnimh.
- (22) Is é is aidhm do Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹⁴, an ceart rochtana ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a ráthú sna Ballstáit i gcomhréir le Coinbhinsiún Aarhus. Cuimsítear oibleagáidí ginearálta a bhaineann le faisnéis faoin gcomhshaol a bheith ar fáil, ach í a iarraidh, agus a bheith gníomhach i scaipeadh na faisnéise sin. Tá raon feidhme ginearálta freisin le Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹⁵, agus cuimsíonn sí scaipeadh faisnéise spásúla, lena n-áirítear tacair shonraí maidir le hábhair éagsúla chomhshaoil. Ba thábhachtach go mbeadh forálacha na Treorach seo a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis agus le socrúithe malartaithe sonraí ag comhlánú na dTreoracha sin agus nach gcruithíodh siad córas dlí ar leith. Ba cheart d'fhorálacha na Treorach seo maidir le faisnéis don phobal agus maidir le faisnéis faoin bhfaireachán ar chur chun feidhme na Treorach a bheith gan dochar do Threoir 2003/4/CE agus do Threoir 2007/2/CE.
- (23) Níor leagadh síos oibleagáidí tuairiscithe le haghaidh mionsoláthraithe uisce i dTreoir 98/83/CE. Chun an cás sin a leigheas, agus chun aghaidh a thabhairt ar an ngá le faisnéis ar chur chun feidhme agus ar chomhlíonadh, ba cheart córas nua a thabhairt isteach trína gceanglófaí ar na Ballstáit tacair shonraí nach bhfuil iontu ach sonraí ábhartha amháin, amhail sárúithe ar luachanna paraiméadracha agus teagmhais a bhfuil tábhacht áirithe ag baint leo, a bhunú, a choinneáil cothrom le dáta agus a chur ar fáil don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil. D'fhágfadh sin go mbeadh an t-ualach riaracháin ar na heintitis uile chomh teoranta agus ab fhéidir. D'fhonn bonneagar iomchuí a áirithiú le haghaidh rochtain phoiblí, tuairisciú agus malartú sonraí idir na húdaráis phoiblí, ba cheart do na Ballstáit na sonraíochtaí sonraí a bhunú ar Threoir 2007/2/CE agus ar na gníomhartha cur chun feidhme a ghabhann léi.
- (24) Ní hamháin chun comhlíonadh a sheiceáil a theastaíonn na sonraí a thuairiscíonn na Ballstáit, ach is ríthábhachtach iad freisin le go bhféadfaidh an Coimisiún faireachán

⁹⁴ Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

⁹⁵ Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na reachtaíochta i gcomórtas leis na cuspóirí a shaothraítear leis an reachtaíocht sin, rud a bheidh mar bhonn eolais le haon mheastóireacht a dhéanfar amach anseo ar an reachtaíocht sin i gcomhréir le mír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach⁹⁶. Sa chomhthéacs sin, tá gá le sonraí ábhartha a fhágfaidh go bhféadfar measúnú níos fearr a dhéanamh ar éifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, agus breisluach AE na Treorach, agus is é sin an fáth a bhfuil gá le sásraí cuí tuairiscithe a áirithiú a bheidh ina dtáscairí, freisin, le haghaidh meastóireachtaí a dhéanfar ar an Treoir seo amach anseo.

- (25) De bhun mhír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir seo laistigh de thréimhse áirithe ón dáta a shocraítear chun í a thrasuí. Ba cheart don mheastóireacht sin a bheith bunaithe ar thaithí a fuarthas, agus ar shonraí a bailíodh, le linn don Treoir seo a bheith á cur chun feidhme, maidir le sonraí ábhartha eolaíochta, anailíseacha agus eipidéimeolaíochta, agus ar aon mholtaí atá ar fáil ó EDS.
- (26) Sa Treoir seo urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Féachtar, go háirithe, leis an Treoir seo na prionsabail a chur chun cinn a bhaineann le cúram sláinte, rochtain ar sheirbhísí ar mhaithe leis an leas ginearálta eacnamaíoch, cosaint an chomhshaoil agus cosaint tomhaltóirí.
- (27) Mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais go mion minic, ní bheadh sé i gcomhréir leis an éifeacht cheangailteach sin atá curtha síos do Threoir sa tríú mír d'Airteagal 288 den Chonradh, is é sin an deis a eisiáimh, i bprionsabal, go mbeadh daoine lena mbaineann ag brath ar oibleagáid a fhorchuirtear le Treoir. Tá feidhm ag an mbreithniú sin, go háirithe, maidir le Treoir lena bhfuil sé de chuspóir sláinte an duine a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha a ghabhann le héilliú aon uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Dá bhrí sin, i gcomhréir le Coinbhinsiún Aarhus maidir leis an rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar an gceartas in ábhair chomhshaoil⁹⁷, ba cheart rochtain ar an gceartas a bheith ag baill den phobal lena mbaineann d'fhonn cur le cosaint an chirt chun cónaí i dtimpeallacht atá sásúil do shláinte agus d'fholláine an duine. Ina theannta sin, i gcás ina bhfuil lear mór daoine i mbaol 'olddíobhála', de dheasca na gcleachtas neamhdhleathach céanna a bhaineann le sárú ar chearta a bhronntar faoin Treoir seo, ba cheart an deis a bheith acu leas a bhaint as sásraí comhshásaimh de chineál cúiteach, más rud é gur bhunaigh na Ballstáit na sásraí sin i gcomhréir le Moladh 2013/396/AE⁹⁸ ón gCoimisiún.
- (28) Chun an Treoir seo a chur in oiriúint do dhul chun cinn eolaíoch agus teicniúil nó chun ceanglais faireacháin a shonrú ar mhaithe leis an measúnú riosca ar ghuaiseacha agus an measúnú riosca ar an gcóras dáileacháin baile, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasú Iarscríbhinn I go hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na

⁹⁶ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

⁹⁷ IO L 124, 17.5.2005, lch. 4.

⁹⁸ Moladh ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2013 maidir le prionsabail choiteanna le haghaidh sásraí comhshásaimh de chineál urghaire agus cúiteach sna Ballstáit a bhaineann le sárúithe ar chearta a thugtar faoi dhlí an Aontais (IO L 201, 26.7.2013, lch. 60).

prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrath, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit chun rannpháirtíocht chombhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a beidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. Ina theannta sin, an cumhachtú a leagtar síos i Nóta 10 de Chuid C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/83/CE maidir le minicíochtaí faireacháin agus modhanna faireacháin a shocrú i gcomhair substaintí radaighníomhacha, tá sé imithe i léig ó glacadh Treoir 2013/51/Euratom ón gComhairle⁹⁹ agus ba cheart é a scríosadh dá bhrí sin. Níl gá a thuilleadh leis an gcumhachtú a leagtar síos sa dara fómhír de Chuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 98/83/CE agus a bhaineann le leasuithe ar an Treoir sin agus ba cheart é a scríosadh.

- (29) D'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun formáid a ghlacadh chun an fhaisnéis faoin uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a thabhairt do na daoine uile arna soláthar, mar aon le rialacha mionsonraithe maidir leis an bhfaisnéis sin a thabhairt le fios, agus chun formáid a ghlacadh ina dtabharfaidh na Ballstáit an fhaisnéis maidir le cur chun feidhme na Treorach seo agus ina dtiomsóidh an Gníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil an fhaisnéis sin, mar aon le rialacha mionsonraithe maidir leis an bhfaisnéis sin a thabhairt le fios. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰⁰.
- (30) Gan dochar do cheanglais Threoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰¹, ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme i leith sáruithe ar fhorálacha na Treorach seo agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirfead chun feidhme iad. Ba cheart na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
- (31) Leagtar síos le Treoir 2013/51/Euratom socruithe sonracha maidir le faireachán a dhéanamh ar shubstaintí radaighníomhacha in uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Níor cheart luachanna paraiméadracha radaighníomhaíochta a leagan síos sa Treoir seo, dá bhrí sin.
- (32) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon sláinte an duine a chosaint, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (33) Ba cheart an oibleagáid an Treoir seo a thrasú sa dlí náisiúnta a theorannú do na forálacha sin ar leasú substainteach iad i gcomparáid leis na Treoracha a bhí ann

⁹⁹ Treoir 2013/51/Euratom ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos ceanglais maidir le sláinte an phobail a chosaint i ndáil le substaintí radaighníomhacha in uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine (IO L 296, 7.11.2013, lch. 12.)

¹⁰⁰ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

¹⁰¹ Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (IO L 328, 6.12.2008, lch. 28).

roimhe seo. Is ann don oibleagáid na forálacha nach bhfuil athraithe a thrasú mar thoradh ar na Treoracha a bhí ann roimhe seo.

- (34) Ba cheart nár dhochar an Treoir seo d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn V a thrasú sa dlí náisiúnta,

↓ 1998/83 (oiriúnaithe)
⇒ nua

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuspóir

1. Is Treoir maidir le cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine atá sa Treoir seo.
2. Beidh sé mar chuspóir leis an Treoir seo sláinte an duine a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha a ghabhann le héilliú aon uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine trína áirithiú go mbeidh an t-uisce glan folláin.

Airteagal 2

Sainmhínte

Chun críocha na Treorach seo:

1. Ciallaíonn ‘uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine’ ~~(a)~~ gach cineál uisce, ina riocht bunaidh nó arna chóireáil, chun críocha óil, cócaireachta, ullmhúcháin bia ⇒ nó táirgthe, ⇐ nó chun críocha eile tís ⇒ in áitribh phoiblí agus phríobháideacha araon ⇐, beag beann ar a bhunús nó ar cé acu as gréasán dáileacháin nó as tancaer ☒ a sholáthraítear é ☒ nó, ⇒ i gcás fíoruiscí, ⇐ i mbuidéil a chuirtear é ~~nó i geoimeadáin a sholáthraítear é.~~

~~(b) all water used in any food production undertaking for the manufacture, processing, preservation or marketing of products or substances intended for human consumption unless the competent national authorities [Both national and on EU level? Is this a material change? In that case, it should be reflected in the recitals?] are satisfied that the quality of the water cannot affect the wholesomeness of the foodstuff in its finished form;~~

2. Ciallaíonn ‘córas dáileacháin baile’ na píobáin, an feisteas agus na fearais atá suiteáilte idir na buacairí a úsáidtear de ghnáth chun uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a sholáthar ⇒ in áitribh phoiblí agus phríobháideacha araon ⇐ agus an gréasán dáileacháin, i gcás nach mbeidh na nithe sin de fhreagracht ar an soláthraí uisce ina cháil mar sholáthraí uisce, de réir an dlí náisiúnta iomchuí, agus sa chás sin amháin.

↓ nua

3. Ciallaíonn ‘soláthraí uisce’ eintiteas a sholáthraíonn ar a laghad 10 m³ d’uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine sa lá ar an meán.

4. Ciallaíonn 'mionsoláthraí uisce' soláthraí uisce a sholáthraíonn níos lú ná 500 m³ sa lá nó a chuireann soláthar uisce ar fáil do níos lú ná 5 000 duine.
5. Ciallaíonn 'mórsholáthraí uisce' soláthraí uisce a sholáthraíonn ar a laghad 500 m³ sa lá nó a chuireann soláthar uisce ar fáil do 5 000 duine ar a laghad.
5. Ciallaíonn 'ollsoláthraí uisce' soláthraí uisce a sholáthraíonn ar a laghad 5 000 m³ sa lá nó a chuireann soláthar uisce ar fáil do 50 000 duine ar a laghad.
7. Ciallaíonn 'áitreabh tosaíochta' áitreabh mór ina bhfuil a lán úsáideoirí a d'fhéadfadh a bheith neamhchosanta ar rioscaí a bhaineann le huisce, amhail ospidéal, institiúidí cúraim sláinte, foirgnimh a bhfuil lóistín le fáil iontu, forais phionóis agus láithreacha campála, de réir mar a bheidh aitheanta ag na Ballstáit.
8. Ciallaíonn 'grúpaí leochaileacha agus imeallaithe' daoine atá scoite amach ón tsochaí, mar thoradh ar an idirdhealú nó ar easpa rochtana ar chearta, acmhainní nó deiseanna, agus atá níos neamhchosanta, i gcomparáid leis an gcuid eile den tsochaí, ar réimse rioscaí a bhaineann leis an tsláinte, leis an tsábháilteacht, le heaspa oideachais, le cleachtais dhíobhálacha a bhíonn ar siúl acu, nó le rioscaí eile.

↓ 1998/83 (oiriúnaithe)

Airteagal 3

Díolúintí

1. Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) uiscí mianraí nádúrtha atá aitheanta mar uiscí mianraí nádúrtha ag an údarás inniúil, dá dtagraítear i ~~na húdaráis inniúla náisiúnta, i gcomhréir le Treoir 80/777/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1980 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le saothrú agus margú uiscí mianraí nádúrtha¹⁰² dTreoir 2009/54/CE;~~

↓ 1998/83

- (b) ~~uiscí ar táirgí íocshláinte iad de réir bhrí Threoir 65/65/CEE ón gComhairle an 26 Eanáir 1965 maidir le comhfhogasú forálacha reachtaíochta, rialúcháin, nó riaracháin a bhaineann le táirgí íocshláinte¹⁰³; Threoir 2001/83/CE.~~

↓ 1998/83

2. Féadfaidh na Ballstáit na nithe seo a leanas a dhíolmhú ó fhorálacha na Treorach seo:
 - (a) uisce atá ceaptha chun na gcríoch sin ar chucu is deimhin leis na húdaráis inniúla nach bhfuil aon tionchar díreach ná indíreach ag cáilíocht an uisce sin ar shláinte na dtomhaltóirí lena mbaineann, agus chun na gcríoch sin amháin;
 - (b) uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine as soláthar aonair lena soláthraítear níos lú ná 10 m³ ~~m³~~ sa lá, ar an meán, nó lena gcuirtear soláthar uisce ar fáil

¹⁰² ~~OJ L 229, 30.8.1980, p. 1. Directive as last amended by Directive 96/70/EC (OJ L 299, 23.11.1996, p. 26).~~

¹⁰³ ~~OJ 22 9.2.1965, p. 369, as last amended by Directive 93/39/EC (OJ L 214, 24.8.1993, p. 22).~~

do níos lú ná 50 duine, ach amháin i gcás ina soláthrófar an t-uisce mar chuid de ghníomhaíocht tráchtála nó phoiblí.

3. Na Ballstáit sin a fhéadfaidh dul i muintín na ndíolúintí dá bhforáiltear i mír 2(b), áiritheoidh siad go gcuirfean an pobal lena mbaineann ar an eolas faoin méid sin agus faoi aon bheart is féidir a dhéanamh chun sláinte an duine a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha a ghabhann le héilliú aon uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Ina theannta sin, tabharfar comhairle chuí go pras don phobal lena mbaineann i gcás inar léir go bhféadfaidh cáilíocht an uisce sin sláinte an duine a chur i mbaol.

↓ 1998/83 (oiriúnaithe)
⇒ nua

Airteagal 4

Oibleagáidí ginearálta

1. Gan dochar dá n-oibleagáidí faoi fhorálacha eile ~~Comhphobail~~ ☒ an Aontais ☒, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur glan folláin a bheidh an t-uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Chun críocha cheanglais íosta na Treorach seo, is glan folláin atá an t-uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine i gcás ☒ ina gcomhlíonfaidh sé na coinníollacha uile seo a leanas ☒ :
 - (a) ☒ go ☒ ~~na~~ bhfuil sé saor ó aon mhicrorgánaigh agus aon seadáin agus ó aon substaintí a d'fhéadfadh, de bharr a lín nó a dtiúchana, sláinte an duine a chur i mbaol; ~~and~~
 - (b) ☒ go ☒ ~~na~~ gcomhlíonann sé na ceanglais íosta a leagtar amach i gCuid A agus Cuid B d'Iarscríbhinn I;

~~and if, in accordance with the relevant provisions of Articles 5 to 8 and 10 and in accordance with the Treaty,~~

- (c) ☒ go bhfuil na bearta uile is gá déanta ag ☒ ~~na ndéanfaidh~~ na Ballstáit ~~na bearta uile is gá lena áirithiú go gcomhlíonfaidh uisce atá ceaptha lena thomhalt ag an duine~~ ☒ chun na ☒ ceanglais ⇒ a leagtar amach in Airteagal 5 go hAirteagal 12 ⇐ ~~na Treorach seo~~ ☒ den Treoir seo a chomhlíonadh ☒ .
2. Áiritheoidh na Ballstáit nach dtarlóidh sé in aon chás, de bharr na mbearta a dhéanfar chun an Treoir seo a chur chun feidhme, go gceadófar, go díreach nó go hindíreach, aon mheath ar cháilíocht láithreach an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine ~~a mhéid a bhaineann sin le sláinte an duine a chosaint~~ ná aon mhéadú ar thruailliú na n-uisce a úsáidtear chun uisce ~~óil~~ ⇒ atá ceaptha do thomhaltas an duine ⇐ a tháirgeadh.

Airteagal 5

Caighdeáin cháilíochta

1. Leagfaidh na Ballstáit síos luachanna is infheidhme maidir leis an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine maidir leis na paraiméadair a leagtar amach in Iarscríbhinn I

☒ , agus beidh na luachanna sin chomh dian céanna leis na luachanna a leagtar amach san Iarscríbhinn sin ☒ .

~~2. The values set in accordance with paragraph 1 shall not be less stringent than those set out in Annex I. As regards the parameters set out in Annex I, Part C, the values need be fixed only for monitoring purposes and for the fulfilment of the obligations imposed in Article 8.~~

~~2.3.~~ Socróidh Ballstát luachanna maidir le paraiméadair bhreise nach bhfuil san áireamh in Iarscríbhinn I i gcás inar gá déanamh amhlaidh chun sláinte an duine a chosaint laistigh dá chríoch náisiúnta nó cuid den chríoch sin. ☒ Déanfaidh ☒ ~~Ba cheart do~~ na luachanna ceanglais Airteagal 4(1)(a), ar a laghad, a chomhlíonadh.

Airteagal 6

Pointe comhlíontachta

± Maidir leis na luachanna paraiméadracha a leagfar síos i gcomhréir le hAirteagal 5 ⇒ le haghaidh na bparaiméadar a liostaítear i gCuid A agus Cuid B d'Iarscríbhinn I, ⇐ comhlíonfar na luachanna sin:

- (c) i gcás uisce a sholáthraítear ó ghréasán dáileacháin, ag an bpointe laistigh d'áitreabh nó de bhunaíocht ina scaoiltear an t-uisce ó na buacairí sin a úsáidtear de ghnáth chun uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a sholáthar;
- (d) i gcás uisce a sholáthraítear ó thancaer, ag an bpointe ina scaoiltear an t-uisce ón tancaer;
- (e) i gcás ⇒ fíoruiscí ⇐ ~~uisce a chuirtear isteach i mbuidéil nó i geoimeádáin atá beartaithe lena ndíol,~~ ag an bpointe ina gcuirtear an t-uisce isteach sna buidéil nó sna coimeádáin.

~~(d) in the case of water used in a food production undertaking, at the point where the water is used in the undertaking.~~

~~2. In the case of water covered by paragraph 1(a), Member States shall be deemed to have fulfilled their obligations under this Article and under Articles 4 and 8(2) where it can be established that non-compliance with the parametric values set in accordance with Article 5 is due to the domestic distribution system or the maintenance thereof except in premises and establishments where water is supplied to the public, such as schools, hospitals and restaurants.~~

~~3. Where paragraph 2 applies and there is a risk that water covered by paragraph 1(a) would not comply with the parametric values established in accordance with Article 5, Member States shall nevertheless ensure that:~~

~~(a) appropriate measures are taken to reduce or eliminate the risk of non-compliance with the parametric values, such as advising property owners of any possible remedial action they could take, and/or~~

~~other measures, such as appropriate treatment techniques, are taken to change the nature or properties of the water before it is supplied so as to reduce or eliminate the risk of the water not complying with the parametric values after supply;~~

~~and~~

~~(b) the consumers concerned are duly informed and advised of any possible additional remedial action that they should take.~~

Airteagal 7

Cur chuige rioscabhunaithe i leith sábháilteacht uisce

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an t-uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a sholáthar, a chóireáil agus a dháileadh faoi réir cur chuige rioscabhunaithe ina mbeidh na heilimintí seo a leanas:
 - (f) measúnú ar ghuaiseacha a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 8, ar dhobharlaigh a úsáidtear chun uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a astarraingt;
 - (g) measúnú riosca ar an soláthar a dhéanfaidh na soláthraithe uisce, i gcomhréir le hAirteagal 9 agus Cuid C d'Iarscríbhinn II, chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an uisce a sholáthraíonn siad;
 - (h) measúnú riosca ar an gcóras dáileacháin baile i gcomhréir le hAirteagal 10.
2. Cuirfear na measúnuithe ar ghuaiseacha i gcrích faoin [3 bliana tar éis an spriocdháta maidir leis an Treoir seo a thrasú]. Déanfar iad a athbhreithniú gach 3 bliana, agus tabharfar cothrom le dáta iad más gá.
3. Déanfaidh ollsoláthraithe uisce agus mórsholáthraithe uisce na measúnuithe riosca ar an soláthar a chur i gcrích faoin [3 bliana tar éis an spriocdháta maidir leis an Treoir seo a thrasú] agus déanfaidh mionsoláthraithe uisce iad a chur i gcrích faoin [6 bliana tar éis an spriocdháta maidir leis an Treoir seo a thrasú]. Déanfar iad a athbhreithniú ag eatraimh rialta nach faide ná 6 bliana, agus tabharfar cothrom le dáta iad más gá.
4. Cuirfear na measúnuithe ar an gcóras dáileacháin i gcrích faoin [3 bliana tar éis an spriocdháta maidir leis an Treoir seo a thrasú]. Déanfar iad a athbhreithniú gach 3 bliana, agus tabharfar cothrom le dáta iad más gá.

Airteagal 8

Measúnú ar ghuaiseacha maidir le dobharlaigh a úsáidtear chun uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a astarraingt

1. Gan dochar d'Airteagal 6 agus Airteagal 7 de Threoir 2000/60/CE, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar measúnú ar ghuaiseacha maidir leis na dobharlaigh sin a úsáidtear chun uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a astarraingt a sholáthraíonn níos mó ná 10 m³ sa lá ar an meán. Beidh na nithe seo a leanas sa mheasúnú ar ghuaiseacha:
 - (i) sonraí agus geoshuíomhanna gach pointe astarraingthe sna dobharlaigh a chumhdaítear leis an measúnú ar ghuaiseacha;
 - (j) mapaí ar a dtugtar le fios na criosanna faoi choimirce a leagadh síos i gcomhréir le hAirteagal 7(3) de Threoir 2000/60/CE agus na limistéir faoi chosaint dá dtagraítear in Airteagal 6 den Treoir sin;

- (k) sonraí na nguaiseacha, agus na bhfoinsí truailliúcháin a d'fhéadfadh a bheith leo, a dhéanann difear do na dobharlaigh a chumhdaítear leis an measúnú ar ghuaiseacha. Chuige sin, féadfaidh na Ballstáit leas a bhaint as an athbhreithniú ar thionchar ghníomhaíocht an duine a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2000/60/CE agus as faisnéis faoi bhrúnna móra a bailíodh i gcomhréir le pointe 1.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin;
- (l) faireachán rialta sna dobharlaigh a chumhdaítear leis an measúnú ar ghuaiseacha ar thruailleáin ábhartha arna roghnú as na liostaí seo a leanas:
- (i) na paraiméadair a liostaítear i gCuid A agus Cuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo;
- (ii) truailléain screamhuisce a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰⁴, agus truailléain agus táscairí truaillithe ar bhunaigh na Ballstáit luachanna tairseacha ina leith i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin;
- (iii) substaintí tosaíochta agus truailléain áirithe eile a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰⁵;
- (iv) truailléain ábhartha eile, amhail micreaphlaistigh, nó truailléain a bhaineann go sonrach le habhantrach atá leagtha síos ag na Ballstáit ar bhonn an athbhreithnithe ar thionchar ghníomhaíocht an duine a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2000/60/CE agus ar bhonn na faisnéise faoi bhrúnna móra a bailíodh i gcomhréir le pointe 1.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin.

Déanfaidh na Ballstáit rogha idir pointí as pointe (i) go pointe (iv) maidir le faireachán a dhéanamh ar na paraiméadair, na substaintí nó na truailléain a mheastar a bheith ábhartha i bhfianaise na nguaiseacha a sainaitnítear faoi phointe (c) nó i bhfianaise na faisnéise a thug na soláthraithe uisce i gcomhréir le mír 2.

Chun críche an fhaireacháin rialta, féadfaidh na Ballstáit leas a bhaint as faireachán a rinneadh i gcomhréir le reachtaíocht eile de chuid an Aontais.

2. Na soláthraithe uisce sin a dhéanfaidh faireachán ar a n-amhuisce chun críocha an rialaithe oibriúcháin, beidh orthu na húdaráis inniúla a chur ar an eolas faoi threochtaí agus faoi aon tíuchana neamhghnácha de na paraiméadair, na substaintí nó na truailléain a ndearnadh faireachán orthu.
3. Cuirfidh na Ballstáit na soláthraithe uisce, a bhfuil an dobharlach atá cumhdaithe leis an measúnú ar ghuaiseacha in úsáid acu, ar an eolas faoi na torthaí a bhí ar an bhfaireachán a rinneadh faoi mhír 1(d) agus féadfaidh siad, ar bhonn na dtorthaí sin a bhí ar an bhfaireachán:

¹⁰⁴ Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath (IO L 372, 27.12.2006, lch. 19).

¹⁰⁵ Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 348, 24.12.2008, lch. 84).

(m) é a ceangal ar na soláthraithe uisce faireachán breise nó cóireáil bhreise a dhéanamh ar pharaiméadair áirithe;

(n) cead a thabhairt do sholáthraithe uisce minicíocht an fhaireacháin a ísliú i gcás paraiméadair áirithe, gan ceangal a bheith orthu measúnú riosca a dhéanamh ar an soláthar, ar choinníoll nach croípharaiméadair iad de réir bhrí pointe 1 de Chuid B d'Iarscríbhinn II, agus ar choinníoll nach bhfuil aon toisc ann lena bhfuiltear ag súil le réasún gur dócha go mbeidh sí ina cúis le meath ar cháilíocht an uisce.

4. I gcásanna den sórt sin ina gceadófar don soláthraí uisce minicíocht an fhaireacháin dá dtagraítear i mír 2(b) a ísliú, leanfaidh na Ballstáit den fhaireachán rialta a dhéanamh ar na paraiméadair sin sa dogharlach a chumhdaítear leis an measúnú ar ghuaiseacha.

5. Ar bhonn na faisnéise a bailíodh faoi mhír 1 agus mír 2, agus faoi Threoir 2000/60/CE, déanfaidh na Ballstáit na bearta seo a leanas i gcomhar leis na soláthraithe uisce agus páirtithe leasmhara eile, nó áiritheoidh siad go ndéanfaidh na soláthraithe uisce na bearta sin:

(o) bearta coisctheacha chun an leibhéal cóireála is gá a laghdú agus cáilíocht an uisce a chosaint, lena n-áirítear bearta dá dtagraítear in Airteagal 11(3)(d) de Threoir 2000/60/CE;

(p) bearta maolaitheacha a mheastar is gá ar bhonn an fhaireacháin a rinneadh faoi mhír 1(d), d'fhonn an fhoinsé truailliúcháin a shainaitheint agus dul i ngleic léi.

Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú rialta ar aon bheart den sórt sin.

Airteagal 9

Measúnú riosca ar an soláthar

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na soláthraithe uisce measúnú riosca ar an soláthar lena dtabharfar an deis minicíocht an fhaireacháin a choigeartú maidir le haon pharaiméadar a liostaítear i gCuid A nó Cuid B d'Iarscríbhinn I nach croípharaiméadair iad i gcomhréir le Cuid B d'Iarscríbhinn II, ag brath ar an líon acu atá san amhuisce.

Maidir leis na paraiméadair sin, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh soláthraithe uisce imeacht ó na minicíochtaí samplála a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn II, i gcomhréir leis na sonraíochtaí a leagtar amach i gCuid C d'Iarscríbhinn II.

Chun na críche sin, beidh ceangal ar sholáthraithe uisce na torthaí a bhí ar an measúnú ar ghuaiseacha a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 8 den Treoir seo, agus ar an bhfaireachán a rinneadh de bhun Airteagal 7(1) agus Airteagal 8 de Threoir 2000/60/CE, a chur san áireamh.

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla na measúnuithe riosca ar an soláthar a fhorghnó.

Airteagal 10

Measúnú riosca ar an gcóras dáileacháin baile

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar measúnú riosca ar an gcóras dáileacháin baile agus beidh na heilimintí seo a leanas sa mheasúnú sin:

(q) measúnú ar na rioscaí a bhaineann leis na córais dáileacháin baile, agus leis na táirgí gaolmhara agus na hábhair ghaolmhara, agus ar cibé acu a dhéanann nó nach ndéanann siad difear do cháilíocht an uisce ag an bpointe ina dtagann sé as na buacairí a úsáidtear de ghnáth do thomhaltas an duine, go háirithe i gcás ina gcuirfear soláthar uisce ar fáil don phobal in áitreabh tosaíochta;

(r) faireachán rialta ar na paraiméadair a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn I in áitribh ina meastar go bhfuil an baol is mó ann do shláinte an duine. Déanfar paraiméadair agus áitribh ábhartha a roghnú ar bhonn an mheasúnaithe a rinneadh faoi phointe (a).

Maidir leis an bhfaireachán rialta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit straitéis faireacháin a bhunú a dhíreoidh ar na háitribh thosaíochta;

(s) é a fhíorú an leor feidhmíocht na dtáirgí foirgníochta a bhíonn i dteagmháil le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine maidir leis na saintréithe bunúsacha atá nasctha leis an gceanglas bunúsach maidir le hoibreacha foirgníochta a shonraítear i bpointe 3(e) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011.

2. I gcás ina mbeidh na Ballstáit den tuairim, ar bhonn an mheasúnaithe a rinneadh faoi mhír 1(a), go bhfuil baol ann do shláinte an duine a thagann as an gcóras dáileacháin baile nó as na táirgí gaolmhara agus na hábhair ghaolmhara, nó i gcás inar léir san fhaireachán a rinneadh i gcomhréir le mír 1(b) nár comhlíonadh na luachanna paraiméadracha a leagtar amach i gCuid C d'Iarscríbhinn I, déanfaidh na Ballstáit:

(t) na bearta iomchuí chun deireadh a chur leis an mbaol nach gcomhlíonfar na luachanna paraiméadracha a leagtar amach i gCuid C d'Iarscríbhinn I, nó chun an baol sin a laghdú;

(u) na bearta uile is gá lena áirithiú nach gcuirfear sláinte an duine i mbaol, go díreach nó go hindíreach, de dheasca ascnamh substaintí nó ceimiceán as táirgí foirgníochta a úsáidtear chun uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a ullmhú nó a dháileadh.

(v) go ndéanfar bearta eile, amhail teicnící iomchuí feabhsúcháin, i gcomhar le soláthraithe uisce, chun nádúr nó airíonna an uisce a athrú sula soláthrófar é ionas go gcuirfear deireadh leis an mbaol nach gcomhlíonfaidh an t-uisce na luachanna paraiméadracha tar éis é a sholáthar, nó go laghdófar an baol sin;

(w) tomhaltóirí a chur ar an eolas go cuí agus comhairle chuí a chur orthu faoi dhálaí tomhaltais agus úsáide an uisce agus faoi aon bheart a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an baol a sheachaint go dtarlódh sé arís;

(x) oiliúint a eagrú do phluiméirí agus do ghairmithe eile a mbíonn baint acu leis na córais dáileacháin baile agus suiteáil táirgí foirgníochta;

(y) i gcás *Legionella*, a áirithiú go bhfuil bearta éifeachtacha rialaithe agus bainistithe i bhfeidhm chun ráigeanna den ghalar a d'fhéadfadh tarlú a sheachaint agus dul i ngleic leo.

↓ 1998/83 (oiriúnaithe)

Airteagal 117

Faireachán

1. Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú go ndéanfar faireachán rialta ar cháilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine chun a sheiceáil cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-uisce atá ar fáil do thomhaltóirí ceanglais na Treorach seo agus, go háirithe, na luachanna paraiméadracha a socraíodh i gcomhréir le hAirteagal 5. ~~Ba cheart~~ ☒ Déanfar ☒ samplaí a thógáil atá ionadaíoch ar cháilíocht an uisce a thomhlaítear le linn na bliana. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú, i gcás ina mbeidh dífhabhtú i gceist le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a ullmhú nó a dháileadh, go bhfíorófar éifeachtúlacht na cóireála dífhabhtaithe a rinneadh agus go gcoinneofar aon éilliú de bharr sheachtháirgí an dífhabhtaithe a ísle is féidir, gan cur as don dífhabhtú.

↓ 1998/83

⇒ nua

2. Chun na hoibleagáidí a fhorchuirtear i mír 1 a chomhlíonadh, cuirfidh na húdaráis inniúla cláir faireacháin iomchuí ar bun ⇒ i gcomhréir le Cuid A d'Iarscríbhinn II ⇐ maidir leis an uisce ar fad atá ceaptha do thomhaltas an duine. Comhlíonfaidh ⇒ Beidh na heilimintí seo a leanas sna cláir faireacháin sin: ⇐ ~~na ceanglais íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn II.~~

↓ nua

- (z) faireachán ar na paraiméadair a liostaítear i gCuid A agus Cuid B d'Iarscríbhinn I agus ar na paraiméadair a socraíodh i gcomhréir le hAirteagal 5(2), i gcomhréir le hIarscríbhinn II, agus, i gcás ina ndéanfar measúnú riosca ar an soláthar, i gcomhréir le hAirteagal 9;
- (aa) faireachán ar na paraiméadair a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn I chun críocha an mheasúnaithe riosca ar an gcóras dáileacháin baile dá bhforáiltear in Airteagal 10(1)(b);
- (bb) faireachán chun críocha an mheasúnaithe ar ghuaiseacha dá bhforáiltear in Airteagal 8(1)(d).

↓ 1998/83

3. Is iad na húdaráis inniúla a chinnfidh na pointí samplála agus comhlíonfaidh na pointí samplála sin na ceanglais iomchuí a leagtar amach i gCuid D d'Iarscríbhinn II.

↓ 596/2009 Airteagal 1 agus
Iarscríbhinn 2(2)

~~4. Community guidelines for the monitoring prescribed in this Article may be drawn up in accordance with the management procedure referred to in Article 12(2).~~

↓ 1998/83 (oiriúnaithe)

~~45.~~ ~~(a)~~ Comhlíonfaidh na Ballstáit na sonraíochtaí maidir le hanailísiú na bparaiméadar a leagtar amach in Iarscríbhinn III , i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:

~~(a)~~ ~~(b)~~ Féadfar modhanna anailíse seachas na modhanna sin a shonraítear i gCuid ~~A1~~ d'Iarscríbhinn III a úsáid ar choinníoll gur féidir a thaispeáint go bhfuil na torthaí a gheofar chomh hiontaofa, ar a laghad, leis na torthaí sin a gheofaí trí na modhanna a shonraítear tríd an . ~~Maidir leis na Ballstáit a fhéadfaidh dul i muinín modhanna malartacha, tabharfaidh siad bhfaisnéis iomchuí ar fad faoi na modhanna sin, agus faoina gcoibhéis, a thabhairt don Choimisiún.~~

~~(b)~~ ~~(c)~~ ~~i~~ gcás na bparaiméadar sin a liostaítear i gCuid ~~2~~ agus ~~Cuid 3~~ B d'Iarscríbhinn III, is cuma cén modh anailíse a úsáidtear ar choinníoll go gcomhlíonfaidh sé na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

~~56.~~ Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faireachán breise, cás ar chás, ar shubstaintí agus miocroorgánaigh nár socraíodh aon luach paraiméadrach maidir leo i gcomhréir le hAirteagal 5, más rud é go bhfuil cúis amhrais ann go bhféadfaidh an méid nó an líon díobh atá ann sláinte an duine a chur i mbaol.

↓ 1998/83

Airteagal ~~12~~

Gníomhaíocht feabhais agus srianta úsáide

1. I gcás aon mhainneachtana na luachanna paraiméadracha a socraíodh i gcomhréir le hAirteagal 5 a chomhlíonadh, áiritheoidh na Ballstáit, go ndéanfar imscrúdú láithreach d'fhonn an chúis leis an mainneachtain a shainaitint.
2. Más rud é, beag beann ar na bearta a rinneadh chun na hoibleagáidí a fhorchuirtear in Airteagal 4(1) a chomhlíonadh, nach gcomhlíonann uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine na luachanna paraiméadracha a socraíodh i gcomhréir le hAirteagal 5, ~~faoi réir Airteagal 6(2)~~, áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann go ndéanfar an ghníomhaíocht feabhais is gá a luaithe is féidir chun cáilíocht an uisce sin a athbhunú agus tabharfaidh sé tosaíocht don ghníomhaíocht sin a fhorfheidhmiú, ag féachaint, *inter alia*, dá mhéad a sáraíodh an luach paraiméadrach ábhartha agus don bhaol a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte an duine.

↓ nua

I gcás nach gcomhlíonfar na luachanna paraiméadracha a leagtar amach i gCuid C d'Iarscríbhinn I, beidh na bearta a leagtar amach i bpointe (a) go pointe (f) d'Airteagal 10(2) ina gcuid den ghníomhaíocht feabhais.

↓ 1998/83 (oiriúnaithe)

⇒ nua

3. Beag beann ar cé acu a bhí nó nach raibh aon mhainneachtain ann na luachanna paraiméadracha a chomhlíonadh, áiríteoidh na Ballstáit go dtoirmiscfear aon soláthar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a d'fhéadfadh sláinte an duine a chur i mbaol nó áiríteoidh siad go gcuirfear srian ar úsáid an uisce sin ~~nó~~ agus go ndéanfar aon ghníomhaíocht feabhais eile ~~de réir mar is gá~~ chun sláinte an duine a chosaint. ~~In such cases consumers shall be informed promptly thereof and given the necessary advice.~~
-

↓ nua

I gcás aon mhainneachtana na ceanglais íosta maidir le luachanna paraiméadracha a leagtar amach i gCuid A agus Cuid B d'Iarscríbhinn I a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit an mhainneachtain sin a mheas mar bhaol do shláinte an duine.

4. Sna cásanna a bhfuil tuairisc orthu i mír 2 agus mír 3, déanfaidh na Ballstáit, a luaithe is féidir, na bearta uile seo a leanas:
- (cc) fógra a thabhairt do na tomhaltóirí uile a ndearnadh difear dóibh maidir leis an mbaol atá ann do shláinte an duine agus an chúis leis an mbaol sin, an sárú ar luach paraiméadrach agus na gníomhaíochtaí feabhais a rinneadh, lena n-áirítear toirmeasc, srian nó gníomhaíocht eile;
 - (dd) an chomhairle chúí a chur ar thomhaltóirí, agus iad a choinneáil ar an eolas, faoi dhálaí tomhaltais agus úsáide an uisce, agus aird ar leith a thabhairt ar ghrúpaí a d'fhéadfadh a bheith leochaileach;
 - (ee) na tomhaltóirí a chur ar an eolas a luaithe a shuífear nach bhfuil baol ann a thuilleadh do shláinte an duine agus iad a chur ar an eolas nuair a bheidh an tseirbhís ar ais mar is gnách arís.
-

↓ 1998/83 (oiriúnaithe)

- ~~45.~~ Cinnfidh na húdaráis inniúla nó comhlachtaí iomchuí eile an ghníomhaíocht a dhéanfar ~~ba cheart a dhéanamh~~ faoi mhír 3, agus aird á tabhairt acu ar na rioscaí do shláinte an duine a thiocthadh as cur isteach ar an soláthar nó as srian a chur ar úsáid uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine.

~~5. Member States may establish guidelines to assist the competent authorities to fulfil their obligations under paragraph 4.~~

~~6. In the event of non-compliance with the parametric values or with the specifications set out in Annex I, Part C, Member States shall consider whether that non-compliance poses any risk to human health. They shall take remedial action to restore the quality of the water where that is necessary to protect human health.~~

~~7. Member States shall ensure that, where remedial action is taken, consumers are notified except where the competent authorities consider the non-compliance with the parametric value to be trivial.~~

~~Article 9~~

~~Derogations~~

~~1. Member States may provide for derogations from the parametric values set out in Annex I, Part B, or set in accordance with Article 5(3), up to a maximum value to be determined by them, provided no derogation constitutes a potential danger to human health, and provided that the supply of water intended for human consumption in the area concerned cannot otherwise be maintained by any other reasonable means.~~

~~Derogations shall be limited to as short a time as possible and shall not exceed three years, towards the end of which a review shall be conducted to determine whether sufficient progress has been made. Where a Member State intends to grant a second derogation, it shall communicate the review, along with the grounds for its decision on the second derogation, to the Commission. No such second derogation shall exceed three years.~~

~~2. In exceptional circumstances, a Member State may ask the Commission for a third derogation for a period not exceeding three years. The Commission shall take a decision on any such request within three months.~~

~~3. Any derogation granted in accordance with paragraphs 1 or 2 shall specify the following:~~

~~(ff) the grounds for the derogation;~~

~~(gg) the parameter concerned, previous relevant monitoring results, and the maximum permissible value under the derogation;~~

~~(hh) the geographical area, the quantity of water supplied each day, the population concerned and whether or not any relevant food production undertaking would be affected;~~

~~(ii) an appropriate monitoring scheme, with an increased monitoring frequency where necessary;~~

~~(jj) a summary of the plan for the necessary remedial action, including a timetable for the work and an estimate of the cost and provisions for reviewing;~~

~~(kk) the required duration of the derogation.~~

~~4. If the competent authorities consider the non-compliance with the parametric value to be trivial, and if action taken in accordance with Article 8(2) is sufficient to remedy the problem within 30 days, the requirements of paragraph 3 need not be applied.~~

~~In that event, only the maximum permissible value for the parameter concerned and the time allowed to remedy the problem shall be set by the competent authorities or other relevant bodies.~~

~~5. Recourse may no longer be had to paragraph 4 if failure to comply with any one parametric value for a given water supply has occurred on more than 30 days on aggregate during the previous 12 months.~~

~~6. Any Member State which has recourse to the derogations provided for in this Article shall ensure that the population affected by any such derogation is promptly informed in an appropriate manner of the derogation and of the conditions governing it. In addition the Member State shall, where necessary, ensure that advice is given to particular population groups for which the derogation could present a special risk.~~

~~These obligations shall not apply in the circumstances described in paragraph 4 unless the competent authorities decide otherwise.~~

~~7. With the exception of derogations granted in accordance with paragraph 4 a Member State shall inform the Commission within two months of any derogation concerning an individual supply of water exceeding 1000 m³ a day as an average or serving more than 5000 persons, including the information specified in paragraph 3.~~

~~8. This Article shall not apply to water intended for human consumption offered for sale in bottles or containers.~~

~~Article 10~~

~~Quality assurance of treatment, equipment and materials~~

~~Member States shall take all measures necessary to ensure that no substances or materials for new installations used in the preparation or distribution of water intended for human consumption or impurities associated with such substances or materials for new installations remain in water intended for human consumption in concentrations higher than is necessary for the purpose of their use and do not, either directly or indirectly, reduce the protection of human health provided for in this Directive; the interpretative document and technical specifications pursuant to Article 3 and Article 4 (1) of Council Directive 89/106/EEC of 21 December 1988 on the approximation of laws, regulations and administrative provisions of the Member States relating to construction products¹⁰⁶ shall respect the requirements of this Directive.~~

↓ nua

~~Airteagal 13~~

~~Rochtain ar an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine~~

1. Gan dochar d'Airteagal 9 de Threoir 2000/60/CE, déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun feabhas a chur ar an rochtain do chách ar an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine agus cuirfidh na Ballstáit úsáid an uisce sin chun cinn ar a gcríoch. Beidh na bearta uile seo a leanas san áireamh:

(II) daoine nach bhfuil rochtain acu ar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine, agus na cúiseanna leis an easpa rochtana sin (e.g. baill de ghrúpa leochaileach agus imeallaithe), a shainaithe, na deiseanna atá ann feabhas a chur ar an rochtain do na daoine sin a mheas agus iad a chur ar an eolas faoi na deiseanna atá ann nascadh leis an gcóras dáileacháin nó faoi mhodhanna malartacha maidir le rochtain a fháil ar an uisce sin;

¹⁰⁶ OJ L 40, 11.2.1989, p. 12. Directive as last amended by Directive 93/68/EEC (OJ L 220, 30.8.1993, p. 1).

(mm) trealamh amuigh faoin aer nó faoi dhíon a shocrú agus a chothabháil le go mbeidh teacht saor in aisce i spásanna poiblí ar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine;

(nn) uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a chur chun cinn mar a leanas:

(i) feachtais a sheoladh chun na saoránaigh a chur ar an eolas faoi cháilíocht an uisce sin;

(ii) soláthar an uisce sin a chur chun cinn i bhfoirgnimh riaracháin agus phoiblí;

(iii) soláthar saor in aisce an uisce sin a chur chun cinn i mbialanna, i gceaintíní, agus i seirbhísí lónadóireachta.

2. Ar bhonn na faisnéise a bailíodh faoi mhír 1(a), déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag grúpaí leochaileacha agus imeallaithe ar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine.

I gcás nach mbeidh rochtain ar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine ag na grúpaí sin, cuirfidh na Ballstáit ar an eolas iad láithreach faoi cháilíocht an uisce sin atá siad a úsáid agus faoi aon bheart is féidir a dhéanamh chun sláinte an duine a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha a ghabhann le haon éilliú ar an uisce sin.

Airteagal 14

Faisnéis don phobal

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faisnéis leordhóthanach agus cothrom le dáta maidir leis an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a chur ar fáil ar líne do gach duine a gcuirtear an soláthar uisce sin ar fáil dóibh, i gcomhréir le hlarscríbhinn IV.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar, ar bhonn rialta agus uair sa bhliain ar a laghad, agus san fhoirm is oiriúnaí (ar an sonrasc, cuir i gcás, nó trí fheidhmchlár chliste) an fhaisnéis seo a leanas a chur chuig gach duine a gcuirtear an soláthar uisce sin ar fáil dóibh, gan call dóibh an fhaisnéis sin a iarraidh:

(oo) faisnéis faoi struchtúr costais na taraife a ghearrtar i leith an mhéadair chiúbaigh d'uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine, lena n-áirítear costais athraitheacha agus sheasta, agus na costais a bhaineann leis na heilimintí seo a leanas, ar a laghad, a thabhairt le fios:

(i) bearta a rinne na soláthraithe uisce chun críocha an mheasúnaithe ar ghuaiseacha de bhun Airteagal 8(5);

(ii) cóireáil agus dáileadh an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine;

(iii) bailiú agus cóireáil fuíolluisce;

(iv) bearta a rinneadh de bhun Airteagal 13, i gcás ina ndearna soláthraithe uisce na bearta sin;

(pp) praghas an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a sholáthraítear de réir an lítir agus an mhéadair chiúbaigh;

(qq) an méid arna thomhailt ag gach teaghlach, in aghaidh na bliana nó na tréimhse billeála ar a laghad, mar aon le treochtaí bliantúla tomhaltais;

- (rr) comparáidí idir tomhaltas bliantúil uisce an teaghlaigh agus meántomhaltas teaghlaigh sa chatagóir chéanna;
- (ss) nasc chuig an suíomh gréasáin ar a bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an fhormáid ina dtabharfar an fhaisnéis atá le tabhairt faoin gcéad fhomhír, agus na rialacha mionsonraithe a ghabhann léi, a shonrú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 20(2).

3. Beidh mír 1 agus mír 2 gan dochar do Threoir 2003/4/CE agus Treoir 2007/2/CE.

Airteagal 15

Faisnéis maidir leis an bhfaireachán a chur chun feidhme

1. Gan dochar do Threoir 2003/4/CE agus Treoir 2007/2/CE, déanfaidh na Ballstáit, le cabhair ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil:

- (tt) tacar sonraí a bhunú faoin ... [6 bliana tar éis an spriocdháta maidir leis an Treoir seo a thrasú], agus a thabhairt cothrom le dáta gach 6 bliana ina dhiaidh sin, ina bhfuil faisnéis faoi na bearta a rinneadh faoi Airteagal 13, agus faoin sciar den daonra a bhfuil rochtain acu ar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine;
- (uu) tacar sonraí a bhunú faoin [6 bliana tar éis an spriocdháta maidir leis an Treoir seo a thrasú], agus a thabhairt cothrom le dáta gach 6 bliana ina dhiaidh sin, ina bhfuil na measúnuithe ar ghuaiseacha, agus ar an gcóras dáileacháin baile, a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 8 agus Airteagal 10, faoi seach, agus ina n-áireofar na heilimintí seo a leanas:
 - (i) na pointí astarraingthe a shainithnítear faoi Airteagal 8(1)(a);
 - (ii) na torthaí ar an bhfaireachán, a bailíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(1)(d) agus Airteagal 10(1)(b);
 - (iii) faisnéis achomair shoiléir faoi na bearta a rinneadh de bhun Airteagal 8(5) agus Airteagal 10(2);
- (vv) tacar sonraí a bhunú, agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin, ina bhfuil na torthaí ar an bhfaireachán i gcásanna inar sáraíodh na luachanna paraiméadracha a socraíodh i gCuid A agus Cuid B d'Iarscríbhinn I, agus a bailíodh i gcomhréir le hAirteagal 9 agus Airteagal 11 agus faisnéis faoi na gníomhaíochtaí feabhais a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 12;
- (ww) tacar sonraí a bhunú, agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin, ina bhfuil faisnéis faoi theagmhais uisce óil a bhí ina mbaol do shláinte an duine, beag beann ar aon mhainneachtain na luachanna paraiméadracha a chomhlíonadh, agus a mhair níos faide ná 10 lá i ndiaidh a chéile agus a rinne difear do 1 000 duine, ar a laghad, lena n-áirítear na cúiseanna leis na teagmhais sin agus na gníomhaíochtaí feabhais a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 12.

I gcás inar féidir, úsáidfear seirbhísí sonraí spásúla mar a shainmhínítear in Airteagal 3(4) de Threoir 2007/2/CE chun na tacair shonraí sin a thabhairt le fios.

2. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ar na tacair shonraí dá dtagraítear i mír 1 ag an gCoimisiún, ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú.

3. Déanfaidh an Gníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil forléargas ar an Aontas ina iomláine a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn na sonraí a bhaileoidh na Ballstáit ar bhonn rialta nó tar éis iarraidh a fháil ón gCoimisiún.

Beidh ar áireamh san fhorléargas ar an Aontas ina iomláine, de réir mar is iomchuí, táscairí aschuir, torthaí agus tionchair na Treorach seo, mapaí forléargais ar an Aontas ina iomláine agus tuarascálacha forléargais ar na Ballstáit.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina sonrú an fhormáid ina dtabharfar an fhaisnéis atá le tabhairt faoi mhír 1 agus mír 3, agus na rialacha mionsonraithe maidir leis an bhfaisnéis sin a thabhairt le fios, lena n-áirítear ceanglais mhionsonraithe maidir leis na táscairí, na mapaí forléargais ar an Aontas ina iomláine agus na tuarascálacha forléargais ar na Ballstáit dá dtagraítear i mír 3.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 20(2).

Airteagal 16

Rochtain ar an gceartas

1. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh, i gcomhréir leis an reachtaíocht nó leis an gcleachtas náisiúnta, fáil ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha nó a gcomhlachais, a n-eagraíochtaí, nó a ngrúpaí, ar nós imeachta um athbhreithniú os comhair cúirt dlí, nó comhlacht neamhspleách nó neamhchlaonta eile arna bhunú le dlí, chun agóid a dhéanamh i gcoinne dlíthiúlacht nós imeachta nó shubstainteach cinní, gníomhartha nó neamhghníomhartha a bhaineann le cur chun feidhme Airteagail 4, 5, 12, 13 agus 14, i gcás ina mbeidh ceann de na coinníollacha seo a leanas comhlíonta:

(xx) go bhfuil leas leordhóthanach acu ann;

(yy) go n-áitíonn siad sárú ar cheart, i gcás ina gceanglaítear é sin mar réamhchoinníoll le dlí nós imeachta riaracháin an Bhallstáit ábhartha.

2. Is iad na Ballstáit a chinneadh an chéim ag ar féidir agóid a dhéanamh i gcoinne cinní, gníomhartha nó neamhghníomhartha.

3. Déanfaidh na Ballstáit an rud is leas leordhóthanach ann, agus sárú ar cheart, a chinneadh i gcomhréir leis an gcuspóir rochtain fhairsing ar an gceartas a thabhairt don phobal lena mbaineann.

Chuige sin, measfar gur leordhóthanach chun críocha mhír 1(a) an leas atá ag aon eagraíocht neamhrialtasach a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn.

Measfar freisin go bhfuil cearta ar féidir iad a shárú chun críocha mhír 1(b) ag na heagraíochtaí sin.

4. Ní eisiafar, le mír 1, mír 2 agus mír 3, an deis nós imeachta um athbhreithniú tosaigh a thabhairt os comhair údarás riaracháin agus ní dhéanfaidh na míreanna sin difear don cheanglas go n-ídeofar na nósanna imeachta um athbhreithniú riaracháin sula rachfar ar iontaoibh nósanna imeachta um athbhreithniú breithiúnach, i gcás ina mbeidh a leithéid sin de cheanglas ann faoin dlí náisiúnta.

5. Aon nós imeachta um athbhreithniú den sórt sin dá dtagraítear i mír 1 agus mír 4, beidh sé cóir, cothrom, tráthúil agus ní bheidh sé róchostasach.
6. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis ar fáil don phobal i dtaobh rochtain ar nósanna imeachta um athbhreithniú riaracháin agus athbhreithniú breithiúnach.

Airteagal 17

Meastóireacht

1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir faoin [12 bhliain tar éis an dáta deiridh chun an Treoir seo a thrasú]. Beidh an mheastóireacht sin bunaithe, *inter alia*, ar na heilimintí seo a leanas:
 - (zz) an taithí a fuarthas agus an Treoir seo á cur chun feidhme;
 - (aaa) na tacair shonraí ó Bhallstáit a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 15(1) agus na forléargais ar an Aontas ina iomláine arna dtiomsú ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil i gcomhréir le hAirteagal 15(3);
 - (bbb) sonraí eolaíocha, anailíseacha agus eipidéimeolaíocha ábhartha;
 - (ccc) moltaí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, más ann dóibh.
2. I gcomhthéacs na meastóireachta, tabharfaidh an Coimisiún aird faoi leith ar fheidhmíocht na Treorach seo maidir leis na gnéithe seo a leanas:
 - (ddd) an cur chuige rioscabhunaithe a leagtar amach in Airteagal 7;
 - (eee) forálacha maidir leis an rochtain ar uisce a leagtar amach in Airteagal 13;
 - (fff) forálacha maidir leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil don phobal faoi Airteagal 14 agus Iarscríbhinn IV.

↓ 1998/83 (oiriúnaithe)

Airteagal ~~18~~

Iarscríbhinní a athbhreithniú ~~☒~~ agus a leasú ~~☒~~

1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Iarscríbhinn I, gach cúig bliana, ar a laghad, i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil ~~agus ullmhóidh sé tograí le haghaidh leasuithe, nuair is gá, faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 189e den Chonradh.~~

↓ nua

Ar bhonn mheasúnuithe riosca na mBallstát ar ghuaiseacha, agus ar an gcóras dáileacháin baile, atá sna tacair shonraí a bunaíodh de bhun Airteagal 15, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Iarscríbhinn II agus déanfaidh sé a mheas cibé acu atá nó nach bhfuil gá ann an Iarscríbhinn sin a oiriúnú nó sonraíochtaí nua faireacháin a thabhairt isteach chun críocha na measúnuithe riosca sin.

↓ 596/2009 Airteagal 1 agus
Iarscríbhinn .2(2)

~~2. At least every five years, the Commission shall amend Annexes II and III to make the necessary adaptations to scientific and technical progress.~~

~~Those measures, designed to amend non-essential elements of this Directive, shall be adopted in accordance with the regulatory procedure with scrutiny referred to in Article 12(3).~~

↓ nua

2. Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19, lena leasaítear Iarscríbhinn I go hIarscríbhinn IV más gá, chun iad a chur in oiriúint do dhul chun cinn eolaíoch agus teicniúil nó chun na ceanglais faireacháin a shonrú chun críocha na measúnuithe riosca ar ghuaiseacha, agus na measúnuithe riosca ar an gcóras dáileacháin baile, de bhun Airteagal 8(1)(d) agus Airteagal 10(1)(b).

Airteagal 19

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 18(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amháin ón [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 18(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 18(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a

chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

↓ 1882/2003 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn II.29 (oiriúnaithe)
⇒ nua

Airteagal 2012

☒ Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. ☒
2. I gcás ina dtagrófar don ~~Airteagal~~ mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal ~~4~~ 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ~~4~~ agus Airteagal 7 de Chinneadh ~~1999/468/CE~~¹⁰⁷, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.
~~The period laid down in Article 4(3) of Decision 1999/468/EC shall be set at three months.~~

↓ 596/2009 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn .2(2)

~~3. Where reference is made to this paragraph, Article 5a(1) to (4) and Article 7 of Decision 1999/468/EC shall apply, having regard to the provisions of Article 8 thereof.~~

↓ 1998/83

Article 13

Information and reporting

- ~~1. Member States shall take the measures necessary to ensure that adequate and up-to-date information on the quality of water intended for human consumption is available to consumers.~~
- ~~2. Without prejudice to Council Directive 90/313/EEC of 7 June 1990 on the freedom of access to information on the environment¹⁰⁸, each Member State shall publish a report every three years on the quality of water intended for human consumption with the objective of informing consumers. The first report shall cover the years 2002, 2003 and 2004. Each report shall include, as a minimum, all individual supplies of water exceeding 1 000 m³ a day as an average or serving more than 5 000 persons and it shall cover three calendar years and be published within one calendar year of the end of the reporting period.~~
- ~~3. Member States shall send their reports to the Commission within two months of their publication.~~

¹⁰⁷ ~~Council Decision 1999/468/EC of 28 June 1999 laying down the procedures for the exercise of implementing powers conferred on the Commission (OJ L 184, 17.7.1999, p. 23).~~

¹⁰⁸ ~~OJ L 158, 23.6.1990, p. 56.~~

↓ 596/2009 Airteagal 1 agus
Iarscríbhinn .2(2)

~~4. The formats and the minimum information for the reports provided for in paragraph 2 shall be determined having special regard to the measures referred to in Article 3(2), Article 5(2) and (3), Article 7(2), Article 8, Article 9(6) and (7) and Article 15(1), and shall if necessary be amended in accordance with the management procedure referred to in Article 12(2).~~

↓ 1998/83

~~5. The Commission shall examine the Member States' reports and, every three years, publish a synthesis report on the quality of water intended for human consumption in the Community. That report shall be published within nine months of the receipt of the Member States' reports.~~

↓ 596/2009 Airteagal 1 agus
Iarscríbhinn .2(2)

~~6. Together with the first report on this Directive as mentioned in paragraph 2, Member States shall also produce a report to be forwarded to the Commission on the measures they have taken or plan to take to fulfil their obligations pursuant to Article 6(3) and Annex I, Part B, note 10. As appropriate, a proposal on the format of this report shall be submitted in accordance with the management procedure referred to in Article 12(2).~~

↓ 1998/83

~~Article 14~~

~~Timescale for compliance~~

~~Member States shall take the measures necessary to ensure that the quality of water intended for human consumption complies with this Directive within five years of its entry into force, without prejudice to Notes 2, 4 and 10 in Annex I, Part B.~~

~~Article 15~~

~~Exceptional circumstances~~

~~1. A Member State may, in exceptional circumstances and for geographically defined areas, submit a special request to the Commission for a period longer than that laid down in Article 14. The additional period shall not exceed three years, towards the end of which a review shall be carried out and forwarded to the Commission which may, on the basis of that review, permit a second additional period of up to three years. This provision shall not apply to water intended for human consumption offered for sale in bottles or containers.~~

~~2. Any such request, grounds for which shall be given, shall set out the difficulties experienced and include, as a minimum, all the information specified in Article 9(3).~~

↓ 596/2009 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn .2(2)

~~3. That request shall be examined in accordance with the management procedure referred to in Article 12(2).~~

↓ 1998/83

~~4. Any Member State which has recourse to this Article shall ensure that the population affected by its request is promptly informed in an appropriate manner of the outcome of that request. In addition, the Member State shall, where necessary, ensure that advice is given to particular population groups for which the request could present a special risk.~~

↓ nua

Airteagal 21

Pionóis

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar bhearta náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Faoin ... [2 bhliain ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo], tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

↓ 1998/83 (oiriúnaithe)

Airteagal ~~17~~22

Trasú ~~sa dlí náisiúnta~~

1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagal 2 agus Airteagal 5 go hAirteagal 21 agus Iarscríbhinn I go hIarscríbhinn IV a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin ... [2 bhliain ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo] an Treoir seo a chomhlíonadh laistigh de dhá bhliain ón tráth a dtiocfaidh sé i bhfeidhm. Cuirfidh siad téacs na mbeart sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairtí iontu don Treoir seo nó gabhfaidh an tagairt na tagairtí sin leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Áireoidh siad chomh maith ráiteas go ndéanfar tagairtí i bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin atá ann cheana maidir leis na Treoracha arna n-aisghairm leis an Treoir seo a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo. Leagfaidh na Ballstáit síos na modhanna chun na tagairtí sin a dhéanamh Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh agus conas a dhéanfar an ráiteas sin a leagan amach .

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs ~~anna~~ phríomhfhórála an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal ~~16~~ 23

Aisghairm

1. Déantar Treoir ~~80/778/CEE~~ 98/83/CE, mar a leasaítear leis na hionstraimí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn V, a aisghairm leis seo le héifeacht ón [an lá tar éis an dáta a luaitear sa chéad fhomhír d'Airteagal 22(1)] ~~eúig bliana ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo. Faoi réir mhír 2, beidh an aisghairm seo ina oibleagáid ar na Ballstáit gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama maidir le spriodhataí chun na Treoracha a leagtar amach ~~in Iarscríbhinn I~~ i gCuid B d'Iarscríbhinn V a thrasú sa dlí náisiúnta.~~

Déanfar ~~an~~ tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar ~~thagairt~~ thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a ~~leagtar amach~~ in Iarscríbhinn VI.

~~As soon as a Member State has brought into force the laws, regulations and administrative provisions necessary to comply with this Directive and has taken the measures provided for in Article 14, this Directive, not Directive 80/778/EEC, shall apply to the quality of water intended for human consumption in that Member State.~~

↓ nua

2. Maidir le maoluithe a dheonaigh Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir 98/83/CE agus atá fós i bhfeidhm faoin [an dáta deiridh chun an Treoir seo a thrasú], leanfaidh siad d'fheidhm a bheith leo go dtí go dtiocfaidh deireadh leis na maoluithe sin. Ní fhéadfar iad a athnuachan arís.

↓ 1998/83 (oiriúnaithe)

Airteagal ~~18~~ 24

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an ~~204~~ fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* an Aontais Eorpaigh .

Airteagal ~~25~~ 19

Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán